2025/1191

25.6.2025

CINNEADH (AE) 2025/1191 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Feabhra 2025

maidir le Státchabhair SA. 33769 – C/2015 (ex NN/2015) (ex CP/2011) arna chur chun feidhme ag an Rómáin le haghaidh Aerfort Târgu Mureş na Trasalváin

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 1127)

(Is é an téacs Rómáinise amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 108(2) de,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, agus go háirithe Airteagal 62(1), pointe (a), de,

Tar éis a iarraidh ar na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thíolacadh de bhun na forála thuasluaite ([1]) agus ag féachaint dá gcuid barúlacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Imeachtaí ar an gcistiú poiblí líomhnaithe d'Aerfort Târgu Mureş na Trasalváin sa tréimhse 2007-2009

(1) An 17 Bealtaine 2010, thug an Rómáin fógra don Choimisiún, de réir Airteagal 108(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('Conradh' nó 'CFAE'), faoi scéim chabhrach lena ndéantar foráil maidir le tacaíocht phoiblí i bhfabhar aerfoirt réigiúnacha bheaga lena n-áirítear Aerfort Târgu Mureş na Trasalváin ('Aerfort Târgu Mureş', 'ATM' nó an 'tAerfort'). Cláraíodh an fógra faoi chás-uimhir N 185/2010.

(2) I litir dar dáta an 24 Bealtaine 2011, chuir an Coimisiún in iúl don Rómáin go raibh cinneadh déanta aige tús a chur leis an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a leagtar síos in Airteagal 108(2) CFAE, faoi chás-uimhir SA.30931 (2011/C), ('Cinneadh Tosaigh 2011') ([2]) i leith na scéime ar tugadh fógra fúithi maidir le cistiú poiblí chun tacú le forbairt bonneagair aerfoirt in aerfoirt réigiúnacha bheaga, chomh maith leis an maoiniú poiblí chun caillteanais oibriúcháin arna ndeonú d'aerfoirt réigiúnacha le linn na tréimhse 2007-2009 a chumhdach, rud ar tharraing an Rómáin aird an Choimisiúin air le linn chéim réamh-mheasúnaithe an fhógra. Ina dhiaidh sin, ghlac an Coimisiún ceartúchán ar an gcinneadh sin an 23 Meitheamh 2011.

(3) I litir dar dáta an 25 Iúil 2011, tharraing an Rómáin a fógra siar. Dá bhrí sin, an 31 Deireadh Fómhair 2011, chuir an Coimisiún clabhsúr lena imscrúdú i leith an bhirt ar tugadh fógra faoi. Bhí an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil fós ar oscailt a mhéid a bhaineann leis an gcistiú poiblí a deonaíodh d'aerfoirt réigiúnacha na Rómáine sa tréimhse 2007 – 2009 chun caillteanais oibriúcháin a chumhdach.

([1]) Cinneadh SA.33769 (2015/C) (ex 2015/NN) (ex 2011/CP) ón gCoimisiún – An Rómáin – Cabhair líomhnaithe d'Aerfort Târgu Mureş na Trasalváin, Wizz Air, Ryanair agus aerlínte eile (IO C 104, 18.3.2016, lch. 45) (arna cheartú ag an gCoimisiún trí Cheartúchán a glacadh an 23 Meitheamh 2011) agus Cinneadh (AE) ón gCoimisiún maidir le Státchabhair SA.30931 (11/C) (ex N 185/10) arna chur chun feidhme ag an Rómáin le haghaidh aerfoirt réigiúnacha na Rómáine (IO C 207, 13.7.2011, lch. 3).

([2]) IO C 207, 13.7.2011, lch. 3.

(4) Le cinneadh dearfach deiridh an 27 Meán Fómhair 2016 ('Cinneadh Críochnaitheach 2016'), ([3]) chuir an Coimisiún clabhsúr leis an imscrúdú i gcás SA.30931 maidir leis na haerfoirt uile lena mbaineann, cé is moite d'Aerfort 'Avram Iancu' in Cluj ('Aerfort Cluj' nó 'AICN') agus ATM.

(5) Dá bhrí sin, bhí an t-imscrúdú ar an gcistiú poiblí chun caillteanais oibriúcháin ATM a chumhdach idir 2007 agus 2009 fós ar oscailt agus déanfar measúnú air sa Chinneadh seo.

1.2. Imeachtaí ar na bearta cabhrach líomhnaithe do na haerlínte a oibríonn in Aerfort Târgu Mureş na Trasalváin, d'Aerfort Târgu Mureş na Trasalváin agus dá Bhainisteoir Aerfoirt

(6) An 13 Deireadh Fómhair 2011, fuair an Coimisiún gearán i gcomhréir le hAirteagal 108(3) CFAE, maidir le Státchabhair neamhdhleathach líomhnaithe a bhaineann le ATM. Cláraíodh an gearán faoi chás-uimhir SA. 33769. Rinneadh an gearán a fhorlíonadh le tuilleadh faisnéise don Choimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2011, an 18 Deireadh Fómhair 2011, an 3 Samhain 2011, an 24 Samhain 2011, an 10 Eanáir 2012, an 8 Samhain 2012

(7) An 1 Márta 2012, fuair an Coimisiún an dara gearán faoi státchabhair neamhdhleathach líomhnaithe a deonaíodh don aerlíne Wizz Air agus do ATM. Sholáthair an dara gearánach faisnéis bhreise don Choimisiún an 2 Aibreán 2012, an 20 Aibreán 2012, agus an 15 Deireadh Fómhair 2012. Cláraíodh an gearán seo agus an fhaisnéis fhorlíontach freisin faoi chás-uimhir SA. 33769.

(8) An 15 Deireadh Fómhair 2012, fuair an Coimisiún an tríú gearán faoi Státchabhair neamhdhleathach líomhnaithe a deonaíodh do ATM. Cuireadh faisnéis bhreise leis an ngearán an 7 Nollaig 2012, an 26 Feabhra 2013, an 27 Feabhra 2013, an 18 Meán Fómhair, an 5 Nollaig 2013, an 12 Feabhra 2015 agus an 18 Feabhra 2015. Cláraíodh an gearán sin agus an fhaisnéis fhorlíontach freisin faoi chás-uimhir SA. 33769.

(9) Rinneadh roinnt malartuithe idir an Coimisiún, údaráis na Rómáine agus gach ceann de na gearánaigh sa tréimhse 2011 - 2015.

(10) I litir dar dáta an 31 Iúil 2015, chuir an Coimisiún an Rómáin ar an eolas faoina chinneadh tús a chur leis an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a leagtar síos in Airteagal 108(2) CFAE i ndáil leis na muirir aerfoirt a fhorchuirtear ar aerlínte a oibríonn ag ATM, maoiniú poiblí an SLEG a deonaíodh do bhainisteoir an aerfoirt le haghaidh na dtréimhsí 2011-2014 agus 2014-2019 agus maoiniú poiblí cheannach an bhonneagair láimhseála ar an talamh in 2011 agus saoráidí páirceála ag ATM ('Cinneadh Tosaigh 2015'). ([4])

(11) I litir dar dáta an 26 Lúnasa 2015, d'iarr údaráis na Rómáine go gcuirfí síneadh leis an spriocdháta chun a seasamh a chur ar fáil.

(12) Ar deireadh, fuair an Coimisiún barúlacha ón Rómáin an 2 Deireadh Fómhair 2015.

(13) Foilsíodh Cinneadh Tosaigh 2015 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* an 18 Márta 2016. D'iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt faoi na bearta i gceist laistigh de 1 mhí amháin tar éis an dáta foilsithe.

(14) Fuair an Coimisiún barúlacha ó Carpatair agus ó údaráis na Rómáine an 15 Aibreán 2016, ó Wizz Air an 2 Bealtaine 2016 agus ó Aerfort Cluj an 3 Bealtaine 2016.

(15) Tharchuir an Coimisiún barúlacha na dtríú páirtithe chuig an Rómáin an 22 Lúnasa 2016. An 22 Meán Fómhair 2016, thug an Rómáin a freagra ar na barúlacha.

(16) D'iarr an Coimisiún faisnéis bhreise ar údaráis na Rómáine i litir dar dáta an 24 Deireadh Fómhair 2017. Thug údaráis na Rómáine freagra an 19 Feabhra 2018.

([3]) Cinneadh (AE) 2017/1149 an 27 Meán Fómhair 2016 maidir le Státchabhair SA.30931 (11/C) (ex N 185/10) arna chur chun feidhme ag an Rómáin le haghaidh aerfoirt réigiúnacha na Rómáine (IO L 166, 29.6.2017, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2017/1149/oj).

([4]) Státchabhair – an Romáin – Státchabhair SA.32963 (2015/C) (ex 2012/NN) (ex 2011/CP) – Státchabhair do Wizz Air agus Aerfort Cluj-Napoca – Cuireadh chun barúlacha a chur isteach de bhun Airteagal 108(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (IO C 104, 18.3.2016, lch. 77).

1.3. **Céimeanna nós imeachta is coiteann do Chinntí Tosaigh 2011 agus 2015**

(17) Fuair an Coimisiún faisnéis bhreise ó údaráis na Rómáine an 26 Feabhra 2020. Reáchtáil seirbhísí an Choimisiúin teileachomhdháil le húdaráis na Rómáine an 13 Márta 2020 agus sheol siad iarraidh ar fhaisnéis bhreise an 5 Bealtaine 2020. Thug údaráis na Rómáine freagra an 5 Meitheamh 2020.

(18) D'iarr an Coimisiún faisnéis bhreise ar údaráis na Rómáine i litreacha dar dáta an 14 Feabhra, an 4 Márta, an 30 Iúil agus an 25 Meán Fómhair 2024. Thug údaráis na Rómáine freagra an 24 Márta, an 12 Aibreán, an 30 Lúnasa agus an 22 Deireadh Fómhair 2024.

2. **TÂRGU MUREŞ AGUS CONTAE MUREŞ**

2.1. **Forléargas**

(19) Is cathair í Târgu Mureş ina bhfuil 116 000 áitritheoir ([5]) i gContae Mureş. Feidhmíonn sé mar lárionad riaracháin an chontae agus meastar gur mol eacnamaíoch for-réigiúnach é.

(20) Baineann contae Mureş le Réigiún Lárnach na Rómáine (nó '*Centru*' sa Rómáinis). Cuimsíonn an réigiún sin contaetha Alba, Brasov, Covasna, Harghita, agus Sibiu freisin. Suite go lárnach sa Rómáin, tá an réigiún ar comhfhad ó thrasnuithe teorann éagsúla.

2.2. **Treochtaí daonra agus feidhmíocht eacnamaíoch**

(21) Tá laghdú seasta tagtha ar dhaonra Chontae Mureş le blianta beaga anuas. In 1990, measadh go raibh 621 445 áitritheoir sa chontae. Faoi 2010 bhí an líon sin tite go 580 672. Faoi 2020, tháinig laghdú breise ar an daonra go 557 200, agus léiríonn réamh-mheastacháin laghdú go 436 600 faoi 2050. Meastar freisin go dtiocfaidh laghdú suntasach ar an meitheal in aois oibre (15–61 bhliain), ó 397 400 in 2010 go 255 300 faoi 2050 — laghdú 35,8 %. ([6])

(22) Le linn na chéad deich mbliana den 21ú haois, ba é fás OTI Chontae Mureş an dara ceann is ísle i measc na gcontaetha sa Lár-Réigiún, go mór taobh thiar de Bhúcairist. ([7])

2.3. **Bonneagar bóithre**

(23) Amhail ó mhí na Nollag 2009, bhí 2,098 gciliméadar de bhóithre i gContae Mureş, a chuimsíonn 414 chiliméadar de bhóithre náisiúnta agus 1,684 chiliméadar de bhóithre contae. Mar sin féin, níor aicmíodh ach 425 chiliméadar mar bhonneagar 'nua-aimseartha'. ([8])

(24) Tráth an imscrúdaithe, ní raibh naisc thapa ag an mbonneagar bóithre i gContae Mureş leis an gcuid eile den tír. Ba é E60 an t-aerbhealach Eorpach ba shuntasaí a chuaigh trí Târgu Mureş, a nascann teorainn na hUngáire ag Borş le cathracha amhail Oradea, Cluj-Napoca, Târgu Mureş, Braşov, Ploieşti, Búcairist, agus Constanţa. Bhí rochtain ag Contae Mureş freisin ar roinnt príomhchonairí iompair eile: E68 (teorainn na hUngáire a nascadh le Sibiu, Braşov, agus cathracha móra eile), E81 (ag nascadh na Bulgáire leis an Rómáin, ag dul trí Bhúcairist, Pitesti, agus Cluj-Napoca), agus E574 agus E58, a nascann príomhchathracha agus teorainneacha sa réigiún. ([9])

([5]) Sonraí 2021.

([6]) Gníomhaireacht Forbartha an Lár-Réigiúin. Anailís Dhéimeagrafach ar an Réigiún Láir. Éagothromaíochtaí geodhéimeagrafacha. Treochtaí agus Réamhaisnéisí (2010).
Ar fáil ag 31ycx_Analiza si prognoza demografica.pdf.

([7]) Níor mhéadaigh an OTI ach 39,2 % ó 1999 go 2007 i gcomparáid le 102 % i Réigiún Alba agus 84,7 % i gContae Sibu agus faoi bhun mheán an réigiúin, 59,9 %.
Eolas ó Ghníomhaireacht Forbartha an Lár-Réigiúin. Dífhostaíocht sa Lár-Réigiún – Cúiseanna agus Treochtaí (2010).
Le fáil ag: pqn30_somaj.pdf.

([8]) Gníomhaireacht Forbartha an Lár-Réigiúin. Bonneagar iompair. Príomhthosca i bhforbairt inbhuanaithe an Réigiúin Láir (2011).
Le fáil ag: Microsoft Word - Coperta studiu Infrastructura de transport.

([9]) Plean Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe Bhardas Târgu Mureş
Le fáil ag: PMUD Târgu Mureş.

(25) I measc na bhforbairtí bonneagair amach anseo a bhí bhí pleanáilte an tráth sin bhí Mórbhealach A3 na Trasalváin (i Rómáinis *Autostrada A3*) arbh é ab aidhm dó Búcairist a nascadh le teorainn na hUngáire trí Braşov, Târgu Mureş, agus Cluj-Napoca, ag dul trí Chontae Mureş. Ina theannta sin, d'fheabhsódh an mórbhealach a pleanáladh go dtí an Mholdóiv na naisc idir Târgu Mureş agus cathracha cosúil le Roman, Iaşi, agus teorainn na Moldóive. ([10])

(26) Tráth an imscrúdaithe, ní fhéadfadh na sreafaí tráchta a ghineann Aerfort Târgu Mureş na Trasalváin (ATM) lár chathair Târgu Mureş a sheachaint, rud a raibh tionchar diúltach aige ar shoghluaisteacht an Chontae in éineacht le droch-chaighdeán na seirbhísí iarnróid. Thairis sin, i mí na Nollag 2018, ní raibh ATM nasctha ach le bealach amach A3.

3. AERFORT TÂRGU MUREŞ

3.1. An tAerfort

(27) Tá Aerfort Târgu Mureş na Trasalváin suite 14 km siar ó dheas ó Târgu Mureş. Is bonneagar tábhachtach é do nascacht réigiúnach réigiún na Trasalváin, agus tacaíonn sé le go leor post a bhaineann le hearnáil na seirbhísí eitlíochta.

(28) Tá ATM lonnaithe 450 km ar comhfhad ó phríomhchathracha an réigiúin i gcoitinne – atá lonnaithe 450 km ó Bhéalgrád, Búdaipeist, Búcairist agus Císineá. Freastalaíonn an t-aerfort ar réigiún ina bhfuil roinnt contaetha, mar shampla Mureş, Harghita, Covasna, codanna de Bistrita, Brasov, Suceava agus Sibiu, le daonra iomlán de thart ar 2.7 milliún duine.

(29) Is iad a leanas na haerfoirt is gaire, Aerfort Cluj, atá thart ar 103 km ar shiúl, nó thart ar 1 uair 30 nóiméad i gcarr, agus Aerfort Idirnáisiúnta Sibiu, atá thart ar 120 km ar shiúl, nó thart ar 1 uair 50 nóiméad i gcarr. Tá gach aerfort mór eile níos mó ná 2 uair an chloig ar shiúl i gcarr. Taispeántar líon na bpaisinéirí ag ATM don tréimhse 2005-2019 sa tábla thíos.

Tábla 1

Líon na bpaisinéirí ag ATM idir 2005 agus 2019 ([11])

2005	2006	2007	2008	2009	2010	2011	2012
12 408	46 882	156 929	69 945	84 062	74 353	257 303	300 427

2013	2014	2015	2016	2017	2018	2019
356 656	343 521	336 694	287 412	566	63 794	179 066

(30) Idir 2005 agus 2019, bhí roinnt aerlínte ag soláthar eitiltí sceidealta ón Aerfort. Tugtar tuairisc sna míreanna seo a leanas ar ghníomhaíochtaí na bpríomh-aerlínte a thairgeann eitiltí rialta ag ATM.

(31) Chuir Wizz Air tús le hoibríochtaí ag an Aerfort i mí an Mheithimh 2006 le haerbhealach chuig Búdaipeist agus leathnaigh sé a ghníomhaíochtaí go cúig aerbhealach eile in 2007. I mí na Samhna 2007, chuir Wizz Air deireadh lena ghníomhaíocht ag an Aerfort. Sa bhliain 2008, chuir Wizz Air tús arís le hoibríochtaí ag an Aerfort le cúig aerbhealach nua. In 2009 agus 2010, níor oibrigh Wizz Air ach aerbhealach Bhúdaipeist. In 2011, mhéadaigh Wizz Air a sheirbhísí trí aerbhealaí a athoscailt agus aerbhealaí nua a chur leo, ocht gcinn san iomlán. Ó shin i leith, tá Wizz Air gníomhach ag an Aerfort, ag oibriú ocht go deich n-aerbhealach ar an meán go dtí gur dúnadh an tAerfort go teicniúil in 2017. Tar éis do ATM seirbhísí tráchtála a athoscailt, d'oibrigh Wizz Air ceithre aerbhealach ó ATM in 2018 agus 2019.

([10]) Plean Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe Bhardas Târgu Mureş
Le fáil ag : PMUD Târgu Mureş.

([11]) Tá na huimhreacha deiridh le haghaidh na mblianta 2007-2009 beagán difriúil leis na huimhreacha ó Chinneadh Críochnaitheach 2016 ar bhonn soiléirithe arna soláthar ag an Rómáin. Baineann an laghdú ar líon na bpaisinéirí i mí na Samhna 2016 le dúnadh sealadach an aerfoirt chun an rúidbhealach agus an naprún a athchóiriú agus gach eitilt chuig Aerfort Cluj a chur ar ceal nó a aistriú. Críochnaíodh an obair i mí an Mheithimh 2018.
Foinse:https://www.aeroportultransilvania.ro/wp-content/uploads/2014/05/Raportul-anual-al-administratorilor-cu-privire-la-bilantul-31-12-2016.pdf.

(32) In 2013, d'oibrigh Ryanair dhá aerbhealach chuig Charleroi agus Pisa agus níor choinnigh sé ar bun ach an t-aerbhealach chuig Charleroi go dtí lár 2014, nuair a scoir sé dá ghníomhaíochtaí ag an Aerfort agus níor oibrigh sé aon aerbhealach ó 2014 i leith.

(33) D'oibrigh Malev aerbhealach chuig Búdaipeist ó 2005 go 2012.

(34) D'oibrigh TAROM aerbhealach chuig Búcairist ó 2005 go 2014 agus in 2018 agus 2019.

(35) D'oibrigh Carpatair nasc le Timisoara ó 2005 go 2008.

(36) Ina theannta sin, thairg roinnt aerlínte eitiltí cairtfhostaithe sa tréimhse 2005 go 2019 chuig an Danmhairg (Cimber Air agus Wideroe), chuig an Éigipt (Air Arabia, TAROM agus Air Bucharest), chuig Iosrael (Sun D'Or) agus chuig an Tuirc (Corendon agus TAROM).

(37) Níor oibríodh aon eitilt lasta ag an aerfort le linn na tréimhse atá faoi imscrúdú. Is trí thrácht idirthurais ar bhóithre den chuid is mó a rinneadh iompar lastais.

3.2. **Bainisteoir an Aerfoirt**

(38) Ó 1990 go 2019, is é Regia Autonomă 'Aeroportul Transilvania' Târgu-Mureș bainisteoir ATM. ([12]) Cosúil le mórchuid na n-aerfort sa Rómáin, bhí ATM mar chuid de Chuideachta na nAerfort Réigiúnach sa Rómáin ('RAATR') faoi mhaoirseacht Aireacht Iompair na Rómáine go dtí 1997.

(39) Faoi Chinneadh Uimh. 398/1997 ó Rialtas na Rómáine ('Cinneadh Rialtais 1997'), ([13]) rinneadh 13 aerfort laistigh de struchtúr RAATR a fho-ordú d'údaráis phoiblí áitiúla, i.e. do *Consilii Județene* nó do chomhairlí contae. Áiríodh leis sin ATM, a bhí faoi réir Chomhairle Contae Mureș. Dá bhrí sin, ón 6 Lúnasa 1997 go 2019, d'oibrigh Bainisteoir an Aerfoirt faoi údarás Chomhairle Contae Mureș. ([14]) Beartaíodh i gCinneadh Rialtais 1997 go gcuirfear maoiniú Bhainisteoirí an Aerfoirt ar fáil óna bhfoinsí féin agus, ina theannta sin, ó leithdháiltí ó bhuiséad áitiúil na gcomhairlí contae, laistigh de theorainn na méideanna a formheasadh chun na críche sin. ([15]) Bhí an córas airgeadais, an misean agus sannadh Bhainisteoirí an Aerfoirt go léir mar an gcéanna do na haerfoirt go léir. ([16])

(40) De réir Chinneadh Rialtais 1997 ([17]), ghlac Contae Mureș sócmhainní agus dliteanais an aerfoirt ar láimh an 30 Meitheamh 1997. ([18]) Áiríodh ar na sócmhainní a aistríodh an críochfort, an rúidbhealach, na bealaí innlithe agus na hardáin bhordála agus liostaíodh iad ina dhiaidh sin mar shócmhainní Chontae Mureș.

(41) Is iad cúraimí Bhainisteoir an Aerfoirt bonneagar an aerfoirt a chothabháil agus a oibriú. Soláthraíonn sé seirbhísí aerfoirt agus gearrann sé muirear ar úsáideoirí (oibreoirí eitlíochta tráchtála agus úsáideoirí neamhthráchtála 'eitlíocht ghinearálta') as bonneagar den sórt sin a úsáid.

(42) In 2011, cuireadh soláthar SLEG ('SLEG 2011') ar iontaoibh ATM le Cinneadh Réigiúnach Uimh. 107/2011 an 18 Lúnasa 2011 ó Chomhairle Contae Mureș, ('Cinneadh Réigiúnach Lúnasa 2011' nó 'Iontaobhas SLEG 2011'). Bhí an Cinneadh sin i bhfeidhm ón 18 Lúnasa 2011 go dtí an 30 Deireadh Fómhair 2014.

([12]) Is duine dlítheanach féinrialaitheach é i gcomhréir le hAirteagail 2 agus 3 de Dhlí na Rómáine Uimh. 15/1990, maidir le haonaid eacnamaíocha Stáit a atheagrú mar chorparáidí uathrialacha agus mar chuideachtaí tráchtála.
([13]) Cinneadh Uimh. 398/1997 ó Rialtas na Rómáine maidir le haistriú riarachán aerfoirt uathrialach áirithe ó údarás na hAireachta Iompair chuig údarás comhairlí contae.
([14]) Cinneadh Uimh. 37/11.09.1997 ó Chomhairle Contae Mureș.
([15]) Airteagal 3 de Chinneadh Rialtais 1997.
([16]) Airteagal 3 agus Iarscríbhinn II (Creat-Rialachán maidir le heagrú agus feidhmiú Bhainisteoirí an Aerfoirt) de Chinneadh Rialtais 1997.
([17]) Airteagal 1(2) de Chinneadh Rialtais 1997.
([18]) Iarscríbhinn 3 a ghabhann le Cinneadh Rialtais 1997.

(43) Cuireadh an dara SLEG ('SLEG 2014') ar iontaoibh Bhainisteoir an Aerfoirt le Cinneadh Uimh. 161/2014 ó Chomhairle Contae Mureș an 30 Deireadh Fómhair 2014 arna leasú le Cinneadh Uimh. 67/2015 ó Chomhairle Contae Mureș an 18 Meitheamh 2015 ('Cinneadh Réigiúnach mhí Dheireadh Fómhair 2014' nó 'Iontaobhas SLEG 2014'). Bhí an Cinneadh sin bailí go dtí an 9 Bealtaine 2019.

4. CUR SÍOS MIONSONRAITHE AR NA BEARTA

(44) Cumhdaítear cúig bheart leis an gCinneadh seo ([19]):

— Beart 1 – Maoiniú ATM sa tréimhse 2007-2009

— Beart 2 – Maoiniú an bhonneagair láimhseála ar an talamh le haghaidh ATM in 2011

— Beart 3 – Maoiniú ATM faoi Iontaobhas SLEG 2011 ó mhí Lúnasa 2011 go dtí mí Dheireadh Fómhair 2014

— Beart 4 – Maoiniú ATM faoi Iontaobhas SLEG 2014 ó mhí Dheireadh Fómhair 2014 go dtí an 31 Iúil 2019

— Beart 5 – Muirir aerfoirt ar aerlínte a oibríonn ag ATM ón 21 Márta 2013 go dtí an 16 Feabhra 2019.

4.1. Beart 1 - Maoiniú ATM sa tréimhse 2007 - 2009

(45) Mhínigh údaráis na Rómáine go raibh aerfoirt réigiúnacha bheaga uile na Rómáine ag cailleadh airgid go ginearálta le linn na tréimhse 2007-2009, agus gur chumhdaigh an Stát a gcaillteanais oibriúcháin ar bhonn bliantúil. ([20])

(46) Go sonrach i gcás ATM, cuirtear i láthair sa tábla thíos an toradh oibriúcháin don tréimhse thagartha chomh maith leis an gcistiú poiblí a deonaíodh.

Tábla 2

Toradh oibriúcháin ATM agus maoiniú poiblí le linn 2007 – 2009 (RON)

Bliain	2007	2008	2009	Iomlán
Costais oibriúcháin	4 855 746	6 143 528	7 135 784	18 135 058
Ioncam oibriúcháin	2 979 561	2 016 657	2 018 773	7 014 991
Torthaí an easnaimh/an chaillteanais oibríochta	(1 876 185)	(4 126 871)	(5 117 011)	(11 120 067)
Méid an chúitimh a íocadh as cistí poiblí	1 838 540	4 305 247	4 722 536	10 866 323
Bearna chistiúcháin nach gcumhdaítear le cistí poiblí/róchúiteamh	(37 645)	178 376	(394 475)	(253 744)
Bearna chistiúcháin nach gcumhdaítear le cistí poiblí/róchúiteamh (EUR)	(11 286)	48 440	(93 056)	(152 783)

([19]) Ós rud é go mbaineann an cinneadh seo le dhá chinneadh tosaigh, tá atheagrú déanta ag an gCoimisiún ar uimhriú na mbeart atá i gCinneadh Tosaigh 2015 chun an inléiteacht a fheabhsú.

([20]) Féach aithris 29 de Chinneadh Tosaigh 2011.

(47) San iomlán, fuair ATM RON 10 866 323 (EUR 2 834 420 ([21])) ó Bheart 1 le linn na tréimhse 2007-2009. Cé gur dúnadh toradh 2008 le róchúiteamh, bhí an cúiteamh iomlán le haghaidh na 3 bliana sin níos ísle ná toradh na hoibríochta, rud a d'fhág bearna chistiúcháin RON 253 744 (EUR 152 783).

(48) De réir na Rómáine, ba chúiteamh é an maoiniú poiblí a deonaíodh go bliantúil sa tréimhse 2007 – 2009 chun SLEG a sholáthar, arb é a bhí ann bainistíocht fhoriomlán ATM, agus chomhlíon sé na coinníollacha a leagtar síos i gCinneadh 2005/842/CE ón gCoimisiún an 28 Samhain 2005 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 86(2) de Chonradh CE [Airteagal 106(2) CFAE anois] ar Státchabhair i bhfoirm cúiteamh seirbhíse poiblí arna dheonú do ghnóthais áirithe a gcuirtear ar a n-iontaoibh SLEGeanna a oibriú ('Cinneadh SLEG 2005'). ([22])

(49) Go háirithe:

(a) Cuireadh oibriú SLEG de chúram ar Bhainisteoir an Aerfoirt le Cinneadh Rialtais 1997 lena leagtar síos na hoibleagáidí seirbhíse poiblí, na paraiméadair chun an cúiteamh a ríomh agus na socruithe chun aon róchúiteamh a sheachaint;

(b) Níor sháraigh an trácht bliantúil ag an Aerfort 1 000 000 paisinéir.

(50) Leagtar amach i gCinneadh Rialtais 1997 go gcumhdófaí costais oibriúcháin agus chaipitil na n-aerfort atá i gceist le hacmhainní dílse arna bhforlíonadh le maoiniú poiblí a mhéid is gá. Measann an Rómáin go gcuireann an sásra sin cosc ar róchúiteamh a mhéid nach féidir leis na haerfoirt ach an méid is gá a fháil chun na costais uile a chumhdach. Íoctar na méideanna sin leis na haerfoirt ag tús na bliana, ar bhonn réamhaisnéisí costas agus tugtar aon bharrachas ar ais don Stát ag deireadh na bliana airgeadais. Don tréimhse atá i gceist, formheasadh buiséad an aerfoirt trí chinneadh ó Chomhairle Contae Mureș.

(51) Le haghaidh 2007, formheasadh buiséad an aerfoirt le Cinneadh Uimh. 3 an 25 Eanáir 2007 ó Chomhairle Contae Mureș, lena bhformheastar buiséad Chomhairle Contae Mureș agus na méideanna arna leithdháileadh chun cláir forbartha aonaid chríochacha riaracháin Chontae Mureș a chómhaoiniú le haghaidh 2007.

(52) Le haghaidh 2008, formheasadh buiséad an aerfoirt le Rún Uimh. 56 an 27 Márta 2008, ó Chomhairle Contae Mureș, maidir le buiséad ioncaim agus caiteachais 2008 de chuid Riarachán Réigiún Féinrialaitheach Aerfort 'Transylvania-Târgu Mureș', chomh maith leis na cuspóirí agus na critéir feidhmíochta do Stiúrthóir an Réigiúin.

(53) Le haghaidh 2009, formheasadh buiséad an aerfoirt le Cinneadh Uimh. 37 an 29 Aibreán 2009 ó Chomhairle Contae Mureș maidir le formheas bhuiséad ioncaim agus caiteachais Riarachán Regia Autonomă Aeroportul 'Transylvania Mureș' le haghaidh 2009.

4.2. **Beart 2 - Maoiniú an bhonneagair láimhseála ar an talamh in 2011**

(54) Tugadh ar aird i gCinneadh Tosaigh 2015 go bhfuair Bainisteoir an Aerfoirt tacaíocht phoiblí do mhaoiniú an bhonneagair láimhseála ar an talamh de mhéid iomlán RON 3 038 362 (EUR 716 747). De réir na Rómáine, d'fhormheas Comhairle Contae Mureș na híocaíochtaí sin sular glacadh Cinneadh Réigiúnach Uimh. 107/2011 an 18 Lúnasa 2011 ó Chomhairle Contae Mureș, a chuir soláthar SLEG ar iontaoibh ATM, mar a mhínítear in aithris 42.

(55) Mhínigh an Rómáin, chun a hoibleagáidí mar sholáthraí seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a chomhlíonadh, go bhfuil sé d'oibleagáid ar aon aerfort íosleibhéal an bhonneagair láimhseála ar an talamh is gá a sholáthar chun freastal ar ghluaiseachtaí aerárthaí atá díolmhaithe de réir an dlí ó mhuirir aerfoirt. ([23]) Thairis sin, mhínigh údaráis na Rómáine go raibh maoiniú an bhonneagair láimhseála ar an talamh teoranta do chostas iarbhír an trealaimh, mar a léirítear sa tábla thíos.

([21]) Déantar an ráta malairte sa chinneadh seo a ríomh mar an meánráta malairte oifigiúil bliantúil EUR/RON i gcomhréir leis na luachanna arna dtairiscint ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE). I ndáil leis sin, is iad seo a leanas na rátaí malairte a chuirtear i bhfeidhm: 3,34 (2007), 3,68 (2008) agus 4,24 (2009).

([22]) IO L 312, 29.11.2005, lch. 67, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2005/842/oj.

([23]) Féach aithris 143 de Chinneadh Tosaigh 2015.

Tábla 3

Cistiú poiblí an bhonneagair láimhseála ar an talamh in 2011 (RON)

	Costas measta, CBL san áireamh	Costas measta, gan CBL	Luach CBL (sciar 24 %)	Luach na tacaíochta poiblí arna tairiscint, CBL san áireamh
Busanna naprúin	205 823	165 986	39 836	205 823
Cairt Bagáiste do Phaisinéirí	59 163	47 712	11 451	59 163
An tAonad Cumhachta Talún (500 kVA)	179 676	144 900	34 776	179 676
Staighrí féinghluaiste	919 823	741 800	178 023	919 823
Aonad dí-oighrithe	1 673 876	1 349 900	323 976	1 673 876
IOMLÁN	**3 038 362**	**2 450 299**	**588 062**	**3 038 362**
IOMLÁN EUR	**716 747**	**578 023**	**138 723**	**716 747**

(56) San iomlán, fuair ATM RON 2 450 299 (EUR 578 023) ([24]) in 2011 ó Bheart 2.

(57) Mhínigh an Rómáin, de réir shonraí chláir chuntasaíochta an riaracháin, nár áiríodh méid RON 588 062 lena léirítear CBL in-asbhainte i gcostas an bhonneagair láimhseála ar an talamh a ceannaíodh in 2011, agus an luach sin á asbhaint ón gcáin bhreisluacha atá dlite do bhuiséad an stáit agus á athbhunú ina dhiaidh sin ag údarás poiblí rialaithe Chomhairle Contae Mures.

4.3. Beart 3 – Maoiniú ATM faoi Iontaobhas SLEG 2011 ó mhí Lúnasa 2011 go dtí mí Dheireadh Fómhair 2014

(58) Faoi Airteagal 1(2) de Chinneadh Réigiúnach Lúnasa 2011, is SLEG iad na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanann an tAerfort:

(a) tógáil bonneagair agus trealaimh aerfoirt: rúidbhealaí, críochfoirt, rampaí, túr rialaithe tráchta nó suiteálacha a thacaíonn leo go díreach: saoráidí múchta dóiteáin, trealamh slándála agus sábháilteachta;

(b) an bonneagar, an trealamh agus na suiteálacha a thacaíonn go díreach leo a oibriú, lena n-áirítear bonneagar an aerfoirt a chothabháil, a dheisiú, a uasghrádú nó a riar;

(c) seirbhísí coimhdeacha a sholáthar le haghaidh aeriompair, cé is moite de sheirbhísí láimhseála ar an talamh;

(d) seirbhísí rialaithe aerthrácht, seirbhísí múchta dóiteáin, seirbhísí éigeandála, sábháilteacht a sholáthar;

(e) a áirithiú, i gcomhréir leis an dlí, go bhfuil na spásanna agus na fóntais is gá ann do na húdaráis phoiblí atá i mbun gníomhaíochtaí sonracha rialaithe ag an aerfort;

([24]) Déantar an ráta malairte sa chinneadh seo a ríomh mar an meánráta malairte oifigiúil bliantúil EUR/RON i gcomhréir leis na luachanna arna dtairiscint ag BCE. I ndáil leis sin, is é 4 2391 na rátaí malairte a cuireadh i bhfeidhm don bhliain 2011.

(f) próiseáil eitiltí ag aerárthaí atá díolmhaithe go dlíthiúil ó mhuirir aerfoirt a íoc ([25]), lena n-áirítear paisinéirí na n-eitiltí sin a phróiseáil;

(g) an trealamh seirbhíse ar an talamh is gá a fháil agus a chothabháil le haghaidh aerárthaí atá díolmhaithe go dlíthiúil ó mhuirir aerfoirt a íoc; agus

(h) bonneagar an aerfoirt a chosaint.

(59) De réir údaráis na Rómáine, ní de chineál eacnamaíoch iad na gníomhaíochtaí faoi phointí d) go h) thuas agus tagann siad faoi raon feidhme chumhachtaí an údaráis phoiblí.

(60) Maidir le pointí f) agus g) luann údaráis na Rómáine go bhfuil catagóirí áirithe aerárthaí díolmhaithe go dlíthiúil ó gach cáin agus muirear aerfoirt, lena n-áirítear muirir láimhseála ar an talamh, ag aerfoirt uile na Rómáine.

(61) I gcomhréir le hAirteagal 1(3) de Chinneadh Réigiúnach Lúnasa 2011, ní fhéadfar tacú le gníomhaíochtaí tráchtála nach mbaineann go díreach le gníomhaíochtaí an Aerfoirt ([26]). Thairis sin, cuimsítear in Airteagal 4 de Chinneadh Réigiúnach Lúnasa 2011 sásra chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcúiteamh chun na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh agus chun róchúiteamh a sheachaint. Cuirtear san áireamh i ríomh an chúitimh na costais uile a tabhaíodh agus na gníomhaíochtaí a bhaineann leis an SLEG a dhéanamh, mar aon le sciar comhfhreagrach de na costais choiteanna. Áireofar san ioncam a bheidh le cur san áireamh chun an cúiteamh a chinneadh an t-ioncam uile ó na gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an SLEG agus aon bhrabús ó ghníomhaíochtaí seachas iad siúd a bhaineann leis an SLEG.

(62) Chuir údaráis na Rómáine i dtábhacht gur ceanglaíodh ar Bhainisteoir an Aerfoirt cuntais ar leithligh a choinneáil le haghaidh na ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an SLEG agus le haghaidh gníomhaíochtaí tráchtála, agus aon mhéid róchúitimh a d'fhéadfadh a bheith ann a d'aimsigh aon chomhlacht rialaithe a thabhairt ar ais, lena n-áirítear an roinn speisialaithe d'údarás poiblí na tíre. Deimhníonn Bainisteoir an Aerfoirt gur ullmhaíodh ráitis airgeadais 2011 agus na ráitis airgeadais ina dhiaidh sin i gcomhréir leis na prionsabail go ndeighltear costais an SLEG agus na hioncaim uathu siúd a bhaineann le gníomhaíochtaí tráchtála.

(63) Ina theannta sin, i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 158/2012 ón gComhairle Contae lena bhformheastar buiséad ioncam agus costas Bhainisteoir an Aerfoirt, cuireadh ar iontaoibh Chomhairle Contae Mureș seiceálacha a dhéanamh agus na ráitis airgeadais arna gcur isteach ag Bainisteoir an Aerfoirt a fhormheas, chun róchúiteamh a sheachaint agus chun a fhíorú gur chomhlíon Bainisteoir an Aerfoirt a oibleagáidí seirbhíse poiblí. I bhfianaise thorthaí na seiceálacha sin, iarrfaidh Comhairle Contae Mureș ar Bhainisteoir an Aerfoirt aon róchúiteamh a aisíoc nó, más gá, athbhreithniú ar na gníomhaíochtaí a bhaineann leis an SLEG a mholadh.

(64) De réir na ráiteas airgeadais bliantúil a d'ullmhaigh ATM agus a d'fhíoraigh údaráis na Rómáine, cuirtear toradh oibriúcháin ATM le haghaidh na tréimhse ina raibh Iontaobhas SLEG 2011 i bhfeidhm i láthair thíos in Tábla 4. Mar is féidir a fheiceáil sa tábla thíos, cé go raibh an cúiteamh dearfach sa chéad bhliain, ní fhritháirítear leis leibhéal na gcaillteanas iomlán le haghaidh na mblianta ina raibh an SLEG i bhfeidhm.

([25]) De réir Airteagal 3(2) de Chód Eitlíochta na Rómáine, ag aerfoirt atá oscailte do thrácht tráchtála, díolmhaítear na cineálacha aerárthaí seo a leanas ó mhuirear paisinéirí, muirear tuirlingthe, muirear páirceála agus soilsithe agus muirear seirbhísí aerloingseoireachta a íoc: a) Aerárthaí míleata de chuid na Rómáine; b) Aerárthaí míleata eachtracha, de bhua comhaontuithe déthaobhacha arna dtabhairt i gcrích ar iarratas ón Aireacht Cosanta; c) Aerárthaí a iompraíonn ionadaithe Stáit ina gcáil oifigiúil; d) Aerárthaí a bheidh ag eitilt ar mhaithe leis na Náisiúin Aontaithe, leis an gCros Dhearg nó leis an gCorrán Dearg; e) Aerárthaí a dhéanann misin chuardaigh agus tarrthála; f) Aerárthaí a dhéanann misin dhaonnúla agus chúnaimh; g) Aerárthaí nach mór dóibh tuirlingt de dheasca deacrachtaí teicniúla, dálaí meitéareolaíochta nó staideanna éigeandála eile; h) Aerárthaí ag tuirling ar threoir ón Aireacht Iompair agus/nó ón Aireacht Cosanta; i) Cineálacha eile aerárthaí mar a leagtar síos leis an dlí. Faoi Airteagal 31(4), níl feidhm ag na díolúintí a leagtar síos ag litreacha a) - c) ach amháin ag aerfoirt inarb é Stát na Rómáine an scairshealbhóir tromlaigh.

([26]) Cé gur ceadaíodh cabhair infheistíochta freisin le hIontaobhas SLEG 2011, tá raon feidhme an Chinnidh seo teoranta don mheasúnú ar an gcabhair oibriúcháin suas leis na méideanna a shocraítear i dTábla 4.

Tábla 4

Toradh oibriúcháin ATM agus cistiú poiblí le linn Iontaobhas SLEG 2011 (RON)

Tréimhse	2011	2012	2013	Mí Eanáir - Mí Dheireadh Fómhair 2014	Iomlán
Costais oibriúcháin	7 924 410	10 517 504	11 605 800	9 115 644	39 163 358
Ioncam oibriúcháin	3 064 460	5 012 189	5 939 214	5 030 556	19 046 419
Toradh na hoibríochta/ Caillteanas	(4 859 950)	(5 505 315)	(5 666 586)	(4 085 088)	(20 116 939)
Méid an chúitimh	4 951 625	5 367 648	5 606 274	3 592 570	19 518 117
Bearna chistiúcháin nach gcumhdaítear leis an gcúiteamh	91 675	(137 667)	(60 312)	(492 518)	(598 822)
Bearna chistiúcháin nach gcumhdaítear leis an gcúiteamh (EUR)	21 626	(30 871)	(13 648)	(110 977)	(134 699)

(65) San iomlán, fuair ATM RON 19 518 117 (EUR 4 449 930) ([27]) le linn 2011- Deireadh Fómhair 2014 ó Bheart 3.

4.4. Beart 4 - Maoiniú ATM faoi Iontaobhas SLEG 2014 ón 30 Deireadh Fómhair 2014 go dtí an 9 Bealtaine 2019

(66) Faoi Airteagal 1(2) de Chinneadh Réigiúnach mhí Dheireadh Fómhair 2014, is SLEG ag ATM iad na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) riarachán, gnáthchothabháil, deisiú, nuachóiriú, leathnú agus tógáil limistéar gluaiseachta aerárthaí (rúidbhealach, naprúin, ardáin), túr rialaithe, críochfoirt, an gléasra leictreach, arna riar ag an rialtas agus trealamh gaolmhar: córais agus trealamh sábháilteachta agus slándála, córais leictreacha, soilsiú rúidbhealaigh, líonraí fóntais, córais comhraicthe dóiteáin, córas rialaithe agus faireacháin;

(b) sreabha paisinéirí i gcríochfoirt an aerfoirt a eagrú, a threalmhú, a chothabháil agus a oibriú, seirbhísí sábháilteachta agus slándála a sholáthar;

(c) na seirbhísí láimhseála ar an talamh d'aerárthaí atá faoi úinéireacht an stáit, lena n-áirítear trealamh gaolmhar a sholáthar ([28]);

(d) bonneagar an aerfoirt a chosaint;

(e) na hoibríochtaí cuardaigh agus tarrthála ag áitreabh an aerfoirt;

(f) saoráidí gardála agus slándála le haghaidh éigeandálaí, cosc agus rialú dóiteáin;

(g) na limistéir, na saoráidí agus an bonneagar a theastaíonn ón riarachán custaim, ó na póilíní teorann, ó na póilíní aeriompair, ón Aireacht Gnóthaí Baile agus ó Sheirbhís Faisnéise na Rómáine a sholáthar chun a ngníomhaíochtaí sonracha a dhéanamh; agus

(h) oibriú saor in aisce le haghaidh eitiltí stáit, eitiltí míleata laistigh d'aireachtaí agus seirbhísí rialtais áirithe, eitiltí éigeandála agus cásanna eile a rialaítear go dlíthiúil.

([27]) Déantar an ráta malairte sa chinneadh seo a ríomh mar an meánráta malairte oifigiúil bliantúil EUR/RON i gcomhréir leis na luachanna arna dtairiscint ag BCE. I ndáil leis sin, is iad seo a leanas na rátaí malairte a chuirtear i bhfeidhm: 4.24 (2011), 4.46 (2012), 4.42 (2013) agus 4.44 (2014).

([28]) A mhéid a bhaineann leis an láimhseáil ar an talamh, d'áitigh an Rómáin nach bhfuil aon fhoráil dhlíthiúil ann lena dtoirmisctear go sainráite láimhseáil ar an talamh a áireamh sa chatagóir seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta. Is seirbhís chúnta aerfoirt í an ghníomhaíocht láimhseála ar an talamh don aeriompar agus in éagmais na seirbhíse sin, ní bheadh Aerfort Târgu Mureș in ann a oibleagáidí seirbhíse poiblí ar chuir Comhairle Contae Mureș ar a n-iontaoibh a urscaoileadh.

(67) De réir údaráis na Rómáine, tarraingíodh suas SLEG 2014 i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm rialacha státchabhrach an Aontais Eorpaigh maidir le cúiteamh a dheonaítear chun seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a sholáthar ([29]), agus i gcomhréir le creat an Aontais Eorpaigh maidir le Státchabhair i bhfoirm cúiteamh seirbhíse poiblí ('Creat SLEG 2012') ([30]) agus Treoirlínte 2014 maidir le Státchabhair d'aerfoirt agus d'aerlínte ('Treoirlínte Eitlíochta 2014') á gcur san áireamh freisin. ([31]) Le Cinneadh Réigiúnach mhí Dheireadh Fómhair 2014, ceadaítear deontais le haghaidh costais infheistíochta agus oibriúcháin araon, mar chúiteamh ar chur i gcrích an SLEG.

(a) Faoi Airteagal 4(2) de Chinneadh Réigiúnach mhí Dheireadh Fómhair 2014, cúitítear costais infheistíochta a bhaineann leis an SLEG ar bhonn na bearna chistiúcháin i gcomhréir le plean gnó Bhainisteoir an Aerfoirt suas le déine 75 % de na costais incháilithe.

(b) Faoi Airteagal 4(4) de Chinneadh Réigiúnach mhí Dheireadh Fómhair 2014, socraítear maoiniú poiblí na gcostas oibriúcháin go bliantúil ar bhonn na bearna cistiúcháin oibriúcháin a bhaineann le gníomhaíochtaí SLEG ar bhonn phlean gnó Bhainisteoir an Aerfoirt. De réir Airteagal 4(5), ní fhéadfaidh an cúiteamh le haghaidh costais oibriúcháin sna chéad 5 bliana dul thar 80 % den easnamh oibriúcháin le linn na 5 bliana roimhe sin, agus 50 % den easnamh oibriúcháin sin le haghaidh na 5 bliana ina dhiaidh sin.

(c) Faoi Airteagal 4(7) de Chinneadh Réigiúnach mhí Dheireadh Fómhair 2014, ní féidir leis an méid cúitimh (le haghaidh costais oibriúcháin agus infheistíochta araon) a bheith níos mó ná an méid is gá chun na costais a thabhaítear agus oibleagáidí seirbhíse poiblí á gcomhlíonadh a chumhdach. De réir Airteagal 4(9), ní bheidh sa chostas atá le cur san áireamh ach na costais sin a bhaineann lean SLEG agus ranníocaíocht chomhréireach na gcostas coiteann. Dá réir sin, de réir Airteagal 4(10) cuimsítear leis an ioncam atá le cur san áireamh le haghaidh an chúitimh an t-ioncam uile a bhaineann leis an SLEG, ach aon bhrabús ó ghníomhaíochtaí neamhghaolmhara eile de chuid an aerfoirt freisin. Ar deireadh, de réir Airteagal 4(11), ní rachaidh an cúiteamh thar an difríocht idir na costais agus an t-ioncam thuasluaite chun róchúiteamh féideartha a sheachaint.

(68) De réir Airteagal 2(2) agus 2(3), chumhdódh SLEG 2014 tréimhse 10 mbliana ar dtús, i.e. go dtí an 4 Aibreán 2024 chun bheith i gcomhthráth leis an 'idirthréimhse', mar a thugtar uirthi, le haghaidh cabhair oibriúcháin faoi Threoirlínte Eitlíochta 2014 agus bheartaigh sé go ndéanfaí athbhreithniú féideartha sna cásanna seo a leanas: (i) tar éis ceithre bliana ón iontaobhas tosaigh, (ii) más mó trácht an Aerfoirt ná 700 000 paisinéir in aghaidh na bliana; nó (iii) aon uair a cheanglaítear sin leis an reachtaíocht ábhartha. Mar sin féin, mar a luadh, níor fhan an Cinneadh Réigiúnach ó mhí Dheireadh Fómhair 2014 bailí ach go dtí an 9 Bealtaine 2019.

(69) Chuir údaráis na Rómáine faisnéis ar fáil maidir leis an bPlean Gnó do ATM lena gcumhdaítear an tréimhse 2014-2024 (an 'Plean Gnó').

Tábla 5

Táscairí eacnamaíocha ex ante lena bhfuil coinne atá beartaithe sa Phlean Gnó (RON)

	Samhain-Nollaig 2014	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024
Ioncaim ionchasacha bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil roimh an 30 Deireadh Fómhair 2014	846 516	4 846 379	6 332 114	7 573 193	8 245 434	9 082 977	9 521 429	9 829 847	10 437 231	11 075 896	12 025 874
Costais mheasta bunaithe ar fhaisnéis a bhí ar fáil roimh an 30 Deireadh Fómhair 2014	3 277 736	10 545 013	10 144 747	10 400 653	10 549 657	10 688 923	10 761 272	10 786 230	10 871 790	11 060 259	11 255 273

([29]) Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm rialacha an Aontais Eorpaigh maidir le Státchabhair ar chúiteamh arna dheonú as seirbhís ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne a sholáthar (IO C 8, 11.1.2012, lch. 4).

([30]) Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le creat de chuid an Aontais Eorpaigh maidir le Státchabhair i bhfoirm cúiteamh seirbhíse poiblí (IO C 8, 11.1.2012, lch. 15).

([31]) Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Treoirlínte maidir le Státchabhair d'aerfoirt agus d'aerlínte (2014) (IO C 99, 4.4.2014, lch. 3).

	Samhain-Nollaig 2014	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024
Bearna sa chistiú oibríochtúil a raibh coinne léi ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil roimh an 30 Deireadh Fómhair 2014	(2 431 220)	(5 698 634)	(3 812 633)	(2 827 460)	(2 304 223)	(1 605 946)	(1 239 843)	(956 383)	(434 559)	15 637	770 601
Cúiteamh measta	2 431 220	5 698 634	3 812 633	2 827 460	2 304 223	1 605 946	1 239 843	956 383	434 559	0	0
Cúiteamh measta (EUR)	547 818	1 281 859	849 025	618 862	495 105	338 450	256 266	194 335	88 120	0	0

(70) Cuirtear na méideanna iarbhír arna ndeonú ag údaráis na Rómáine faoi iontaobhas 2014 i láthair sa tábla thíos.

Tábla 6

Cistiú faoi Iontaobhas SLEG 2014

Cúiteamh	Samhain – Nollaig 2014	2015	2016	2017	2018	Eanáir – Aibreán 2019	Iomlán
RON	2 550 353	5 448 221	3 619 000	5 038 198	4 687 908	375 981	21 719 661
EUR	574 662	1 225 531	805 905	1 102 740	1 007 286	79 237	4 795 362

(71) San iomlán, fuair ATM RON 21 719 661 (EUR 4 795 362) ([32]) le linn mhí na Samhna 2014 - Aibreán 2019 ó Bheart 4.

(72) Mhínigh údaráis na Rómáine gurb é ba phríomhchúis leis an gcúiteamh iarbhír a bheith níos airde ná an cúiteamh measta *ex ante* le linn na tréimhse 2017-2018 mar gheall ar na srianta ar eitiltí agus fionraí iomlán na n-eitiltí idir mí na Samhna 2016 agus mí an Mheithimh 2018, nuair a bhí an rúidbhealach i staid neamh-chomhlíontachta teicniúla, agus a atógáil ina dhiaidh sin. An 25 Meitheamh 2018, cuireadh tús arís le gníomhaíocht oibríochtúil an aerfoirt tar éis tréimhse 12 mhí d'oibríochtaí eitilte srianta (17 Samhain 2016 - 4 Deireadh Fómhair 2017) agus tréimhse 8 mí d'fhionraí ar eitiltí (4 Deireadh Fómhair 2017 - 25 Meitheamh 2018).

4.5. Beart 5 - Muirir aerfoirt ar aerlínte a oibríonn ag ATM ón 21 Márta 2013 go dtí an 16 Feabhra 2019

(73) Tugann údaráis na Rómáine an méid seo a leanas le fios:

(a) Le Cinneadh Rialtais Uimh. 455 an 4 Bealtaine 2011, bhunaigh Stát na Rómáine na prionsabail choiteanna maidir le muirir aerfoirt a thobhach ag aerfoirt sa Rómáin. De réir an phíosa reachtaíochta sin, cuirfear muirir aerfoirt i bhfeidhm ar bhealach neamh-idirdhealaitheach ar gach úsáideoir aerfoirt. Thairis sin, beidh sé de cheart ag bainisteoirí aerfoirt muirir aerfoirt a oiriúnú do ghnéithe áirithe den leas poiblí agus ginearálta, lena n-áirítear gnéithe comhshaoil, ar bhonn critéar a bheidh ábhartha, oibiachtúil agus trédhearcach. ([33]) Ar deireadh, leis an gCinneadh Rialtais ceapadh *Regia Autonomă 'Autoritatea Aeronautică Civilă Română'* (i.e. údarás Eitlíochta Sibhialta na Rómáine) mar údarás maoirseachta neamhspleách, atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm fhorálacha Chinneadh Rialtais Uimh. 455. ([34])

([32]) Déantar an ráta malairte sa chinneadh seo a ríomh mar an meánráta malairte oifigiúil bliantúil EUR/RON i gcomhréir leis na luachanna arna dtairiscint ag BCE. I ndáil leis sin, is iad seo a leanas na rátaí malairte a cuireadh i bhfeidhm: 4.44 (2014), 4.46 (2015), 4.49 (2016), 4.57 (2017), 4.65 (2018), 4.75 (2019), 4.84 (2020), 4.92 (2021) AGUS 4.93 (2022).

([33]) Airteagal 5 de Chinneadh Rialtais Uimh. 455 an 4 Bealtaine 2011.

([34]) Airteagal 14 de Chinneadh Rialtais Uimh. 455 an 4 Bealtaine 2011.

(b) Tá feidhm ag Ordú Uimh. 744/2011 ó Aireacht Iompair agus Bonneagair na Rómáine an 23 Meán Fómhair 2011 ('Ordú 2011 ón Aireacht Iompair'), maidir leis na muirir aerfoirt seo a leanas: (i) an táille tuirlingthe; ([35]) (ii) an taraif soilsithe, ([36]) (iii) an táille pháirceála, ([37]) (iv) an taraif seirbhíse paisinéirí, ([38]) (v) an taraif forbartha, ([39]) (vi) an taraif idirthurais ([40]) agus (vii) an táille aistrithe ([41]). ([42]) Soiléirítear leis an Ordú gur le bainisteoir an aerfoirt an cinneadh aon cheann de na muirir aerfoirt a luadh roimhe sin a chur i bhfeidhm. Ar deireadh, sonraítear san Ordú go bhféadfaidh bainisteoir aerfoirt muirir aerfoirt a thabhairt isteach i roinnt coinníollacha sonracha ([43]) agus gur cheart iad sin a chur i bhfeidhm ar bhealach neamh-idirdhealaitheach agus gan saobhadh iomaíochta idir úsáideoirí.

(c) Cuireadh Ordú 2011 na hAireachta Iompair chun feidhme le haghaidh ATM le Cinneadh Uimh. 25/2012 ó Chomhairle Contae Mureș an 29 Feabhra 2012 ('Cinneadh Réigiúnach mhí Feabhra 2012)'). De réir an Chinnidh sin, cuirfear na muirir aerfoirt i bhfeidhm ar bhealach trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach ar úsáideoirí uile bhonneagar an aerfoirt agus déanfaidh Comhairle Contae Mureș iad a fhormheas. ([44])

(d) Socraíodh leibhéal na muirear aerfoirt le Cinneadh Uimh. 83/2012 ó Chomhairle Contae Mureș an 6 Iúil 2012, ('Cinneadh Réigiúnach mhí Iúil 2012') lena bhformheastar cinneadh Bhord Stiúrthóirí ATM Uimh. 7/26 mí an Mheithimh 2012. Ní raibh feidhm aige ach amháin maidir leis na haerlínte a oibríonn ag ATM. Tháinig an cinneadh sin in ionad Chinneadh Uimh. 26/2011 ó Chomhairle Contae Mureș an 24 Márta roimhe sin ('Cinneadh Réigiúnach mhí an Mhárta 2011').

([35]) Leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le hOrdú 2011 ón Aireacht Iompair na coinníollacha seo a leanas maidir leis an táille tuirlingthe:
- (a) Ríomhtar an táille ar bhonn mheáchan uasta deimhnithe éirí de thalamh an aerárthaigh.
- (b) Déanfar neamhaird ar chodáin de thona is lú ná 500 kg agus measfar gur tona amháin iad na cinn is mó ná 500 kg; déanfar aerárthaí a bhfuil uasmhais éirí de thalamh níos lú ná 500 kg acu a mhuirearú ar thona amháin.
- (c) Toibhítear an muirear ar thuirlingt amháin agus ar éirí de thalamh amháin agus tá an sealbhóir i dteideal an méid seo a leanas a dhéanamh:
  - úsáid saoráidí agus suiteálacha aerfoirt, cé is moite de shoilsiú;
  - úsáid limistéar agus saoráidí críochfoirt, seachas iad sin a mhuirearaítear ar leithligh;
  - páirceáil aerárthaigh, ach gan í a bheith níos mó ná dhá uair an chloig tar éis tuirlingthe.
- (d) Áireofar sa mhuirear freisin, i gcás inarb infheidhme, costais an aerfoirt le haghaidh infheistíocht chaipitiúil agus oibreacha cothabhála a bhaineann le dromchlaí gluaiseachta aerárthaí.
- (e) Chun minicíocht mhéadaithe oibríochtaí a spreagadh, féadfaidh comhlacht bainistíochta an aerfoirt lascainí suas le 50 % a chur i bhfeidhm ar an muirear ar thuirlingt, ag brath ar líon na ngluaiseachtaí, in incrimintí suas le 5 %.

([36]) Leagtar amach in Iarscríbhinn 1 d'Ordú 2011 ón Aireacht Iompair na coinníollacha seo a leanas maidir leis an taraif soilsithe:
- (a) Déanfar an muirear a ríomh ar mheáchan uasta deimhnithe éirí de thalamh an aerárthaigh.
- (b) Déanfar neamhaird ar chodáin d'aon tona amháin níos lú ná 500 kg agus measfar gur tona amháin iad siúd ar mó iad ná 500 kg; gearrfar tona amháin ar aerárthaí a bhfuil uasmhais éirí de thalamh níos lú ná 500 kg acu.
- (c) Toibheofar an muirear ar gach tuirlingt agus gach éirí de thalamh ag baint úsáid as suiteáil soilsithe an aerfoirt agus/nó feistí soilsithe an aerfoirt.

([37]) Leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le hOrdú 2011 ón Aireacht Iompair na coinníollacha seo a leanas maidir leis an táille pháirceála:
- (a) Déanfar an muirear a ríomh de réir uasmheáchan deimhnithe éirí de thalamh an aerárthaigh agus an eatraimh ar an seastán.
- (b) Déanfar neamhaird ar chodáin d'aon tona amháin níos lú ná 500 kg agus measfar gur tona amháin iad siúd ar mó iad ná 500 kg; muirearófar tona amháin ar aerárthaí a bhfuil uasmhais éirí de thalamh níos lú ná 500 kg acu.

([38]) Leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le hOrdú 2011 ón Aireacht Iompair na coinníollacha seo a leanas maidir leis an taraif seirbhíse do phaisinéirí:
- (a) Toibheofar an muirear ar gach paisinéir a rachaidh ar bord ag an aerfort agus a imeoidh ón aerfort sin.
- (b) Níl feidhm ag an muirear maidir le paisinéirí idirthurais, paisinéirí aistrithe agus leanaí faoi bhun 2 bhliain d'aois.

([39]) Leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le hOrdú 2011 ón Aireacht Iompair na coinníollacha seo a leanas maidir leis an taraif forbartha:
- (a) Toibheofar an muirear ar gach paisinéir a rachaidh ar bord ag an aerfort, agus a imeoidh ón aerfort, agus foilseofar é in éineacht leis an tréimhse iarratais.
- (b) Toibheofar an muirear ar feadh ré na gcuspóirí infheistíochta dá gcuirtear i bhfeidhm é.
- (c) Socrófar an muirear ar bhealach trédhearcach, lena gcuirfear úsáideoirí aerfoirt ar an eolas faoi na cuspóirí infheistíochta a bheidh le maoiniú leis an muirear agus faoi fhad an mhuirir.

([40]) Leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le hOrdú 2011 ón Aireacht Iompair na coinníollacha seo a leanas maidir leis an taraif idirthurais:
- (a) Toibhítear an muirear ar gach paisinéir a théann ar bord ag an aerfort agus a aistríonn ón aerfort sin.
- (b) Níl feidhm ag an muirear maidir le leanaí faoi bhun 2 bhliain d'aois.
- (c) Áireofar sa mhuirear freisin, i gcás inarb infheidhme, costais an aerfoirt chun críoch infheistíochta a bhaineann le hoibríochtaí aistrithe, chomh maith le costais slándála aerfoirt a bhaineann le paisinéirí traschuir.

([41]) Leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le hOrdú 2011 ón Aireacht Iompair na coinníollacha seo a leanas maidir leis an táille aistrithe:
- (a) Toibheofar an muirear ar bhordáil gach paisinéara ag an aerfort agus ar thraschur gach paisinéara ag an aerfort sin.
- (b) Ní bheidh feidhm ag an muirear maidir le leanaí faoi bhun 2 bhliain d'aois.
- (c) Áireofar sa mhuirear freisin, i gcás inarb infheidhme, costais an aerfoirt chun críoch infheistíochta a bhaineann le hoibríochtaí aistrithe, faoi réir na gceanglas a leagtar amach i bpointe 5(b) agus (c), chomh maith le costais slándála aerfoirt a bhaineann le paisinéirí traschuir.

([42]) Airteagal 1(3) d'Ordú 2011 ón Aireacht Iompair.

([43]) Airteagal 4(1) d'Ordú 2011 ón Aireacht Iompair agus Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis.

([44]) Airteagal 10(8) de Chinneadh Réigiúnach mhí Feabhra 2012.

(e) Cuireadh Cinneadh Réigiúnach mhí Iúil 2012 faoi bhráid na hAireachta Gnóthaí Baile le haghaidh rialú dlíthiúlachta, mar a cheanglaítear leis an dlí. Níor luaigh an Aireacht aon ghné den neamhdhleathacht. Foilsíodh muirir aerfoirt an Chinnidh Réigiúnaigh ó mhí Iúil 2012 i bhFoilseachán Faisnéise Aerloingseoireachta na Rómáine ('AIP') an 20 Meán Fómhair 2012. Tháinig siad i bhfeidhm 6 mhí tar éis a bhfoilsithe i.e., an 21 Márta 2013, i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

(74) Faoi Chinneadh Réigiúnach Iúil 2012, ba é leibhéal na muirear aerfoirt an leibhéal a cuireadh i láthair in Tábla 7.

Tábla 7

Muirir aerfoirt ag ATM bunaithe ar Chinneadh Réigiúnach Iúil 2012

Muirear	Costas (EUR)
Tuirlingt	1,25 an tona
Soilsiú rúidbhealaigh	0,40 an tona
Páirceáil	0,15/tona/uair
An táille seirbhíse do phaisinéirí	1,00/paisinéir

(75) Dúirt údaráis na Rómáine nach bhfuair Bainisteoir an Aerfoirt an táille iomlán seirbhíse do phaisinéirí de EUR 1 in aghaidh an phaisinéara. As an méid sin, aistríodh EUR 0,275 in aghaidh an phaisinéara chuig an Ionad Imscrúduithe agus Anailíse um Shábháilteacht Eitlíochta Sibhialta agus aistríodh EUR 0,05 in aghaidh an phaisinéara ar bord chuig Údarás Aerloingseoireachta Sibhialta na Rómáine (i.e. aistríonn Bainisteoir an Aerfoirt EUR 0,325 san iomlán in aghaidh an phaisinéara ar bord chuig na heagraíochtaí sin).

(76) Faoi Chinneadh Réigiúnach mhí Iúil 2012, is féidir an muirear tuirlingthe Tábla 7 a lascainiú má dhéanann an aerlíne níos mó ná trí thuirlingt in aghaidh na míosa ag an Aerfort. Tairgeadh na lascainí gan beann ar chineál an aerárthaigh de réir an scála seo a leanas:

Tábla 8

Lascainí ar an muirear tuirlingthe ag ATM ar bhonn Chinneadh Réigiúnach mhí Iúil 2012

Líon na dtuirlingtí in aghaidh na míosa	Lascaine
3 – 5	5 %
6 – 10	10 %
11 – 15	15 %
16 – 20	20 %
21 – 25	25 %
26 – 30	30 %
31 – 35	35 %
36 – 40	40 %
41 – 45	45 %
Os cionn 46	50 %

(77) Sholáthair an Rómáin Doiciméad Réamhaisnéise Eacnamaíche ina sonraítear na hioncaim ó mhuirir aerfoirt le haghaidh 2011-2015, bunaithe ar shonraí iarbhír ex post le haghaidh 2011 agus réamhaisnéisí ex ante le haghaidh na tréimhse 2012 – 2015 ([45]). Rinneadh na réamhaisnéisí sin sular glacadh an Cinneadh Réigiúnach i mí Iúil 2012. Tráth a dréachtaíodh an Réamhaisnéis Eacnamaíoch, ba é Wizz Air an príomhiompróir sceidealaithe idirnáisiúnta, agus d'oibrigh sé aerárthaí Airbus 320 chuig ocht gceann scríbe: Maidrid, Barcelona, Milano (Bergamo), an Róimh, Páras, Búdaipeist, Dortmund agus Londain. D'oibrigh Tarom eitiltí rialta go Búcairist.

(78) Sa Phlean Bainistíochta a cuimsíodh sa Doiciméad Réamhaisnéise Eacnamaíche, beartaíodh méadú ar líon na n-oibríochtaí ó Wizz Air, trí München, Frankfurt agus Bologna (Forli) a chur leis na haerbhealaí agus trí cheithre cheann scríbe de chuid Ryanair a bhunú. Ina theannta sin, d'fhógair aerlíne eile, Air Patriot, go raibh sé ar intinn aige eitiltí a sheoladh ó ATM go Búcairist, Vín agus Iostanbúl ó mhí Eanáir 2013 ([46]).

Tábla 9

Na meánioncaim ionchais ar bhonn Chinneadh Réigiúnach mhí Iúil 2012 ([47])

Bliain	Uainíochtaí Wizz Air	Uainíochtaí Eile	Iomlán Ioncaim Wizz Air (EUR)	Iomlán Ioncaim eile (EUR)	Iomlán Ioncaim Wizz Air (RON)	Ioncaim iomlána eile (RON)
2011	884	130	419 356	61 880	1 811 492,11	358 555,46
2012	936	250	445 536	130 000	1 966 595,90	573 820,00
2013	1 001	350	476 476	182 000	2 102 212,11	808 298,40
2014	1 334	555	634 984	316 350	2 870 127,68	1 429 902,00
2015	1 666	700.	999 600	490 000	4 558 176,00	2 234 400,00

5. AN FORAS CHUN AN NÓS IMEACHTA IMSCRÚDAITHE FOIRMIÚIL A THIONSCNAMH

(79) I gCinneadh Tosaigh 2011, léirigh an Coimisiún amhras faoi cé acu a d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí Beart 1 (aithrisí 45 go 50 thuas) a mheas mar Bheart atá comhoiriúnach leis an margadh inmheánach.

(80) I gCinneadh Tosaigh 2015, léirigh an Coimisiún amhras an bhféadfaí Bearta 2 go 5 (aithrisí 54 go 78 thuas) a mheas mar Bhearta atá comhoiriúnach leis an margadh inmheánach.

5.1. Beart 1 - Maoiniú ATM sa tréimhse 2007 - 2009

(81) Léiríodh amhras i gCinneadh Tosaigh 2011 maidir leis an gcáilíocht SLEG i gcás ghníomhaíocht eacnamaíoch aerfoirt réigiúnacha na Rómáine, lena n-áirítear ATM, sa tréimhse 2007 - 2009.

(82) Chuir an Coimisiún amhras in iúl maidir le cé acu ar comhlíonadh nó nár comhlíonadh critéir chomhoiriúnachta Chinneadh SLEG 2005. Go háirithe, bhí imní ar an gCoimisiún faoi earráid fhollasach a d'fhéadfadh a bheith sa sainmhíniú ar SLEG, toisc nach raibh sé soiléir nach mbeadh na réigiúin lena mbaineann nasctha go leordhóthanach leis an gcuid eile den tír agus leis an Aontas murach na haerfoirt sin dá bhfágfaí faoi fhórsaí an mhargaidh amháin iad ([48]).

([45]) Mhínigh údaráis na Rómáine nár chumhdaigh an doiciméad ach 4 bliana toisc go raibh sé nasctha le téarma oifige an Bhoird Stiúrthóirí. Mhínigh an Rómáin go bhfuil sé sin comhsheasmhach le hAirteagal 8(1) d'Ordú Éigeandála Rialtais Uimh. 109/2011, lenar cuireadh teorainn 4 bliana le téarma oifige an bhoird bainistíochta.

([46]) Rinne Air Patriot an cinneadh aontaobhach gan oibriú ó ATM. Ní fios d'údaráis na Rómáine na cúiseanna atá leis an gcinneadh sin.

([47]) Sa tábla tá na sonraí iarbhír do 2011 agus an réamhaisnéis don tréimhse 2012-2015.

([48]) Aithrisí 107 agus 108 de Chinneadh Tosaigh 2011.

(83) Cuireadh deireadh leis an imscrúdú a tionscnaíodh le Cinneadh Tosaigh 2011 le Cinneadh Críochnaitheach 2016 maidir leis an maoiniú a dheonaigh údaráis na Rómáine idir 2007 agus 2009 d'aerfoirt Arad, Bacău, Baia Mare, Craiova, Iaşi, Oradea, Satu – Mare, Sibiu, Suceava, Tulcea agus Constanța.

(84) Thángthas ar an gconclúid i gCinneadh Críochnaitheach 2016 gur státchabhair atá sa chistiú poiblí do na haerfoirt thuasluaite, státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, arna chur chun feidhme de shárú ar Airteagal 108(3) CFAE. Fuarthas amach in imscrúdú an Choimisiúin nach raibh an cistiú poiblí d'aerfoirt na Rómáine i gcomhréir le Cinneadh SLEG 2005, le Cinneadh SLEG 2012 ([49]) ná le Creat SLEG 2012 toisc nár léirigh an Rómáin gur cuireadh oibleagáidí seirbhíse poiblí a bhí sainithe go soiléir ar iontaoibh bhainisteoirí an aerfoirt trí na gníomhartha iontaoibhe líomhnaithe ar ar bhraith sí. ([50]) Ina ionad sin, fuarthas go raibh an cistiú comhoiriúnach i bhfianaise Threoirlínte Eitlíochta 2014. ([51]) Dá bhrí sin, dearbhaíodh go raibh an chabhair comhoiriúnach leis an margadh inmheánach de bhun Airteagal 107(3), pointe (c), CFAE.

(85) Bhí an t-imscrúdú ar an gcistiú poiblí a deonaíodh do AICN agus ATM idir 2007 agus 2009 fós oscailte toisc gur mheas an Coimisiún go ndéanfaí measúnú níos fearr ar an mbeart atá i gceist i gcinntí críochnaitheacha ar leithligh lena gcumhdófaí freisin na bearta a imscrúdaíodh faoi Chinneadh Tosaigh 2015 ([52]).

5.2. **Beart 2 - Maoiniú an bhonneagair láimhseála ar an talamh in 2011**

(86) Mheas an Rómáin go raibh maoiniú seirbhísí láimhseála ar an talamh nasctha le cúraimí SLEG de chuid ATM. I ndáil leis sin, is cosúil gur bhain gach eitilt chuig ATM agus uaidh úsáid as an mbonneagar láimhseála ar an talamh atá i gceist agus go raibh sé nasctha le hoibriú ginearálta an aerfoirt.

(87) I gCinneadh Tosaigh 2015, chuir an Coimisiún a amhras in iúl maidir le cé acu a cuireadh nó nár cuireadh fíorsheirbhís phoiblí ar iontaoibh ATM agus tháinig sé ar an réamhchonclúid go bhféadfadh sé nach cúiteamh SLEG a bheadh i maoiniú poiblí seirbhísí láimhseála ar an talamh ansin.

(88) Rinne an Coimisiún measúnú breise ar mhaoiniú na seirbhísí láimhseála ar an talamh faoi Threoirlínte Eitlíochta 2005. Thug an Coimisiún an réamhthuairim nach mbeadh cistiú an bhonneagair láimhseála ar an talamh ina chostas incháilithe chun measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht na cabhrach infheistíochta ([53]) agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh an maoiniú ar neamhréir *prima facie* le Treoirlínte Eitlíochta 2005.

5.3. **Beart 3 – Maoiniú ATM faoi Iontaobhas SLEG 2011 ó mhí Lúnasa 2011 go dtí mí Dheireadh Fómhair 2014**

(89) Léiríodh amhras i gCinneadh Tosaigh 2015 maidir le comhlíontacht SLEG 2011 le breithiúnas Altmark ([54]) ós rud é nár roghnaíodh Bainisteoir an Aerfoirt tar éis nós imeachta tairisceana agus nach raibh aon fhianaise ann go raibh an cúiteamh bunaithe ar chostas ghnáthoibreoir aerfoirt a reáchtáiltear go maith.

(90) Ar bhonn a bhfuil thuas, mheas an Coimisiún nár comhlíonadh na ceithre choinníoll Altmark go carnach agus tháinig sé ar an réamhchonclúid nárbh fhéidir a eisiamh go raibh buntáiste ann.

([49]) IO L 7, 11.1.2012, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2012/21(1)/oj.
([50]) Aithrisí 111 go 113 agus 121 de Chinneadh Críochnaitheach 2016.
([51]) Dearbhaíodh go raibh na bearta comhoiriúnach i bhfianaise phointí 113, 129, 137 agus 172 de Threoirlínte Eitlíochta 2014.
([52]) Aithris 69 de Chinneadh Críochnaitheach 2016.
([53]) Pointí 53(iii) agus 55 de Threoirlínte Eitlíochta 2005.
([54]) Breithiúnas an 24 Iúil 2003, *Altmark Trans agus Regierungspräsidium Magdeburg*, C-280/00, ECLI:AE:C:2003:415.

(91) Thairis sin, cé gur mhaígh an Rómáin gur cúiteamh as soláthar SLEGeanna a thagann faoi Chinneadh SLEG 2005 a bhí sa mhaoiniú poiblí a deonaíodh do ATM le haghaidh na tréimhse 2011-2014, léirigh an Coimisiún amhras faoi cé acu a sainíodh nó nár sainíodh an cúiteamh go soiléir roimh ré ar bhealach trédhearcach oibiachtúil agus cé acu a bhí nó nach raibh sé comhréireach le costais an SLEG. Ar na cúiseanna céanna, chuir an Coimisiún in iúl go raibh amhras air go gcomhlíonfadh an beart na critéir a leagtar síos i gCreat SLEG 2012 agus thug sé an réamhthuairim nach féidir a mheas go bhfuil an chabhair comhoiriúnach faoi Chreat SLEG 2012 ([55]).

(92) Rinne an Coimisiún measúnú freisin ar chomhoiriúnacht an bhirt le forálacha Threoirlínte Eitlíochta 2014 ([56]) maidir le cabhair oibriúcháin a deonaíodh roimh theacht i bhfeidhm na dTreoirlínte sin. Chuir an Coimisiún amhras in iúl maidir le cé acu a bhí nó nach raibh an chabhair oibriúcháin a deonaíodh do ATM iomchuí chun cuspóir an leasa choitinn a bhaint amach, i bhfianaise na gaireachta idir AICN agus ATM. Chuir an Coimisiún amhras in iúl freisin an raibh an chabhair oibriúcháin i dtrácht teoranta don íosmhéid ba ghá agus bhí sé den réamhthuairim nár chomhlíon an beart na coinníollacha comhoiriúnachta a leagtar síos i dTreoirlínte Eitlíochta 2014.

5.4. Beart 4 - Maoiniú ATM faoi Iontaobhas SLEG 2014 ón 30 Deireadh Fómhair 2014 go dtí an 9 Bealtaine 2019

(93) Thug an Coimisiún dá aire gur sháraigh líon paisinéirí ATM 200 000 sna blianta roimh theacht i bhfeidhm Iontaobhas SLEG 2014 agus dá bhrí sin gur tháinig sé lasmuigh de raon feidhme Chinneadh SLEG 2012 de bhun Airteagal 2(1) de.

(94) Mheas an Coimisiún go raibh a sheasamh maidir le cúiteamh SLEG 2011 infheidhme *mutatis mutandis* freisin maidir le cúiteamh SLEG 2014. Go háirithe, ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil an tráth sin, chuir an Coimisiún amhras in iúl maidir le cé acu a shainmhínítear nó nach sainmhínítear i SLEG 2014 na hoibleagáidí seirbhíse poiblí ar bhealach soiléir agus trédhearcach, na paraiméadair chun an cúiteamh a ríomh agus na socruithe chun aon róchúiteamh a sheachaint agus cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann sé pointí 17 agus 18 de Chreat SLEG 2012.

(95) Rinne an Coimisiún measúnú ar chomhoiriúnacht an bhirt le Treoirlínte Eitlíochta 2014 agus mheas sé ag an gcéim sin nár áirithíodh comhlíontacht iomlán le ceanglais na dTreoirlínte maidir le cabhair infheistíochta agus cabhair oibriúcháin araon.

5.5. Beart 5 – Muirir aerfoirt ar aerlínte a oibríonn ag ATM ón 21 Márta 2013 go dtí an 16 Feabhra 2019

(96) A mhéid a bhaineann le leibhéal na muirear aerfoirt a tugadh isteach faoi Bheart 5, thug an Coimisiún an réamhthuairim i gCinneadh Tosaigh 2015 nár urramaíodh prionsabal oibreoir an gheilleagair margaidh ('MEOP'), rud a d'fhág gur deonaíodh buntáiste eacnamaíoch.

(97) Tháinig an Coimisiún ar an réamhthuairim go raibh an buntáiste eacnamaíoch a deonaíodh ar bhonn Chinneadh Réigiúnach 2012 roghnaitheach toisc nár deonaíodh é ach do chuideachtaí a bhaineann le cuid amháin den earnáil aeriompair, eadhon na haerlínte sin a eitlíonn amach as ATM. Ní raibh bonn cirt le cur chuige den sórt sin de bharr chineál agus loighic ghinearálta an chórais muirear aerfoirt. Cheistigh an Coimisiún leibhéal an mhuirir ar phaisinéirí EUR 1 in aghaidh an phaisinéara mar leibhéal an-íseal. Ina theannta sin, mheas sé roimh ré gur chosúil go raibh na lascainí bunaithe ar líon na dtuirlingtí in aghaidh na míosa i bhfabhar aerlínte a bhfuil roinnt aerbhealaí nó minicíochtaí arda acu. Bhí réamhchonclúid an Choimisiúin a cuireadh i láthair i gCinneadh Tosaigh 2015 bunaithe ar réasúnú i gcomhréir leis an gcásdlí bunaithe an tráth sin.

([55]) Aithris 218 de Chinneadh Tosaigh 2015.
([56]) Pointe 137 de Threoirlínte Eitlíochta 2014.

6. BARÚLACHA ÓN RÓMÁIN

6.1. Barúlacha ón Rómáin maidir le Cinneadh Tosaigh 2011 *(Beart 1)*

(98) I mbarúlacha na Rómáine maidir leis an gcinneadh tosaigh, tagraíodh den chuid is mó don amhras a chuir an Coimisiún in iúl maidir leis an scéim státchabhrach chun bonneagar a mhaoiniú d'aerfoirt a bhfuil trácht bliantúil níos lú ná 1 mhilliún paisinéir acu, ar tarraingíodh siar a bhfógra.

(99) A mhéid a bhaineann leis an gcistiú poiblí d'aerfoirt réigiúnacha na Rómáine, mar fhreagra ar thuairim an Choimisiúin ar dá réir a d'fhéadfadh an ró-iomarcaíocht fhollasach aerfort i réigiúin áirithe bac a chur ar fhorbairt na n-aerfort i gceist, d'áitigh an Rómáin gurb é staid na n-aerfort réigiúnach (a bhfuil trácht íseal acu nach ligeann dóibh leibhéal brabúsachta a bhaint amach) ba chúis go príomha le staid forbartha na réigiún ina raibh na haerfoirt sin lonnaithe, seachas leis an bhfad go dtí na haerfoirt chomharsanacha.

(100) Shoiléirigh an Rómáin freisin gur deonaíodh méideanna an tráth a rinneadh na gníomhaíochtaí ar bhonn doiciméadacht tacaíochta agus laistigh de theorainneacha an bhuiséid fhormheasta.

6.2. Barúlacha ón Rómáin maidir le Cinneadh Tosaigh 2015

6.2.1. *Maoiniú an bhonneagair láimhseála ar an talamh in 2011 (Beart 2)*

(101) Áitíonn údaráis na Rómáine go gcáilíonn costas an bhonneagair láimhseála ar an talamh go díreach do chúiteamh as SLEGeanna. Sonraíonn an Rómáin, chun seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a sholáthar, nach mór do gach aerfort a áirithiú go bhfuil íosmhéid bonneagair láimhseála ar an talamh aige chun freastal ar aerárthaí atá díolmhaithe de réir an dlí ó chánacha aerfoirt. Ní bheidh aerfoirt nach ndéanann amhlaidh in ann a gcuid gníomhaíochtaí a chur i gcrích go sábháilte agus go slán.

(102) Shoiléirigh údaráis na Rómáine le linn an imscrúdaithe fhoirmiúil gur úsáideadh an bonneagar le haghaidh ghníomhaíochtaí tráchtála an aerfoirt, ach nárbh é cuspóir na húsáide sin gníomhaíochtaí eacnamaíocha a mhéadú, ach na gníomhaíochtaí atá ann cheana a choinneáil ar leibhéal sásúil i gcomhréir leis na ceanglais shonracha eitlíochta.

6.2.2. *Gníomhartha Iontaoibhe SLEG (Bearta 3 agus 4)*

(103) Áitíonn údaráis na Rómáine go gcomhlíonann SLEG 2011 agus SLEG 2014 araon coinníollacha Altmark uile agus nach dócha go dtabharfaidh siad aon bhuntáiste do ATM. De réir na Rómáine, sa dá chás, sainíodh na hoibleagáidí seirbhíse poiblí ex ante go soiléir i ndoiciméid tarmligin na seirbhíse poiblí agus bunaíodh na sásraí chun an cúiteamh a ríomh chun róchúiteamh a sheachaint roimh ré.

(104) Maidir le SLEG 2011, shoiléirigh an Rómáin go bhfuil sé d'oibleagáid ar ATM cuntais ar leithligh a choinneáil ar ioncaim agus costais a bhaineann leis an SLEG agus údar a thabhairt leis an gcúiteamh a iarradh. Ina theannta sin, de réir údaráis na Rómáine, tá gníomhaíochtaí ATM faoi réir athbhreithniú tréimhsiúil chun bunús na gcostas agus comhlíonadh na n-oibleagáidí a fhíorú.

(105) I ndáil le hIontaobhas SLEG 2014, d'áitigh an Rómáin go gceanglaítear leis an ngníomh iontaoibhe plean gnó ilbhliantúil a ullmhú, ina léirítear laghdú de réir a chéile ar an gcúiteamh.

(106) Maidir le gaireacht ATM do AICN, d'áitigh an Rómáin cé gur cosúil go bhfuil an t-achar idir an dá aerfort sách gearr (103 km), go dtógann sé dhá uair an chloig chun an t-achar sin a thaisteal mar gheall ar na seanbhóithre agus an leibhéal tráchta méadaithe. Níl an t-iompar d'iarnród forbartha go maith agus níl aon nasc ardluais ann.

6.2.3. *Leibhéal na muirear aerfoirt (Beart 5)*

(107) De réir údaráis na Rómáine, cinneadh leibhéal na muirear tar éis anailís bhrabúsachta ex ante, inar cuireadh go leor cásanna frithfhíorasacha san áireamh, mar a dhéanfadh infheisteoir príobháideach stuama.

(108) Shoiléirigh údaráis na Rómáine gur cuireadh leibhéal na muirear i bhfeidhm ar bhealach neamh-idirdhealaitheach ar na haerlínte uile, gur foilsíodh in Iris Aerloingseoireachta na Rómáine é agus gur cuireadh Acht Iontaoibhe 2011 san áireamh ann.

6.2.4. *Maoiniú faoi Chinneadh Réigiúnach Uimh. 47/2013 ó Chomhairle Contae Mureș*

(109) Le Cinneadh Tosaigh 2015, iarradh ar údaráis na Rómáine soiléiriú a dhéanamh ar an gcistiú a cuireadh ar fáil faoi Chinneadh Réigiúnach Uimh. 47/2013 ó Chomhairle Contae Mureș, agus go háirithe ar cuimsíodh páirceáil gluaisteán nó aon bhonneagar eile ag ATM ann.

(110) Shoiléirigh údaráis na Rómáine nach gcuimsítear gníomhaíocht pháirceála an Aerfoirt laistigh de na gníomhaíochtaí aerloingseoireachta a leithdháiltear ar Bhainisteoir an Aerfoirt, agus dá bhrí sin, nár leithdháil Comhairle Contae Mureș cistí poiblí riamh chun an ghníomhaíocht pháirceála a mhaoiniú, ná le haghaidh infheistíochtaí ná chun costais oibriúcháin a chumhdach.

6.3. **Barúlacha ó pháirtithe leasmhara**

6.3.1. *Barúlacha ó pháirtithe leasmhara maidir le Cinneadh Tosaigh 2011*

6.3.1.1. Carpatair

(111) Áitíonn Carpatair go meastar go ginearálta go bhfuil cabhair oibriúcháin neamhdhleathach agus i gcoinne leas an Aontais, agus nár cheart í a dheonú ach amháin in imthosca eisceachtúla. Chuirfeadh sé isteach ar an tionscal cabhair oibriúcháin a dheonú d'aerfoirt, dar le Carpatair, ar na cúiseanna seo a leanas ([57]):

(1) chruthódh sé iomaíocht éagórach idir aerfoirt an Aontais agus cheadódh sé d'aerfort a bhaineann tairbhe as státchabhair aeriompróirí a mhealladh trí lascainí a thairiscint ar mhuirir aerfoirt. Ní bheadh aerfoirt nach mbaineann tairbhe as cabhair in ann dul in iomaíocht go héifeachtach le haeriompróirí;

(2) leis an mbeart, spreagfaí aerfoirt a fhaigheann cabhair oibriúcháin chun lascainí arda a dheonú ar mhuirir aerfoirt, agus ní dheonófaí na lascainí sin dá ngníomhódh na haerfoirt ar théarmaí an mhargaidh.

(112) Cuireann Carpatair in iúl go bhfuil tionchar diúltach ag cabhair oibriúcháin ar na margaí aeriompair agus seirbhísí aerfoirt toisc go n-eascraíonn iomaíocht éagórach idir aerfoirt agus, ar deireadh, iomaíocht éagórach idir aerlínte a oibríonn ó na haerfoirt sin as an gcabhair sin. Dá réir sin, bíonn cabhair oibriúcháin ina cúis le hiomaíocht éagórach idir aerfoirt sa Rómáin agus bíonn tionchar diúltach aici freisin ar aerfoirt i dtíortha comharsanacha amhail an Ungáir ([58]).

6.3.1.2. Comhlachas Aerfoirt na Rómáine

(113) Comhlachas fostóirí is ea Comhlachas Aerfoirt na Rómáine (RAA), eintiteas dlíthiúil neamhbhrabúsach a dhéanann ionadaíocht ar aerfoirt shibhialta na Rómáine.

(114) Thagair barúlacha RAA maidir leis an gCinneadh Tosaigh don amhras a chuir an Coimisiún in iúl maidir leis an scéim státchabhrach chun bonneagar a mhaoiniú d'aerfoirt a bhfuil trácht bliantúil níos lú ná 1 mhilliún paisinéir acu, ar tarraingíodh siar a bhfógra.

([57]) Aithris 57 de Chinneadh Tosaigh 2011.
([58]) Aithris 58 de Chinneadh Tosaigh 2011.

6.3.2. *Barúlacha ó pháirtithe leasmhara maidir le Cinneadh Tosaigh 2015*

6.3.2.1. Aerfort Cluj-Napoca

6.3.2.1.1. Leibhéal na muirear aerfoirt

(115) Luaigh AICN go raibh muirear aerfoirt EUR 1 in aghaidh an phaisinéara ró-íseal chun costais oibriúcháin ATM a chumhdach. Thairis sin, cumhdaítear slándáil le EUR 0,325 in aghaidh an phaisinéara atá ag imeacht, rud nár choinnigh Bainisteoir an Aerfoirt, agus ar an gcaoi sin ní ghearrtar ach EUR 0,675 in aghaidh an phaisinéara atá ag imeacht. Cuireann muirir ísle den sórt sin cosc ar Aerfort Cluj caibidlíocht éifeachtach a dhéanamh leis na haerlínte, rud a shaobhann an iomaíocht.

6.3.2.1.2. Gníomhartha Iontaoibhe SLEG

(116) D'áitigh AICN gur chumhdaigh an státchabhair a deonaíodh do ATM chun an SLEG a chúiteamh na costais chun na seirbhísí a sholáthar do na cuideachtaí aerlíne. De réir AICN, bhíothas in ann róchúiteamh a dhéanamh ar an SLEG ag ATM trí aistrithe buiséid ó Chomhairle Contae Mureș, gan na hioncaim agus an caiteachas a bhaineann leis an SLEG a dheighilt uathu siúd a bhaineann leis na gníomhaíochtaí tráchtála.

6.3.2.1.3 Maoiniú faoi Chinneadh Réigiúnach Uimh. 47/2013 ó Chomhairle Contae Mureș

(117) D'áitigh AICN go léirítear gurb ann do státchabhair fhéideartha arna deonú go neamhdhleathach faoi Chinneadh Réigiúnach Uimh. 47/2013 toisc gur chuir na Cúirteanna náisiúnta an cinneadh ar neamhní.

6.3.2.1.4. Wizz Air

(118) Áitíonn Wizz Air nach bhfuil muirir an aerfoirt roghnaitheach toisc go raibh siad ar fáil d'úsáideoirí reatha nó d'úsáideoirí ionchasacha ATM.

7. BARÚLACHA NA RÓMÁINE MAIDIR LE BARÚLACHA NA BPÁIRTITHE LEASMHARA

7.1. Barúlacha ón Rómáin maidir le barúlacha na bpáirtithe leasmhara i gCinneadh Tosaigh 2011 (Beart 1)

(119) Áitíonn an Rómáin go raibh trácht bliantúil níos lú ná 50 000 paisinéir ag formhór aerfoirt réigiúnacha na Rómáine agus nach mbeadh níos mó ná 300 000 paisinéir ag aon cheann de na haerfoirt sin faoi 2015. Ar an mbonn sin, measann an Rómáin nach dócha go ndéanfaidh tacaíocht phoiblí do na haerfoirt sin difear don iomaíocht ná go ndéanfadh sé an trádáil idir na Ballstáit a shaobhadh ([59]).

7.2. Barúlacha ón Rómáin maidir le barúlacha na bpáirtithe leasmhara i ndáil le Cinneadh Tosaigh 2015

7.2.1. *Leibhéal na muirear aerfoirt (Beart 5)*

(120) D'áitigh údaráis na Rómáine gur socraíodh na muirir aerfoirt faoi Chinneadh Réigiúnach 83/2012 i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta ábhartha a bhí i bhfeidhm an tráth sin.

(121) Luaigh údaráis na Rómáine freisin nár chruthaigh Comhairle Contae Mureș agus ATM na lascainí a cuireadh i bhfeidhm go speisialta chun tairbhe Wizz Air ach, ar bhonn phrionsabal an neamh-idirdhealaithe agus na gcomhdheiseanna, gur cuireadh i bhfeidhm iad maidir le gach aerlíne ag an aerfort.

([59]) Aithris 66 de Chinneadh Críochnaitheach 2016.

(122) Bhí na lascainí mar chuid de straitéis chun rioscaí agus spleáchas ar líon teoranta aerlínte beaga a laghdú chomh maith le beartas maidir le fás inbhuanaithe ioncam aerfoirt, lena n-áirítear brabúis ó ghníomhaíochtaí aerfoirt, atá nasctha le méadú ar thrácht paisinéirí.

(123) D'áitigh an Rómáin, thairis sin, nár chuir ATM muirir aerfoirt an-ísle i bhfeidhm.

7.2.2. *Gníomhartha Iontaoibhe SLEG (Bearta 3 agus 4)*

(124) D'athdhearbhaigh an Rómáin go raibh staid airgeadais na n-aerfort réigiúnach (ag a bhfuil trácht íseal nach gcuireann ar a gcumas leibhéal brabúsachta a bhaint amach) go príomha mar gheall ar staid forbartha ísle eacnamaíche na réigiún ina raibh na haerfoirt sin lonnaithe, seachas an t-achar chuig aerfoirt chomharsanacha.

(125) Thairis sin, cuireann údaráis na Rómáine i gcoinne an éilimh líomhnaithe ar róchúiteamh a thug AICN chun cinn agus dheimhnigh siad gur tugadh ráitis airgeadais ATM amhail ó 2011 i gcrích i gcomhréir leis na prionsabail maidir le costais agus ioncaim SLEG a dheighilt ó ghníomhaíochtaí gnó eile tar éis Iontaobhas SLEG 2011.

8. MEASÚNÚ AR BHEART 1 – MAOINIÚ ATM SA TRÉIMHSE 2007- 2009

8.1. Cabhair a bheith ann

(126) De bhua Airteagal 107(1) CFAE, 'aon chabhair a thabharfaidh Ballstát nó a thabharfar trí bhíthin acmhainní Stáit i bhfoirm ar bith, agus a bhéarfaidh nó is baolach a bhéarfadh saobhadh ar iomaíocht trí thaobhú le gnóthais áirithe nó le táirgeadh earraí áirithe, ní luífidh sí leis an margadh inmheánach sa mhéid go dtéann sí i gcion ar an trádáil idir Ballstáit'.

(127) Dá bhrí sin, ionas go mbeidh beart cáilithe mar Státchabhair de réir bhrí na forála sin, ceanglaítear go gcomhlíonfar na coinníollacha carnacha seo a leanas:

(a) gur gnóthas é an tairbhí;

(b) go maoinítear an beart trí acmhainní Stáit agus go bhfuil sé inchurtha i leith an Stáit;

(c) go dtugann sé buntáiste eacnamaíoch dá fhaighteoir;

(d) go bhfuil an buntáiste roghnaitheach; agus

(e) nach mór an iomaíocht a shaobhadh leis an mbeart nó bagairt a dhéanamh ar iomaíocht a shaobhadh agus go bhféadfaí difear a dhéanamh do thrádáil idir na Ballstáit leis.

8.1.1. *Gníomhaíocht eacnamaíoch agus coincheap an ghnóthais*

(128) Ní mór don Choimisiún a shuí ar dtús an bhfuil feidhm ag Beart 1 maidir le gnóthais de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE. Cumhdaíonn coincheap gnóthais aon eintiteas atá i mbun gníomhaíochta eacnamaíche, gan beann ar a stádas dlíthiúil agus ar an gcaoi a maoinítear é ([60]). Aon ghníomhaíocht arb é atá inti earraí nó seirbhísí a thairiscint ar mhargadh ar leith, is gníomhaíocht eacnamaíoch í ([61]).

([60]) Breithiúnas an 18 Meitheamh 1998, *An Coimisiún v An Iodáil,* C-35/96, ECLI:AE:C:1998:303; Breithiúnas an 23 Aibreán 1991, *Höfner agus Elser,* C-41/90, ECLI:AE:C:1991:161.

([61]) Breithiúnas an 16 Meitheamh 1987, *An Coimisiún v An Iodáil,* 118/85, AE:C:1987:283; Breithiúnas an 18 Meitheamh 1998, *An Coimisiún v An Iodáil,* 35/96, ECLI:AE:C:1998:303.

(129) Is cásdlí socair é nach mór oibriú agus tógáil bonneagair aerfoirt a mheas mar ghníomhaíocht eacnamaíoch a thagann faoi raon feidhme an rialaithe státchabhrach ([62]). A luaithe a théann oibreoir aerfoirt i mbun gníomhaíochtaí eacnamaíocha trí sheirbhísí aerfoirt a thairiscint ar luach saothair, gan beann ar a stádas dlíthiúil nó ar an gcaoi a maoinítear é, is gnóthas é de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

(130) Cé nach mór bainisteoirí aerfoirt a mheas mar ghnóthais de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, ní mór a mheabhrú nach gá gur de chineál eacnamaíoch iad gníomhaíochtaí uile bainisteora aerfoirt ([63]).

(131) Chinn an Chúirt Bhreithiúnais nach de chineál eacnamaíoch iad gníomhaíochtaí a thagann faoi fhreagracht an Stáit de ghnáth i bhfeidhmiú a chumhachtaí oifigiúla mar údarás poiblí agus nach dtagann siad faoi raon feidhme na rialacha maidir le Státchabhair ([64]).

(132) Dá bhrí sin, ní státchabhair é maoiniú gníomhaíochtaí a thagann faoi shainchúram an bheartais phoiblí ná maoiniú bonneagair a bhaineann go díreach leis na gníomhaíochtaí sin i gcoitinne ([65]). Ag aerfort, is gnách go meastar gur de chineál neamheacnamaíoch iad gníomhaíochtaí amhail rialú aerthráchta, póilíní, custaim, comhrac dóiteáin, gníomhaíochtaí is gá chun eitlíocht shibhialta a chosaint ar ghníomhartha cur isteach neamhdhleathaigh agus na hinfheistíochtaí a bhaineann leis an mbonneagar agus leis an trealamh is gá chun na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh ([66]).

(133) Mar sin féin, níor cheart idirdhealú míchuí idir aerlínte agus bainisteoirí aerfoirt a bheith mar thoradh ar mhaoiniú poiblí gníomhaíochtaí neamheacnamaíocha. Go deimhin, tá sé bunaithe sa chásdlí gurb ann do bhuntáiste nuair a scaoileann údaráis phoiblí gnóthais ó na costais a bhaineann go dlúth lena ngníomhaíochtaí eacnamaíocha ([67]). Dá bhrí sin, más rud é, i gcóras dlí ar leith, gur gnách go n-íocann aerlínte nó bainisteoirí aerfoirt na costais a bhaineann le seirbhísí áirithe, cé nach bhfuil ar roinnt aerlínte nó bainisteoirí aerfoirt a sholáthraíonn na seirbhísí céanna thar ceann na n-údarás poiblí céanna na costais sin a íoc, féadfaidh na húdaráis phoiblí sin tairbhe a bhaint as buntáiste fiú má mheastar go bhfuil na seirbhísí sin neamheacnamaíoch iontu féin ([68]).

(134) Mar a mhínítear in aithris 41, bhí agus tá Bainisteoir an Aerfoirt ag gabháil do bhonneagar an aerfoirt a thógáil, a chothabháil agus a oibriú. Cuireann sé seirbhísí aerfoirt ar fáil agus gearrann sé muirear ar úsáideoirí — oibreoirí eitlíochta tráchtála agus úsáideoirí eitlíochta ginearálta neamhthráchtála — chun bonneagar an aerfoirt a úsáid, rud a shaothraíonn an bonneagar ar bhonn tráchtála. Dá bhrí sin, bhí Bainisteoir an Aerfoirt ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch sa tréimhse atá á measúnú agus, dá bhrí sin, is gnóthas é de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

(135) Níor mhaígh an Rómáin ná Bainisteoir an Aerfoirt go raibh codanna den mhaoiniú don tréimhse 2007-2009 curtha in áirithe go sonrach mar chúiteamh ar chostais sainchúraim beartais phoiblí do Bhainisteoir Aerfoirt ATM. Go deimhin, dearadh an sásra cúitimh a cuireadh i bhfeidhm chun Bainisteoir an Aerfoirt a mhaoiniú idir 2007 - 2009 chun an difríocht idir ioncaim agus caillteanais Bhainisteoir an Aerfoirt a chumhdach, gan idirdhealú a dhéanamh idir costais sainchúraim an bheartais phoiblí agus cineálacha eile costas.

([62]) Breithiúnas an 12 Nollaig 2000, *Aéroports de Paris v An Coimisiún*, T-128/98, ECLI:EU:T:2000:290, arna dheimhniú le Breithiúnas an 24 Deireadh Fómhair 2002, *Aéroports de Paris v An Coimisiún*, C-82/01, ECLI:AE:C:2002:617, míreanna 75-79. Deimhníodh é sin i mBreithiúnas an 24 Márta 2011, *Mitteldeutsche Flughafen AG agus Flughafen Leipzig Halle GmbH v an Coimisiún*, ('Breithiúnas aerfort Leipzig-Halle'), Cásanna T-443/08 agus T-455/08, ECLI:EU:T:2011:117, go háirithe míreanna 93 agus 94; deimhnithe le Breithiúnas an 19 Nollaig 2012, *Leipzig-Halle*, Cás C-288/11 P, neamhfhoilsithe, ECLI:AE:C:2012:821.

([63]) Pointe 34 de Threoirlínte Eitlíochta 2014. Breithiúnas an 19 Eanáir 1994, SAT *Fluggesellschaft / Eurocontrol*, C-364/92, ECLI:AE:C:1994:7.

([64]) Breithiúnas an 16 Meitheamh 1987, *An Coimisiún v An Iodáil*, C-118/85, AE:C:1987:283, míreanna 7 agus 8, agus Breithiúnas an 4 Bealtaine 1988, *Bodson/Pompes funèbres des régions libérées*, C-30/87, ECLI:AE:C:1988:225, mír 1.

([65]) Cinneadh Uimh. 309/2002 ón gCoimisiún an 19 Márta 2003, Slándáil eitlíochta — cúiteamh as costais a tabhaíodh tar éis ionsaithe an 11 Meán Fómhair 2001 (IO C 148, 25.6.2003, lch. 7).

([66]) Féach pointe 35 de Threoirlínte Eitlíochta 2014. Chomh maith leis sin, Breithiúnas an 19 Eanáir 1994, *SAT Fluggesellschaft / Eurocontrol*, C-364/92, AE:C:1994:7, mír 30 agus Breithiúnas an 26 Márta 2009, *Selex Sistemi Integrati / An Coimisiún*, C-113/07 P, ECLI:AE:C:2009:191, mír 71.

([67]) Féach Breithiúnas an 3 Márta 2005, *Heiser*, C-172/03, ECLI:AE:C:2005:130, mír 36, agus an cásdlí a luaitear.

([68]) Pointe 37 de Threoirlínte Eitlíochta 2014.

(136) Is é conclúid an Coimisiúin dá bhrí sin nach cúiteamh as costais sainchúraim beartais phoiblí é Beart 1 agus dá bhrí sin go bhfuil feidhm aige maidir le gnóthas.

8.1.2. *Acmhainní Stáit agus a mhéid atá siad inchurtha i leith an Stáit*

(137) Chun go gcáileoidh beart mar státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, ní mór é a mhaoiniú as acmhainní an Stáit agus a bheith inchurtha i leith an Stáit, i.e. ní mór é a bheith deonaithe ag an Stát féin nó ag aon chomhlacht idirghabhálach ag gníomhú dó de bhua cumhachtaí a thugtar dó ([69]). Chun críocha Airteagal 107 CFAE a chur i bhfeidhm, is acmhainní Stáit iad acmhainní na n-údarás áitiúil ([70]).

(138) Dheonaigh Comhairle Contae Mureș an maoiniú poiblí go díreach sa tréimhse 2007- 2009 ar bhonn Chinneadh Rialtais 1997, i.e. ag údarás áitiúil trína acmhainní féin.

(139) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur deonaíodh an maoiniú poiblí sa tréimhse 2007-2009 trí acmhainní Stáit agus go raibh sé inchurtha i leith an Stáit.

8.1.3. *Roghnaíocht*

(140) Chun teacht faoi raon feidhme Airteagal 107(1) CFAE, ní mór beart Stáit a bheith i bhfabhar 'gnóthais áirithe nó táirgeadh earraí áirithe'. Dá bhrí sin, is iad na bearta sin atá i bhfabhar gnóthais a thugann buntáiste ar bhealach roghnaitheach, agus na bearta sin amháin, a thagann faoi choincheap na státchabhrach.

(141) Sa chás i dtrácht, tá an tacaíocht airgeadais ar bhonn Chinneadh 1997 roghnaitheach ós rud é nár dámhadh an chabhair ach ar ghnóthais áirithe, go sonrach ar Bhainisteoir an Aerfoirt ag ATM. Is beart aonair é sin. Dá bhrí sin, tá Beart 1 roghnaitheach de réir an tsainmhínithe de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

8.1.4. *Buntáiste eacnamaíoch*

(142) Ba é ab aidhm don mhaoiniú poiblí a deonaíodh do Bhainisteoir an Aerfoirt na caillteanais a tabhaíodh agus a ghnáthghníomhaíocht á déanamh aige a fhritháireamh. Ní thugtar le fios le haon ní san fhianaise fhíorasach atá ar fáil don Choimisiún ná sna barúlacha a fuarthas ón Rómáin ná ó thríú páirtithe go bhféadfadh coinne a bheith ag an údarás deonúcháin le haon toradh airgeadais mar thoradh ar na bearta cistiúcháin sin nuair a chinn sé iad a dheonú. Dá bhrí sin, ní chomhlíonann an maoiniú poiblí atá i gceist prionsabal oibreoir an gheilleagair margaidh.

(143) Mhaígh an Rómáin freisin gur cúiteamh atá sa mhaoiniú poiblí a bhí faoi dhíospóid, cúiteamh as SLEG a sholáthar. I gcás gnóthais a gcuirtear soláthar SLEG ar a n-iontaoibh, chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil an beart faoi mheasúnú ina bhuntáiste eacnamaíoch de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, ní mór don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar chomhlíonadh ceithre choinníoll charnacha a leag an Chúirt amach ina breithiúnas i gcás Altmark. Féadfar achoimre a dhéanamh ar na coinníollacha sin mar seo a leanas:

(a) Ar an gcéad dul síos, ní mór oibleagáidí seirbhíse poiblí a chur ar iontaoibh an tairbhí, agus ní mór na hoibleagáidí sin a shainiú go soiléir. ('Altmark 1');

(b) Ar an dara dul síos, ní mór na paraiméadair ar ar a mbonn a ríomhtar an cúiteamh a bhunú roimh ré, ar bhealach oibiachtúil agus trédhearcach ('Altmark 2');

([69]) Stardust Marine, breithiúnas, a luaitear i míreanna 53-56. Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 12 Bealtaine 2011, cásanna uamtha *Region Nord-Pas-de-Calais*, T-267/08, ECLI:EU:T:2011:209 agus *Communauté d'agglomération du Douaisis v An Coimisiún Eorpach*, T-279/08, ECLI:EU:T:2011:209, mír 108. Breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 24 Eanáir 1978, *Van Tiggele*, 82/77, ECLI:AE:C:1978:10, míreanna 25 agus 26; Breithiúnas an 12 Nollaig 1996, *Air France v An Coimisiún ('Air France')*, T-358/94, ECLI:EU:T:1996:194, mír 63.

([70]) Breithiúnas an 12 Bealtaine 2011, *Nord-Pas-de-Calais*, Cásanna Uamtha T-267/08 agus T-279/08, ECLI:EU:T:2011:209, mír 108.

(c) Ar an tríú dul síos, ní fhéadfaidh an cúiteamh a bheith níos mó ná an méid is gá chun na costais uile nó cuid de na costais arna dtabhú i gcomhlíonadh oibleagáidí seirbhíse poiblí a chumhdach, agus an faighteoir ábhartha agus brabús réasúnach as comhlíonadh na n-oibleagáidí sin ('Altmark 3') á gcur san áireamh;

(d) Ar an gceathrú dul síos, i gcás nach roghnaítear an gnóthas a bhfuil oibleagáidí seirbhíse poiblí curtha ar a iontaoibh, i gcás sonrach de bhun nós imeachta soláthair phoiblí lena bhféadfaí an tairgeoir atá in ann an tseirbhís sin a sholáthar ar an gcostas is lú don phobal a roghnú, ní mór an leibhéal cúitimh is gá a chinneadh ar bhonn anailíse ar na costais a thabhódh meánghnóthas, atá dea-riartha agus a soláthraítear na modhanna riachtanacha dó go leordhóthanach, le linn dó na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh, agus na hioncaim ábhartha agus brabús réasúnach as comhlíonadh na n-oibleagáidí á gcur san áireamh ('Altmark 4').

8.1.4.1. Altmark 4

(144) Foráiltear leis an gceathrú critéar Altmark nach mór an cúiteamh a bheith ar an íosmhéid is gá ionas nach gcáileoidh sé mar chabhair. Comhlíontar an critéar sin más rud é gur roghnaíodh faighteoir an chúitimh tar éis nós imeachta tairisceana a cheadódh roghnú an tairgeora a bheadh in ann an SLEG is gá a sholáthar ar an gcostas is lú don phobal nó, dá uireasa sin, más rud é gur ríomhadh an cúiteamh faoi threoir na gcostas atá ag gnóthas éifeachtúil.

(145) Sa chás sin, níor roghnaíodh an tairbhí tar éis nós imeachta tairisceana. Níl aon fhianaise ann ach oiread lena léirítear gur cinneadh leibhéal an chúitimh ar bhonn anailíse ar na costais a thabhódh gnóthas tipiciúil, atá dea-riartha agus a soláthraítear dó go leordhóthanach na hacmhainní is gá chun a bheith in ann na ceanglais seirbhíse poiblí is gá a chomhlíonadh, le linn dó na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh, agus na hioncaim ábhartha agus brabús réasúnach as comhlíonadh na n-oibleagáidí sin á gcur san áireamh. Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, nach féidir a shuí gur cinneadh an maoiniú poiblí atá i gceist i gcomhréir le Altmark 4.

(146) Dá bhrí sin, ní chomhlíonann an beart atá faoi imscrúdú Altmark 4.

8.1.4.2. Conclúid

(147) Ós rud é nár comhlíonadh coinníoll Altmark 4, suíonn an Coimisiún nár comhlíonadh ceithre choinníoll Altmark go carnach sa chás seo, gan gá mionscrúdú a dhéanamh ar choinníollacha eile Altmark. Ós rud é nach gcomhlíontar prionsabal oibreoir an gheilleagair margaidh ach oiread, thug Beart 1 faoi mheasúnú buntáiste eacnamaíoch do Bhainisteoir an Aerfoirt.

8.1.5. *Saobhadh iomaíochta agus éifeacht ar thrádáil idir na Ballstáit*

(148) Meastar go ndéanann beart arna dheonú ag an Stát iomaíocht a shaobhadh nó go mbagraíonn sé iomaíocht a shaobhadh nuair is dóigh dó staid iomaíochta an fhaighteora a fheabhsú i gcomparáid le gnóthais eile lena bhfuil sé in iomaíocht, rud a shuitear gurb amhlaidh an cás má dheonaítear buntáiste airgeadais do ghnóthas in earnáil léirscaoilte ina bhfuil iomaíocht nó ina bhféadfadh iomaíocht a bheith ann.

(149) I gcás ina dtugann Ballstát cabhair a neartaíonn staid ghnóthais i gcomparáid le gnóthais eile atá i mbun iomaíochta i dtrádáil laistigh den Aontas, ní mór a mheas go bhfuil difear á dhéanamh do na gnóthais sa chás deireanach sin ([71]).

(150) Ós rud é gur gníomhaíocht eacnamaíoch é oibriú aerfoirt, bíonn iomaíocht ann, ar thaobh amháin, idir aerfoirt chun aerlínte agus an t-aerthrácht comhfhreagrach a mhealladh (paisinéirí agus lasta), agus, ar an taobh eile, idir bainisteoirí aerfoirt, a d'fhéadfadh dul in iomaíocht eatarthu féin chun go gcuirfí ar a n-iontaoibh aerfort ar leith a bhainistiú. Thairis sin, go háirithe maidir le haeriompróirí agus cairteacha ísealchostais, is féidir le haerfoirt nach bhfuil lonnaithe sna ceantair chéanna i ndáil le haerfoirt agus fiú i mBallstáit éagsúla a bheith in iomaíocht le chéile freisin chun na haerlínte sin a mhealladh.

([71]) Breithiúnas an 30 Aibreán 1998, Het Vlaamse Gewest v An Coimisiún, T-214/95, ECLI:AE:T:1998:77 agus Breithiúnas an 17 Meán Fómhair 1980, Philip Morris v An Coimisiún, C-730/79, ECLI:AE:C:1980:209, mír 11.

(151) Is féidir iomaíocht idir aerfoirt a mheasúnú i bhfianaise na gcritéar a roghnaíonn na haerlínte, agus go háirithe trí chomparáid a dhéanamh idir tosca amhail an cineál seirbhísí aerfoirt a sholáthraítear agus na cliaint lena mbaineann, an daonra nó gníomhaíocht eacnamaíoch, brú tráchta, cé acu atá nó nach bhfuil rochtain ar thalamh, agus leibhéal na muirear ar úsáid bhonneagar agus sheirbhísí aerfoirt ([72]). Ní féidir fiú aerfoirt bheaga a eisiamh ó raon feidhme chur i bhfeidhm Airteagal 107(1) CFAE ([73]).

(152) Ós rud é go dtacaíonn Beart 1 le haerfort réigiúnach, ATM, ní mór a mheas go bhféadfadh sé iomaíocht a shaobhadh agus difear a dhéanamh do thrádáil idir na Ballstáit.

8.1.6. *Conclúid maidir le Státchabhair a bheith ann*

(153) Ar bhonn a bhfuil thuas, is é conclúid an Coimisiúin gur státchabhair atá i mBeart 1, státchabhair do Bhainisteoir an Aerfoirt de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

8.2. **Dleathacht na cabhrach**

(154) Cuireadh Beart 1 i bhfeidhm sular fhormheas an Coimisiún go foirmiúil é. Dá bhrí sin, is cabhair neamhdhleathach í, mura rud é gur chomhlíon sí an tráth sin coinníollacha ábhartha ghníomh de chuid an Aontais lena bhforáiltear do dhíolúine ón oibleagáid fógra a thabhairt a leagtar síos in Airteagal 108 CFAE le haghaidh catagóirí áirithe cabhrach.

(155) Sa chás sin, mhaígh an Rómáin gur cúiteamh atá sa mhaoiniú poiblí a deonaíodh do roinnt aerfort lena n-áirítear ATM sa tréimhse 2007 - 2009, cúiteamh as SLEGeanna a sholáthar, agus gur chomhlíon sé coinníollacha Chinneadh SLEG 2005. Mhaígh an Rómáin gur leagadh síos le Cinneadh Rialtais 1997 ar bhealach soiléir agus trédhearcach na hoibleagáidí seirbhíse poiblí, na paraiméadair chun an cúiteamh a ríomh agus na socruithe chun aon róchúiteamh a sheachaint.

(156) Mar sin féin, mar a luaitear in aithris 84, shuigh an Coimisiún nár forchuireadh oibleagáidí seirbhíse poiblí soiléire ar aon duine de bhainisteoirí an aerfoirt le Cinneadh Rialtais 1997.

(157) Dá réir sin, mar a luadh, i gCinneadh Críochnaitheach 2016, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár léirigh an Rómáin gur cuireadh oibleagáidí seirbhíse poiblí a bhí sainithe go soiléir ar iontaoibh bhainisteoirí aerfoirt leis an gcistiú poiblí a bhí bunaithe ar Chinneadh Rialtais 1997.

(158) Dá bhrí sin, ní raibh an chabhair i gcomhréir le Cinneadh SLEG 2005 agus dá bhrí sin cuireadh chun feidhme í de shárú ar Airteagal 108(3) CFAE ([74]). Tá feidhm ag an gconclúid chéanna maidir le Beart 1 atá faoi réir an chinnidh seo i.e. an Státchabhair a cuireadh chun feidhme ar bhonn Chinneadh Rialtais 1997 i bhfabhar ATM, nach raibh i gcomhréir le SLEG 2005 ach oiread agus a cuireadh chun feidhme dá bhrí sin de shárú ar Airteagal 108(3) CFAE.

8.3. **Comhoiriúnacht leis an margadh inmheánach**

(159) Ar an gcúis chéanna a luaitear in aithris 157 i.e. oibleagáid seirbhíse poiblí nach bhfuil sainithe go soiléir, ní féidir a shuí go bhfuil Beart 1 comhoiriúnach faoi Chinneadh SLEG 2012 ná le Creat SLEG 2012.

(160) Dá bhrí sin, ní mór don Choimisiún a fhíorú an bhfuil an beart comhoiriúnach leis an Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine ([75]) ina bhfuil forálacha maidir le cabhair oibriúcháin d'aerfoirt réigiúnacha faoi choinníollacha áirithe.

([72]) Pointe 43 de Threoirlínte Eitlíochta 2014.
([73]) Pointe 45 de Threoirlínte Eitlíochta 2014.
([74]) Aithrisí 111 go 113 agus 121 de Chinneadh Críochnaitheach 2016.
([75]) Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 ina ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh (IO L 187, 26.6.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/651/oj)..

8.3.1. *An rialachán ginearálta maidir le blocdhíolúine a chur i bhfeidhm*

(161) Sonraítear le forálacha idirthréimhseacha an Rialacháin Ghinearálta maidir le Blocdhíolúine go bhfuil feidhm aige maidir le haon chabhair aonair a deonaíodh sular tháinig sé i bhfeidhm má chomhlíonann an chabhair sin na coinníollacha uile a leagtar síos sa Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine, cé is moite d'Airteagal 9 ([76]).

(162) De bhun Airteagal 1(1), pointe (m), den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine, tá an Rialachán infheidhme maidir le cabhair le haghaidh aerfoirt réigiúnacha. Beidh cabhair oibriúcháin le haghaidh aerfoirt comhoiriúnach leis an margadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 107(2) nó (3) den Chonradh ar choinníoll go gcomhlíonann an chabhair sin na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 56(a) míreanna 3, 4, 10 agus 15 go 18 agus i gCaibidil I den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine ([77]).

(163) Baineann an beart atá á mheasúnú leis an maoiniú poiblí a deonaíodh do ATM le linn na tréimhse 2007-2009 chun a chaillteanais oibriúcháin a chumhdach agus dá bhrí sin tagann sé faoi raon feidhme an Rialacháin Ghinearálta maidir le Blocdhíolúine.

(164) Dá bhrí sin, is é conclúid an Choimisiúin go bhfuil an Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine infheidhme maidir le Beart 1 mar bhonn comhoiriúnachta mar gheall ar na forálacha idirthréimhseacha. Comhoiriúnacht an bhirt le forálacha ábhartha an Rialacháin Ghinearálta maidir le Blocdhíolúine

8.3.1.1. Comhoiriúnacht le Caibidil I den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine

(165) *Ceanglas trédhearcachta*. Níl feidhm ag an Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine ach amháin maidir le cabhair ar féidir coibhéis deontais chomhláin na cabhrach ex ante a ríomh go beacht ina leith gan aon ghá le measúnú riosca a dhéanamh ([78]). Comhlíontar an coinníoll sin ós rud é, mar a mhínítear in aithrisí 50 go 53, go soláthraítear an cistiú poiblí i bhfoirm deontas bliantúil, agus uasteorainn socraithe ag an méid is gá chun an t-aerfort a oibriú gan brabús a dhéanamh. Socraítear an teorainn sin ar bhonn bliantúil *ex ante* ar bhonn na mbuiséad ioncaim agus caiteachais arna gcur isteach ag Bainisteoir an Aerfoirt agus arna bhformheas le cinntí Chomhairle Contae Mureș.

(166) *Éifeacht dreasachta*. ([79]) Sa tréimhse 2007 - 2009, d'oibrigh ATM faoi údarás Chomhairle Contae Mureș. De bhun rúin Chomhairle Contae Mureș a luaitear in aithrisí 51 go 53, rinneadh iarrataí ar an údarás maoirseachta poiblí ar chistí poiblí chun easnamh airgeadais ATM a chumhdach de réir na mbuiséad bliantúil ioncaim agus caiteachais.

(167) *Déine cabhrach agus costais incháilithe a ríomh* ([80]). Dheimhnigh údaráis na Rómáine gur deonaíodh cistiú poiblí aithrisí 46 agus 47 ar bhonn doiciméid tacaíochta sna taifid chuntasaíochta phoiblí, a bhainistítear ar leithligh le haghaidh na gcostas a bhaineann le gníomhaíocht an aerfoirt. Níor cuireadh cáin bhreisluacha san áireamh agus costais oibriúcháin á ríomh.

(168) *Carnadh* ([81]). Dheimhnigh údaráis na Rómáine nár bhain ATM tairbhe as aon chineál eile cabhrach don tréimhse 2007-2009.

(169) *Foilsiú agus faisnéis* ([82]). Foráiltear le hAirteagal 58(1) den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine nach gá do chabhair a deonaíodh roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta maidir le Blocdhíolúine ceanglais foilsithe Airteagal 9 a chomhlíonadh chun a mheas go bhfuil sí comhoiriúnach.

([76]) Airteagal 58(1) den rialachán ginearálta maidir le blocdhíolúine.
([77]) Airteagal 3 i gcomhar le hAirteagal 56a(2) den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine.
([78]) Airteagal 5(1) den rialachán ginearálta maidir le blocdhíolúine.
([79]) Airteagal 6 den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine.
([80]) Airteagal 7 den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine.
([81]) Airteagal 8 den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine.
([82]) Airteagal 9 den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine.

8.3.1.2. Comhoiriúnacht leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 56a den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine

(170) *Beidh an t-aerfort ar oscailt do gach úsáideoir ionchasach* ([83]). Bhí ATM ar oscailt do gach úsáideoir ionchasach, i.e. na haerlínte uile a d'iarr úsáid bhonneagar an aerfoirt agus a thaispeántar in aithrisí 30 go 36, ag glacadh leis na taraifí aerfoirt a foilsíodh in AIP agus a cuireadh i bhfeidhm ar bhealach aonfhoirmeach, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach.

(171) Dheimhnigh údaráis na Rómáine go bhféadfadh na haerlínte uile ar mian leo oibriú ón aerfort i ndáil leis an gcreat rialála a thuairiscítear thuas é sin a dhéanamh. Dá bhrí sin, d'oibrigh roinnt aerlínte ag an aerfort le linn na tréimhse 2007-2009: TAROM, Carpatair, Malev, Wizz Air, Cimberair.

(172) *Ní dheonófar an chabhair chun aerfoirt atá ann cheana a athlonnú nó chun aerfort nua paisinéirí a chruthú* ([84]). Le linn na tréimhse tagartha, ní dhearnadh ATM a athlonnú ná a aistriú ó aerpháirc go haerfort paisinéirí; tá bonneagar an aerfoirt ann agus tá sé á oibriú ar an láithreán céanna ó 1967 i leith.

(173) Ní dheonófar an chabhair d'aerfoirt a bhfuil meántrácht lasta bliantúil níos mó ná 200 000 tona acu le linn an 2 bhliain airgeadais roimh an mbliain ina ndeonaítear an chabhair go hiarbhír. Ní mheasfar go méadóidh an t-aerfort a mheántrácht lasta bliantúil go dtí os cionn 200 000 tona laistigh de 2 bhliain airgeadais tar éis dheonú na cabhrach mar thoradh ar an gcabhair ([85]). Le linn an 2 bhliain roimh an tréimhse 2007-2009 agus sa 2 bhliain ina dhiaidh sin 2010-2011, níor oibríodh aon eitilt lasta ag ATM agus níor mhó aon trácht lasta ná 200 000 tona (aithris 37). Dá bhrí sin, comhlíontar an coinníoll sin.

(174) Ní dheonófar cabhair oibriúcháin d'aerfoirt a bhfuil meántrácht bliantúil paisinéirí níos mó ná 200 000 paisinéir acu le linn an 2 bhliain airgeadais roimh an mbliain ina ndeonaítear an chabhair go hiarbhír ([86]). Níor sháraigh an líon paisinéirí ag ATM in 2005, 2006, 2007 agus 2008 an tairseach (féach Tábla 1), dá bhrí sin comhlíontar an coinníoll sin.

(175) Ní bheidh méid na cabhrach oibriúcháin níos mó ná an méid is gá chun na caillteanais oibriúcháin a chumhdach agus brabús réasúnta thar an tréimhse ábhartha a dhéanamh. Deonófar an chabhair i bhfoirm tráthchodanna tréimhsiúla a shocrófar ex ante, tráthchodanna nach méadófar le linn na tréimhse dá ndeonófar an chabhair, nó i bhfoirm méideanna a shaineofar *ex post* ar bhonn na gcaillteanas oibriúcháin a bhfacthas ([87]). Taispeántar an maoiniú poiblí do ATM faoi Bheart 1 sa tréimhse 2007-2009 i dTábla 5. Le linn na tréimhse iomláine 2007-2009 bhí bearna chistiúcháin nach raibh cumhdaithe ag cistí poiblí. Dá bhrí sin, níor sháraigh an chabhair an méid is gá chun na caillteanais oibriúcháin a chumhdach agus brabús réasúnta a dhéanamh. Dheimhnigh údaráis na Rómáine gur deonaíodh na méideanna i dtráthchodanna míosúla ar bhonn an bhuiséid bhliantúil a tarraingíodh suas ex ante agus a tugadh chun rialtachta ex post ar bhonn an fhorghníomhaithe, mar a léirítear sna cuntais bhliantúla, chun an caillteanas oibriúcháin a chumhdach gan brabús a thaifeadadh.

(176) Ní íocfar cabhair oibriúcháin i leith aon bhliain féilire inar mó trácht paisinéirí bliantúil an aerfoirt ná 200 000 paisinéir ([88]). 156 929 a bhí i líon na bpaisinéirí ag ATM in 2007, 69 945 in 2008 agus 84 062 in 2009 (féach Tábla 1). Dá bhrí sin, comhlíontar an coinníoll sin.

(177) Ní chuirfear de choinníoll ar dheonú na cabhrach oibriúcháin go dtabharfar socruithe i gcrích le haerlínte sonracha maidir le muirir aerfoirt, íocaíochtaí margaíochta nó gnéithe airgeadais eile d'oibríochtaí na n-aerlínte ag an aerfort lena mbaineann ([89]). Dheimhnigh údaráis na Rómáine nach raibh deonú na cabhrach coinníollach ar shocruithe speisialta le haerlínte sonracha a thabhairt i gcrích agus go raibh muirir aerfoirt mar an gcéanna do na haerlínte uile. Dá bhrí sin, comhlíontar an coinníoll sin.

([83]) Airteagal 56a(3) den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine.
([84]) Airteagal 56a(4) den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine.
([85]) Airteagal 56a(4) den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine.
([86]) Airteagal 56a(4) den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine.
([87]) Airteagal 56a(4) den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine.
([88]) Airteagal 56a(17) den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine.
([89]) Airteagal 56a(4) den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine.

8.3.1.3. Conclúid maidir leis an gcomhoiriúnacht le coinníollacha an Rialacháin Ghinearálta maidir le Blocdhíolúine

(178) Comhlíonann Beart 1 coinníollacha an Rialacháin Ghinearálta maidir le Blocdhíolúine agus dá bhrí sin tá sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach.

8.3.2. *Conclúid maidir le comhoiriúnacht Bheart 1*

(179) Ar na cúiseanna a leagtar amach in aithrisí 165 go 177 thuas, measann an Coimisiún go bhfuil an chabhair oibriúcháin do ATM sa tréimhse 2007 – 2009 comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ar bhonn Airteagal 107(3), pointe (c), CFAE.

9. MEASÚNÚ AR BHEART 2 – MAOINIÚ AN BHONNEAGAIR LÁIMHSEÁLA AR AN TALAMH IN 2011

9.1. Cabhair a bheith ann

(180) Na prionsabail maidir le cabhair a bheith ann a liostaítear in aithrisí 126 go 133, 137, (140), (143) agus (148), tá feidhm acu maidir le Beart 2 freisin.

9.1.1. *Gníomhaíocht eacnamaíoch agus coincheap an ghnóthais*

(181) Ní mór don Choimisiún a shuí i dtosach an bhfuil feidhm ag Beart 2 maidir le gnóthais de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

(182) Mar a leagtar amach in aithris 41, bhí Bainisteoir an Aerfoirt i mbun bonneagar an aerfoirt a thógáil, a chothabháil agus a oibriú agus seirbhísí aerfoirt a thairiscint agus gearrann sé muirir ar úsáideoirí – oibreoirí eitlíochta tráchtála agus úsáideoirí eitlíochta ginearálta neamhthráchtála – chun bonneagar an aerfoirt a úsáid, rud a fhágann go mbaineann sé leas as an mbonneagar ar bhonn tráchtála. Dá bhrí sin, bhí Bainisteoir an Aerfoirt i mbun gníomhaíochta eacnamaíche tráth a rinneadh an infheistíocht agus, dá bhrí sin, is gnóthas é de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE tráth a deonaíodh an chabhair.

(183) Ina theannta sin, le linn an imscrúdaithe fhoirmiúil mar a shonraítear in aithris 102, dheimhnigh an Rómáin gur úsáideadh an trealamh a maoiníodh le Beart 2 le haghaidh ghníomhaíochtaí ginearálta an aerfoirt. Is é conclúid an Coimisiúin dá bhrí sin nach cúiteamh as costais sainchúraim beartais phoiblí é Beart 2 agus dá bhrí sin go bhfuil feidhm aige maidir le gnóthas.

9.1.2. *Acmhainní Stáit agus a mhéid atá siad inchurtha i leith an Stáit*

(184) Dheimhnigh údaráis na Rómáine gur le buiséad Chomhairle Contae Mureș a íocadh na hinfheistíochtaí uile a luaitear in Tábla 3, go háirithe: le Cinneadh Réigiúnach Uimh. 15 an 10 Feabhra 2011 maoiníodh an bus naprúin, le Cinneadh Réigiúnach Uimh. 94 an 28 Iúil 2011 an tralaí bagáiste agus an t-aonad cumhachta, le Cinneadh Réigiúnach Uimh. 84 an 22 Meitheamh 2011 an staighre agus an dí-oighreoir.

(185) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur trí acmhainní Stáit a deonaíodh maoiniú an bhonneagair láimhseála ar an talamh in 2011 agus go raibh sé inchurtha i leith an Stáit.

9.1.3. *Roghnaíocht*

(186) Is tacaíocht roghnaitheach í an tacaíocht airgeadais ar bhonn na gCinntí Réigiúnacha a liostaítear in aithris 184) ós rud é nach mbronnfar cabhair ach ar ghnóthas aonair, go sonrach ar Bhainisteoir an Aerfoirt ag ATM. Is beart aonair é sin. Dá bhrí sin, tá Beart 2 roghnaitheach de réir sainmhínithe de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

9.1.4. *Buntáiste eacnamaíoch*

(187) Dúirt údaráis na Rómáine le linn an nós imeachta imscrúdaithe fhoirmiúil, fiú dá mbeadh an tAerfort ag oibriú i saormhargadh, go mbeadh sé dodhéanta do ATM seirbhísí láimhseála ar an talamh a sholáthar ar bhealach brabúsach mar gheall ar an leibhéal íseal gníomhaíochta. Dá bhrí sin, tráth an mhaoinithe, mheas údaráis na Rómáine gur costas báite a bhí san infheistíocht, agus nach raibh coinne le haon toradh airgeadais. Dá bhrí sin, ní chomhlíonann an maoiniú poiblí atá i gceist prionsabal oibreoir an gheilleagair margaidh.

(188) Mhaígh an Rómáin freisin gur cúiteamh a bhí sa mhaoiniú poiblí, cúiteamh as SLEG a sholáthar. I gcás gnóthas a gcuirtear soláthar SLEG ar a iontaoibh, chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil an beart faoi mheasúnú ina bhuntáiste eacnamaíoch de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, mar a mhínítear in aithris 143) thuas, ní mór don Choimisiún scrúdú carnach a dhéanamh ar cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar ceithre choinníoll Altmark.

(189) Mar a mhínítear in aithris 144), comhlíontar critéar Altmark 4 má roghnaíodh faighteoir an chúitimh tar éis nós imeachta tairisceana lena bhféadfaí an tairgeoir a roghnú a bheadh in ann an SLEG is gá a sholáthar ar an gcostas is lú don phobal nó, dá uireasa sin, má ríomhadh an cúiteamh trí thagairt a dhéanamh do na costais atá ag gnóthas éifeachtúil.

(190) Sa chás sin, níor roghnaíodh an tairbhí trí nós imeachta tairisceana. Thairis sin, níor chuir údaráis na Rómáine aon fhianaise ar fáil gur cinneadh an leibhéal cúitimh ar bhonn anailíse ar na costais a thabhódh gnóthas tipiciúil atá dea-bhainistithe agus leorfheistithe agus na hoibleagáidí seirbhíse poiblí is gá á gcomhlíonadh aige. Is é conclúid an Coimisiúin dá bhrí sin nach gcomhlíonann an maoiniú poiblí atá i gceist critéar Altmark 4.

(191) Dá dheasca sin, ní chomhlíonann Beart 2 Altmark 4 agus dá bhrí sin ní chomhlíontar coinníollacha Altmark go carnach sa chás seo, gan gá le mionscrúdú a dhéanamh ar choinníollacha eile Altmark. Ós rud é, mar a mhínítear in aithris 187, nach gcomhlíonann Beart 2 prionsabal oibreoir an gheilleagair margaidh, thug sé buntáiste eacnamaíoch do Bhainisteoir an Aerfoirt.

9.1.5. *Saobhadh iomaíochta agus éifeacht ar thrádáil idir na Ballstáit*

(192) Tá aithrisí 148 go 152 infheidhme maidir le Beart 2. Ós rud é go dtacaíonn Beart 2 le haerfort réigiúnach, ATM, ní mór a mheas go bhféadfadh sé iomaíocht a shaobhadh agus difear a dhéanamh do thrádáil idir na Ballstáit.

9.1.6. *Conclúid maidir le Státchabhair a bheith ann*

(193) Ar bhonn a bhfuil thuas, baineann an Coimisiún de thátal as gur státchabhair é Beart 2, státchabhair do Bhainisteoir an Aerfoirt de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

9.2. **Dleathacht na cabhrach**

(194) Cuireadh Beart 2 i bhfeidhm sular fhormheas an Coimisiún go foirmiúil é. Dá bhrí sin, is cabhair neamhdhleathach í, mura rud é gur chomhlíon sí an tráth sin coinníollacha ábhartha ghníomh de chuid an Aontais lena bhforáiltear do dhíolúine ón oibleagáid fógra a thabhairt a leagtar síos in Airteagal 108 CFAE le haghaidh catagóirí áirithe cabhrach.

(195) Sa chás sin, mhaígh an Rómáin go ndearnadh an infheistíocht i gcomhréir le Cinneadh Rialtais 1997 agus go raibh an infheistíocht nasctha leis an gcúiteamh as SLEGeanna a sholáthar. Mar a luaitear in aithrisí 156 (156)agus 157, theip ar an Rómáin a léiriú gur cuireadh oibleagáidí seirbhíse poiblí a bhí sainithe go soiléir ar iontaoibh bhainisteoirí aerfoirt leis an gcistiú poiblí ar bhonn Chinneadh Rialtais 1997; dá bhrí sin ní raibh an chabhair i gcomhréir le Cinneadh SLEG 2005 agus cuireadh chun feidhme í dá réir sin de shárú ar Airteagal 108(3) CFAE.

9.3. **Comhoiriúnacht leis an margadh inmheánach**

(196) Ar na cúiseanna a luaitear in aithrisí 157 agus 159, ní féidir a shuí go bhfuil Beart 2 comhoiriúnach faoi Chinneadh SLEG 2012 ná le Creat SLEG 2012.

(197) Dá bhrí sin, ní mór don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil an beart comhoiriúnach leis an Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine, ina bhfuil forálacha maidir le cabhair infheistíochta d'aerfoirt réigiúnacha faoi choinníollacha áirithe.

9.3.1. *An rialachán ginearálta maidir le blocdhíolúine a chur i bhfeidhm*

(198) Sonraítear le forálacha idirthréimhseacha an Rialacháin Ghinearálta maidir le Blocdhíolúine go bhfuil feidhm aige maidir le haon chabhair aonair a deonaíodh sular tháinig sé i bhfeidhm má chomhlíonann an chabhair sin na coinníollacha uile a leagtar síos sa Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine, cé is moite d'Airteagal 9 ([90]).

(199) De bhun Airteagal 1(1), pointe (m), den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine, tá an Rialachán infheidhme maidir le cabhair le haghaidh aerfoirt réigiúnacha. Beidh cabhair infheistíochta le haghaidh aerfoirt comhoiriúnach leis an margadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 107(3) den Chonradh ar choinníoll go bhfuil an chabhair sin i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 56(a), míreanna 3 go 14 agus i gCaibidil I den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine ([91]).

(200) In Airteagal 2(144) den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine sainmhínítear bonneagar aerfoirt mar 'bonneagar agus trealamh chun seirbhísí aerfoirt a sholáthar ag an aerfort d'aerlínte agus do na soláthraithe seirbhíse éagsúla, lena n-áirítear rúidbhealaí, críochfoirt, naprúin, bealaí innlithe, bonneagar láraithe láimhseála ar an talamh agus aon saoráid eile a thacaíonn go díreach leis na seirbhísí aerfoirt, seachas bonneagar agus trealamh a bhfuil gá leis go príomha chun gníomhaíochtaí seach-aerloingseoireachta a shaothrú'. Baineann an beart atá á mheasúnú le maoiniú poiblí an bhonneagair láimhseála ar an talamh in 2011 agus dá bhrí sin tagann sé faoi raon feidhme an Rialacháin Ghinearálta maidir le Blocdhíolúine.

(201) Is é conclúid an Coimisiúin dá bhrí sin, de bhua na bhforálacha idirthréimhseacha, go bhfuil an Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine infheidhme maidir le Beart 2 mar bhonn comhoiriúnachta.

9.3.2. *Comhoiriúnacht an bhirt le forálacha ábhartha an Rialacháin Ghinearálta maidir le Blocdhíolúine*

9.3.2.1. Comhoiriúnacht le Caibidil I den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine

(202) *Ceanglas trédhearcachta* ([92]). Comhlíontar an coinníoll sin, ós rud é go soláthraítear an cistiú poiblí i bhfoirm deontas bliantúil, agus uasteorainn socraithe ag an méid is gá chun an t-aerfort a oibriú gan brabús a dhéanamh. Socraítear an teorainn sin ar bhonn bliantúil *ex ante* ar bhonn na mbuiséad ioncaim agus caiteachais arna gcur isteach ag Bainisteoir an Aerfoirt agus arna bhformheas le cinntí Chomhairle Contae Mureș (féach aithris 56).

(203) *Éifeacht dreasachta*. ([93]) Mhínigh údaráis na Rómáine go raibh gá leis an infheistíocht chun an plean éigeantach bainistithe géarchéime a chomhlíonadh i gcomhréir le Cinneadh Rialtais Uimh. 443/2005, lena bhformheastar an clár slándála náisiúnta. Mhínigh údaráis na Rómáine go raibh an trealamh a bhí ar fáil ag an aerfort tráth na hinfheistíochta ina riosca d'oibríochtaí an aerfoirt agus do shábháilteacht eitilte. Ós rud é nach raibh ATM in ann an infheistíocht a dhéanamh é féin agus nach mbeadh an t-aerfort in ann eitiltí a oibriú faoi dhálaí sábháilte gan an infheistíocht, comhlíontar coinníoll na héifeachta dreasachta.

([90]) Airteagal 58(1) den rialachán ginearálta maidir le blocdhíolúine.
([91]) Airteagal 3 i gcomhar le hAirteagal 56a(1) den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine.
([92]) Airteagal 5(1) den rialachán ginearálta maidir le blocdhíolúine.
([93]) Airteagal 6 den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine.

(204) *Déine cabhrach agus costais incháilithe a ríomh* ([94]).Chuir údaráis na Rómáine fianaise dhoiciméadach i láthair maidir le híocaíocht as an trealamh agus dheimhnigh siad nár áiríodh an méid RON 588 062, arb é CBL in-asbhainte é, i gcostas an bhonneagair láimhseála ar an talamh a ceannaíodh in 2011.

(205) *Carnadh* ([95]). Dheimhnigh údaráis na Rómáine nár thairbhigh ATM d'aon chineál eile cabhrach chun na hítimí a cheannach.

(206) *Foilsiú agus faisnéis* ([96]). Foráiltear le hAirteagal 58(1) nach gá do chabhair a deonaíodh roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta maidir le Blocdhíolúine ceanglais maidir le foilsiú Airteagal 9 a chomhlíonadh chun go measfar go bhfuil sí comhoiriúnach.

9.3.2.2. Comhoiriúnacht leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 56a den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine

(207) *Beidh an t-aerfort ar oscailt do gach úsáideoir ionchasach* ([97]). Bhí ATM ar oscailt do gach úsáideoir ionchasach, i.e. na haerlínte uile a d'iarr úsáid bhonneagar an aerfoirt, agus a thaispeántar in aithrisí 30 go 36, ag glacadh leis na taraifí aerfoirt a foilsíodh in AIP agus a cuireadh i bhfeidhm ar bhealach aonfhoirmeach, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach.

(208) Dheimhnigh údaráis na Rómáine go bhféadfadh na haerlínte uile ar mian leo oibriú ón aerfort i ndáil leis an gcreat rialála a thuairiscítear thuas é sin a dhéanamh. Mar a mhínítear in aithrisí 31, 33 agus 34, ba iad WizzAir, Malev agus Tarom na haerlínte a bhí ag oibriú eitiltí sceidealaithe ag an aerfort tráth a deonaíodh an infheistíocht.

(209) *Ní dheonófar an chabhair chun aerfoirt atá ann cheana a athlonnú nó chun aerfort nua paisinéirí a chruthú* ([98]). Le linn na tréimhse tagartha, ní dhearnadh ATM a athlonnú ná a aistriú ó aerpháirc go haerfort paisinéirí; tá bonneagar an aerfoirt ann agus á oibriú ar an láithreán céanna ó 1967 i leith.

(210) Ní dheonófar an chabhair d'aerfoirt a bhfuil meántrácht lasta bliantúil níos mó ná 200 000 tona acu le linn an 2 bhliain airgeadais roimh an mbliain ina ndeonaítear an chabhair go hiarbhír. Ní mheasfar go méadóidh an t-aerfort a mheántrácht lasta bliantúil go dtí os cionn 200 000 tona laistigh de 2 bhliain airgeadais tar éis dheonú na cabhrach mar thoradh ar an gcabhair ([99]): . Le linn na dtréimhsí 2009-2010 agus 2012-2013, níor oibríodh aon eitilt lasta ag ATM agus ní raibh aon trácht lasta níos mó ná 200 000 tona (aithris37). Dá bhrí sin, comhlíontar an coinníoll sin.

(211) Ní rachaidh an infheistíocht lena mbaineann thar a bhfuil riachtanach chun freastal ar an trácht meántéarmach a bhfuil coinne leis ar bhonn réamhaisnéisí tráchta réasúnta ([100]): Shoiléirigh údaráis na Rómáine go raibh an infheistíocht beartaithe chun na caighdeáin sábháilteachta is gá a chomhlíonadh chun go mbeadh eitiltí in ann oibriú faoi na dálaí sábháilteachta is fearr (aithris 55). Dá bhrí sin, comhlíontar an ceanglas sin leis an mbeart seo.

(212) Ní dheonófar an chabhair infheistíochta d'aerfort atá suite laistigh de 100 ciliméadar nó laistigh de 60 nóiméad ó am taistil i gcarr, i mbus, i dtraein nó i dtraein ardluais ó aerfort atá ann cheana óna n-oibrítear aersheirbhísí sceidealta, de réir bhrí Airteagal 2(16) de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ([101]). Mar a mhínítear in aithris 29, is é AICN an t-aerfort is gaire do ATM, atá níos mó ná 100 km uaidh agus 1 uair 30 nóiméad i gcarr agus Aerfort Idirnáisiúnta Sibiu, atá thart ar 120 km, 1 uair 50 nóiméad i gcarr. Tá gach aerfort mór eile níos mó ná 2 uair an chloig ar shiúl i gcarr. Dá bhrí sin, comhlíontar an coinníoll sin sa chás seo.

([94]) Airteagal 7 den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine.
([95]) Airteagal 8 den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine.
([96]) Airteagal 9 den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine.
([97]) Airteagal 56a(3) den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine.
([98]) Airteagal 56a(4) den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine.
([99]) Airteagal 56a(10) den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine.
([100]) Airteagal 56a(5) den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine.
([101]) Airteagal 56a(6) den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine.

(213) Ní bheidh feidhm ag míreanna 5 agus 6 maidir le haerfoirt ina bhfuil meántrácht bliantúil paisinéirí suas le 200 000 paisinéir le linn an 2 bhliain airgeadais roimh an mbliain ina ndeonaítear an chabhair go hiarbhír mura meastar go méadóidh an t-aerfort a mheántrácht bliantúil paisinéirí go dtí os cionn 200 000 paisinéir laistigh de 2 bhliain airgeadais tar éis dheonú na cabhrach mar thoradh ar an gcabhair infheistíochta. Comhlíonfaidh cabhair infheistíochta arna deonú d'aerfoirt den sórt sin mír 11 nó mír 13 agus mír 14 ([102]). Mar a cuireadh i láthair in Tábla 1, bhí an trácht paisinéirí 2009 – 2010 níos lú ná 200 000 paisinéir. Cé go raibh an trácht níos airde ná 200 000 paisinéir in 2012 agus 2013, mar a luaitear thuas in aithris 203, ní raibh an cineál trealaimh a maoiníodh le Beart 2 beartaithe ná faoi dhliteanas an méid tráchta ag an aerfort a mhéadú, ach níor cheadaigh sé don aerfort oibriú ach faoi dhálaí sábháilte. Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, go gcomhlíonfaí an ceanglas sin sa chás seo. Ós rud é go gcomhlíonann ATM na coinníollacha a cheanglaítear leis an aithris seo, níor cheart go mbeadh ar an gCoimisiún a léiriú anois ach go gcomhlíontar aithris 11 den Airteagal seo sa chás seo. Dá bhrí sin, ní gá don Choimisiún a léiriú go gcomhlíontar aithrisí 13 agus 14 sa chás seo.

(214) Ní dheonófar an chabhair infheistíochta d'aerfoirt a bhfuil meántrácht bliantúil paisinéirí níos mó ná trí mhilliún paisinéir acu le linn an 2 bhliain airgeadais roimh an mbliain ina ndeonaítear an chabhair go hiarbhír. Ní bheidh coinne leis go méadóidh an t-aerfort a mheántrácht bliantúil go dtí os cionn 3 mhilliún paisinéir laistigh de 2 bhliain airgeadais tar éis dheonú na cabhrach mar thoradh ar an gcabhair infheistíochta ([103]). Mar atá le feiceáil in Tábla 1, tá líon stairiúil paisinéirí ATM go mór faoi bhun trí mhilliún paisinéir le linn na tréimhse iomláine atá á measúnú. Dá bhrí sin, comhlíontar an coinníoll sin sa chás seo.

(215) Ní dheonófar an chabhair d'aerfoirt a bhfuil meántrácht lasta bliantúil níos mó ná 200 000 tona acu le linn an 2 bhliain airgeadais roimh an mbliain ina ndeonaítear an chabhair go hiarbhír. Ní mheasfar go méadóidh an t-aerfort a mheántrácht lasta bliantúil go dtí os cionn 200 000 tona laistigh de 2 bhliain airgeadais tar éis dheonú na cabhrach mar thoradh ar an gcabhair ([104]). Le linn 2009 – 2010 agus sa dá bhliain ina dhiaidh sin 2012 – 2013, níor oibríodh aon eitilt lasta ag ATM agus níor sháraigh aon trácht lasta 200 000 tona (aithris 37). Dá bhrí sin, comhlíontar an coinníoll sin.

(216) Ní bheidh an méid cabhrach infheistíochta níos mó ná an difríocht idir na costais incháilithe agus brabús oibriúcháin na hinfheistíochta. Asbhainfear an brabús oibriúcháin ó na costais incháilithe *ex ante*, ar bhonn réamh-mheastachán réasúnach, nó trí shásra aisghlámtha ([105]). In Airteagal 2(39) den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine sainmhínítear brabús oibriúcháin mar 'an difríocht idir na hioncaim lascainithe agus na costais oibriúcháin lascainithe thar shaolré eacnamaíoch na hinfheistíochta, i gcás ina bhfuil an difríocht sin dearfach. Áirítear leis na costais oibriúcháin costais amhail costais phearsanra, ábhair, seirbhísí conarthacha, cumarsáid, fuinneamh, cothabháil, cíos, riarachán, ach ní áirítear leo muirir dímheasa ná costais mhaoiniúcháin más rud é gur cumhdaíodh iad sin le cabhair infheistíochta. Trí ioncaim agus costais oibriúcháin a lascainiú ag baint úsáid as ráta lascaine iomchuí, is féidir brabús réasúnta a dhéanamh.'.

(217) Is aerfort é ATM a bhí ag cailleadh airgid le linn na tréimhse measúnaithe. Mar a mhínítear i Tábla 9, ní raibh coinne ag réamh-mheastacháin údaráis na Rómáine ach go n-éireodh ATM brabúsach in 2023 ar a luaithe. Dá bhrí sin, in 2011, nuair a rinneadh an infheistíocht, rinneadh í gan aon ionchas go bhféadfaí an infheistíocht a aisghabháil sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. Dá bhrí sin, níl aon ionchas ann go mbeidh brabús oibriúcháin ann sa ghearrthéarma ná sa mheántéarma tar éis an infheistíocht a dhéanamh agus, dá bhrí sin, measann an Coimisiún nach bhfuil an aithris sin infheidhme sa chás seo.

(218) *Is é a bheidh sna costais incháilithe na costais a bhaineann leis na hinfheistíochtaí i mbonneagar aerfoirt, lena n-áirítear costais phleanála* ([106]). Ós rud é gur infheistíocht i dtrealamh é sin de réir bhrí Airteagal 2(144) den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine, comhfhreagraíonn na costais incháilithe don mhéid iomlán a d'eisíoc údaráis na Rómáine agus a léirítear in Tábla 3. Measann an Coimisiún go gcomhlíontar an ceanglas sin sa chás seo.

([102]) Airteagal 56a(7) den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine.
([103]) Airteagal 56a(9) den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine.
([104]) Airteagal 56a(10) den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine.
([105]) Airteagal 56a(11) den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine.
([106]) Airteagal 56a(12) den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine.

9.3.2.3. Conclúid maidir leis an gcomhoiriúnacht le coinníollacha an Rialacháin Ghinearálta maidir le Blocdhíolúine

(219) I bhfianaise a bhfuil thuas, comhlíonann Beart 2 coinníollacha an Rialacháin Ghinearálta maidir le Blocdhíolúine.

9.3.3. *Conclúid maidir le comhoiriúnacht Bheart 2*

(220) Ar na cúiseanna a leagtar amach in aithrisí 198 go 218 thuas, measann an Coimisiún go bhfuil an chabhair infheistíochta a deonaíodh do ATM in 2011 comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ar bhonn Airteagal 107(3), pointe (c). CFAE.

10. MEASÚNÚ AR BHEART 3 - MAOINIÚ ATM FAOI IONTAOBHAS SLEG 2011 Ó MHÍ LÚNASA 2011 GO DTÍ MÍ DHEIREADH FÓMHAIR 2014

10.1. Cabhair a bheith ann

(221) Tá prionsabail Airteagal 107(1) CFAE mar a leagtar amach in aithrisí 126 go 133, 137, 140, 143 agus 148 infheidhme freisin chun measúnú a dhéanamh ar Bheart 3.

10.1.1. *Gníomhaíocht eacnamaíoch agus coincheap an ghnóthais*

(222) Mar a leagtar amach in aithris41), bhí Bainisteoir an Aerfoirt ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch sa tréimhse atá á measúnú agus, dá bhrí sin, is gnóthas é de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

(223) D'áitigh údaráis na Rómáine nach de chineál eacnamaíoch iad na gníomhaíochtaí a bhaineann le sábháilteacht agus slándáil aerárthaí agus le seirbhísiú aerárthaí agus atá díolmhaithe ó na muirir aerfoirt a liostaítear faoi phointí d) go h) d'Airteagal 1(2) d'Iontaobhas SLEG 2011 (aithris 58) agus gur tháinig siad faoi raon feidhme chumhachtaí údaráis phoiblí.

(224) Maidir leis na gníomhaíochtaí a liostaítear in Airteagal 1(2) d'Iontaobhas SLEG 2011 (aithris 58) faoi phointí (d), (e) agus (h), meabhraíonn an Coimisiún go meastar go ginearálta gur de chineál neamheacnamaíoch iad rialú aerthráchta, póilíní, custaim, comhrac dóiteáin, gníomhaíochtaí is gá chun an eitlíocht shibhialta a chosaint ar ghníomhartha cur isteach neamhdhleathaigh agus na hinfheistíochtaí sa bhonneagar agus sa trealamh is gá chun na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh (aithris 132). Dá bhrí sin, measann an Coimisiún nach de chineál eacnamaíoch é soláthar seirbhísí rialaithe aerthráchta, seirbhís múchta dóiteáin, seirbhísí éigeandála, lena n-áirithítear an tsábháilteacht chomh maith leis an spás agus na fóntais is gá le haghaidh údaráis phoiblí a dhéanann gníomhaíochtaí rialaithe sonracha ag an aerfort agus cosaint bhonneagar an aerfoirt mar a liostaítear in Airteagal 1(2) d'Iontaobhas SLEG 2011, pointí (d), (e) agus (h). Mar a luadh roimhe seo in aithris 39, bhí an creat rialála lena rialaítear oibríochtaí bhainisteoirí aerfoirt sa Rómáin comhsheasmhach ar fud na n-aerfort uile.

(225) Measann an Coimisiún go dtagann maoiniú na ngníomhaíochtaí a liostaítear in Airteagal 1(2) de phointí (d), (e) agus (h) d'Iontaobhas SLEG 2011 faoi shainchúram an bheartais phoiblí agus dá bhrí sin nach státchabhair é.

(226) Maidir le maoiniú gníomhaíochtaí a liostaítear in Airteagal 1(2), pointí (f) agus (g), d'Iontaobhas SLEG 2011 (féach aithris 58), d'áitigh an Rómáin go bhfuarthas an bonneagar agus an trealamh chun eitiltí aerárthaí atá díolmhaithe go dlíthiúil ó mhuirir aerfoirt a íoc a phróiseáil de réir Airteagal 31(2) d'Ordú Rialtais Uimh. 29/1997 maidir leis an gCód Eitlíochta. Mar shampla, d'áitigh an Rómáin, tráth an mhaoinithe, gur bhain ATM úsáid as modh paisinéirí a shiúlann chuig an bpointe imeachta/ón bpointe imeachta maidir le paisinéirí a chur ar bord agus a thabhairt ó bhord. Bhí sé riachtanach bus a cheannach chun na ceanglais maidir le hiompar paisinéirí i gcás éigeandála nó aerárthaí i nguais (amhail de bharr sceimhlitheoireachta) a chomhlíonadh.

(227) Mar sin féin, ní feidhmeanna a fhorchoimeádtar go ginearálta don Stát iad próiseáil eitiltí atá díolmhaithe ó mhuirir aerfoirt a liostaítear faoi Airteagal 1(2), pointe (f), d'Iontaobhas SLEG 2011, ná ceannach agus cothabháil an trealaimh is gá chun eitiltí den sórt sin a liostaítear faoi phointe (g) a phróiseáil.

(228) Ina theannta sin, meabhraíonn an Coimisiún, má úsáidtear bonneagar le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus neamheacnamaíocha araon, go dtiocfaidh cistiú poiblí faoi rialacha maidir le státchabhair a mhéid a chumhdaíonn sé na costais a bhaineann leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha. ([107])

([107]) Pointí 34 agus 35 de Threoirlínte Eitlíochta 2014 agus dlí-eolaíocht a luaitear iontu.

(229) Dheimhnigh an Rómáin le linn an imscrúdaithe fhoirmiúil sa chás i dtrácht gur úsáideadh an bonneagar bunúsach le haghaidh ghníomhaíochtaí eacnamaíocha an aerfoirt freisin.

10.1.2. *Acmhainní Stáit agus a mhéid atá siad inchurtha i leith an Stáit*

(230) Údaraíodh an cúiteamh a deonaíodh do ATM faoi SLEG 2011 le Cinneadh Réigiúnach Lúnasa 2011 (aithris 58) agus íocadh é ó bhuiséad Chomhairle Contae Mureș. Rinne Comhairle Contae Mureș, contae áitiúil sa Rómáin, ar cuid de Stát na Rómáine é, an cinneadh sin go díreach.

(231) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur acmhainní Stáit an maoiniú sin agus go bhfuil sé inchurtha i leith an Stáit freisin.

10.1.3. *Roghnaíocht*

(232) Sa chás i dtrácht, mhol agus thug an Stát an tacaíocht airgeadais do ghnóthas aonair, Bainisteoir an Aerfoirt. Is beart aonair é sin. Dá bhrí sin, tá Beart 3 roghnaitheach de réir sainmhínithe de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

10.1.4. *Buntáiste eacnamaíoch*

(233) An maoiniú poiblí a deonaíodh do Bhainisteoir an Aerfoirt arbh é ab aidhm dó na caillteanais a tabhaíodh agus a ngnáthghníomhaíocht á déanamh acu a fhritháireamh nó costais infheistíochta a chumhdach. Ní thugann aon ní san fhianaise fhíorasach atá ar fáil don Choimisiún ná sna barúlacha a fuarthas ón Rómáin nó ó thríú páirtithe le fios go bhféadfadh coinne a bheith ag an údarás deonúcháin le haon toradh airgeadais mar thoradh ar na bearta cistiúcháin sin nuair a chinn siad iad a dheonú.

(234) Tugann an Coimisiún dá aire freisin nár áitigh an Rómáin gur chomhlíon an maoiniú prionsabal oibreoir an gheilleagair margaidh. Mar a léirítear in Tábla 4, bhain caillteanas do ATM le linn na tréimhse uile faoi imscrúdú, gan aon ionchas ann go dtiocfadh sé chun bheith brabúsach sa mheántéarma (Tábla 5). Is é conclúid an Coimisiúin dá bhrí sin nár chomhlíon an maoiniú faoi mheasúnú prionsabal oibreoir an gheilleagair margaidh.

(235) Le linn an imscrúdaithe, d'áitigh an Rómáin freisin gur cúiteamh a bhí sa mhaoiniú poiblí a raibh díospóid faoi, cúiteamh as SLEG a sholáthar a chomhlíon coinníollacha Altmark.

(236) Sa chás seo, níor comhlíonadh an ceathrú coinníoll de chuid Altmark ós rud é nár roghnaíodh an tairbhí tar éis nós imeachta tairisceana. Níl aon fhianaise ann ach oiread lena léirítear gur cinneadh leibhéal an chúitimh ar bhonn anailíse ar na costais a thabhódh gnóthas tipiciúil, atá dea-riartha agus a soláthraítear dó go leordhóthanach na hacmhainní is gá chun a bheith in ann na ceanglais seirbhíse poiblí is gá a chomhlíonadh, le linn dó na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh, agus na hioncaim ábhartha agus brabús réasúnach as comhlíonadh na n-oibleagáidí sin á gcur san áireamh. Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, nach féidir a shuí gur cinneadh an maoiniú poiblí atá i gceist ar bhonn na gcostas a bhaineann le gnóthas éifeachtúil. Ós rud é nár comhlíonadh an ceathrú coinníoll de chuid Altmark, suíonn an Coimisiún nár comhlíonadh na ceithre choinníoll Altmark go carnach sa chás seo.

(237) I bhfianaise a bhfuil thuas, is é conclúid an Coimisiúin gur thug Beart 3 faoi mheasúnú buntáiste eacnamaíoch do Bhainisteoir an Aerfoirt.

10.1.5. *Saobhadh iomaíochta agus éifeacht ar thrádáil idir na Ballstáit*

(238) Tá an measúnú a luaitear in aithris 152 infheidhme freisin maidir leis an maoiniú poiblí a sholáthraítear do Bhainisteoir an Aerfoirt faoi Iontaobhas SLEG 2011 agus dá bhrí sin ní mór a mheas go bhféadfadh an maoiniú iomaíocht a shaobhadh agus difear a dhéanamh don trádáil idir na Ballstáit.

10.1.6. *Conclúid maidir le Státchabhair a bheith ann*

(239) Ar bhonn a bhfuil thuas, measann an Coimisiún gur státchabhair atá sa mhaoiniú poiblí a sholáthraítear do Bhainisteoir an Aerfoirt ar bhonn Iontaobhas SLEG 2011, státchabhair do Bhainisteoir an Aerfoirt de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, cé is moite de mhaoiniú gníomhaíochtaí a thagann faoin sainchúram poiblí mar a liostaítear in aithris 225.

10.2. **Dleathacht na cabhrach**

(240) Cuireadh Beart 3 i bhfeidhm sular fhormheas an Coimisiún go foirmiúil é. Dá bhrí sin, is cabhair neamhdhleathach í, mura rud é gur chomhlíon sí an tráth sin coinníollacha ábhartha ghníomh de chuid an Aontais lena bhforáiltear do dhíolúine ón oibleagáid fógra a thabhairt a leagtar síos in Airteagal 108 CFAE le haghaidh catagóirí áirithe cabhrach.

(241) Sa chás i dtrácht, mhaígh an Rómáin gur chomhlíon Beart 2 coinníollacha Chinneadh SLEG 2005.

10.2.1. *Comhlíontacht Iontaobhas SLEG 2011 le Cinneadh SLEG 2005*

(242) Ceanglaítear le Cinneadh SLEG 2005, ar an gcéad dul síos, fíor-SLEG a bheith ann. I ndáil leis sin, meabhraíonn an Coimisiún go bhfuil corrlach leathan lánroghnach ag na Ballstáit maidir le SLEGeanna a shainiú. Tá grinnscrúdú an Choimisiúin teoranta do mheasúnú a dhéanamh ar cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh earráid fhollasach sa sainmhíniú ar raon feidhme na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí ([108]).

(243) Maidir le cé acu atá nó nach SLEG atá i gceist le bainistíocht fhoriomlán aerfoirt, mar a d'áitigh údaráis na Rómáine sa chás seo, déanann an Coimisiún measúnú de ghnáth ar cé acu a bheadh nó nach mbeadh an limistéar a bhféadfadh an t-aerfort freastal air leithlisithe ón gcuid eile den Aontas a mhéid a dhéanfadh dochar dá fhorbairt shóisialta agus eacnamaíoch gan an t-aerfort. Ba cheart an anailís sin a dhéanamh ar bhonn cás ar chás ([109]).

(244) Sa chás i dtrácht, cuireann an Coimisiún na pointí seo a leanas san áireamh:

(a) Tá ATM suite 103 km ó AICN. Mhínigh údaráis na Rómáine, tráth fhoilsiú an Chinnidh Réigiúnaigh i mí Lúnasa 2011, mar gheall ar na himthosca a mhínítear in aithrisí 23 go 26, go raibh an t-am taistil idir an dá aerfort níos mó ná dhá uair an chloig mar gheall ar dhrochbhail an bhóthair, lenar ceadaíodh meánluas uasta 65 km/u, agus mar gheall ar an trácht trom. Thiocfadh méadú ar an am taistil sin i gcás busiompair, agus is é 3 huaire an chloig agus 10 nóiméad fad ama íosta an turais (lena n-áirítear an turas ón stáisiún bus i Cluj Napoca go AICN).

(b) Ina theannta sin, shoiléirigh údaráis na Rómáine, tráth a glacadh an Cinneadh Réigiúnach i mí Lúnasa 2011, gan ATM, go mbeadh na contaetha ó thuaidh, soir agus ó dheas ó chontae Târgu Mureş (i.e. contaetha Harghita, Covasna, cuid de chontaetha Bistrita, Sibiu, Neamt agus Brasov) scoite amach ón gcuid eile den Aontas, toisc nach raibh aon mhótarbhealach ann a nascann Mureş, Harghita, Covasna, Bistrita, Neamt, Brasov, Sibiu agus contaetha AICN (féach aithrisí 23 go 26).

(c) Ina theannta sin, mhínigh údaráis na Rómáine, mar gheall ar Shléibhte Cairp mórthimpeall chontae Harghita (thart ar 300 000 áitritheoir), gurb é an bóthar siar an t-aon bhealach éasca (i dtreo chontae Mureş) agus gurb é ATM an t-aon gheata aeir trína bhfuil rochtain ag áitritheoirí an chontae sin ar réigiúin eile san Eoraip. Le linn an imscrúdaithe, d'ardaigh údaráis na Rómáine freisin tionchar na ndálaí aimsire ar fhad an tráchta ar bhóithre idir Contae Mureş agus na contaetha comharsanacha. Is féidir 190 lá/bliain a bheith san eatramh bliantúil sneachta in Târgu Mureş. Tarlaíonn na laethanta is minice le clúdach sneachta (laethanta ar a gcuirtear bac ar thrácht ar bhóithre) i mí na Nollag (14,4 lá), mí Eanáir (23,2 lá) agus mí Feabhra (17,5 lá), 55,1 lá/bliain san iomlán. I gcásanna áirithe, is féidir leis an gclúdach sneachta maireachtáil ar feadh na míosa ar fad le linn mhíonna an gheimhridh, i.e. 31 lá i mí na Nollag agus i mí Eanáir agus 28-29 lá i mí Feabhra. Sioc is ea cúis eile le brú tráchta. Tarlaíonn an chéad sioc fómhair in Târgu Mureş ar an meán an 13 Deireadh Fómhair, agus taifeadtar sioc deireanach an earraigh an 21 Aibreán. Ciallaíonn sé sin gurb é 174 lá an mheántréimhse bhliantúil saor ó shioc.

(d) Ina theannta sin, bhí iompar d'iarnród tearcfhorbartha an tráth sin, gan aon nasc ardluais.

([108]) Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 1 Márta 2017, SNCM v an Coimisiún, Cás T-454/13, mír 111, Breithiúnais an 15 Meitheamh 2005, Olsen v an Coimisiún, T-17/02, ECLI:EU:T:2005:218, mír 216 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 22 Deireadh Fómhair 2008, TV2/Danmark agus Eile v an Coimisiún, T-309/04, T-317/04, T-329/04 agus T-336/04, ECLI:EU:T:2008:457, mír 101 agus an cásdlí dá dtagraítear.

([109]) Pointe 72 de Threoirlínte Eitlíochta 2014.

(e) Le linn an imscrúdaithe, rinne údaráis na Rómáine tagairt do Mháistirphlean Ginearálta Iompair na Rómáine 2015 ([110]) chun a chruthú sa mheántéarma nach mbeadh AICN ná Sibiu in ann déileáil lena dtrácht féin gan infheistíochtaí suntasacha breise (bheadh ar AICN 23 265 mhéadar cearnach breise a thógáil ar naprúin aerárthaí agus 29 066 chríochfort paisinéirí agus Sibiu 460 méadar cearnach de chríochfoirt paisinéirí díreach chun freastal ar a riachtanais féin). Dá bhrí sin, ní bheadh an dá aerfort sin in ann trácht ATM a thógáil mura mbeadh trácht ATM ann a thuilleadh.

(f) Mar a leagtar amach in aithris 21, tá laghdú suntasach tagtha ar dhaonra Chontae Mureș le blianta beaga anuas, treocht a mheastar a leanfaidh ar aghaidh sna blianta amach romhainn. Thairis sin, mar a luaitear in aithris 22, is lú an tairbhe a bhain Contae Mureș as méadú an Aontais ná an tairbhe a bhain a chontaetha comharsanacha as, gan trácht ar limistéar cathrach Bhúcairist. Agus aitheantas á thabhairt acu don tábhacht a bhaineann le bonneagar don fhorbairt réigiúnach, tá údaráis na Rómáine tar éis an t-aerfort a shainaithint mar phríomhshócmhainn. Mar thoradh air sin, cuimsíodh a athchóiriú sa Chlár Oibríochtúil do Bhonneagar Mór 2014–2020. Mar chuid de straitéis forbartha Chontae Mureș, bheartaigh an Chomhairle Contae páirc thionsclaíoch a bhunú gar don aerfort, ar a dtugtar Páirc Tionscail Mureș. ([111]) Dheimhnigh údaráis na Rómáine gur éirigh leis an bpáirc cuideachtaí monaraíochta agus infheistíocht eachtrach a mhealladh, rud a chuir le fás eacnamaíoch réigiúnach. I ndeireadh na dála, is é an cuspóir atá ann mol iompair idirmhódúil a fhorbairt chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do nascacht agus d'fhorbairt an limistéir.

(g) Chuir údaráis na Rómáine béim ar thábhacht na turasóireachta mar ghníomhaíocht eacnamaíoch le haghaidh neartúchán an chontae. Tháinig méadú suntasach ar an turasóireacht sa chontae sa tréimhse 2010-2015, agus cuireadh Contae Mureș sa 4ú háit sa Rómáin i dtéarmaí líon na dturasóirí, ina mbíonn líon iomlán ann de 492 181 chuairteoir ([112]). Ba iad Sighișoara, Târgu Mureș agus ionad saoire spá Sovata na nithe ba mhó a raibh turasóirí ón gcoigríoch ag tabhairt cuairt orthu in 2015. Tagann turasóirí ón gcoigríoch ó thíortha an Aontais den chuid is mó ach ó thíortha lasmuigh den Aontas Eorpach freisin (e.g. Iosrael). Chuir údaráis na Rómáine in iúl go raibh ról cinntitheach ag aerfort Târgu Mureș, lena naisc dhíreacha le roinnt cathracha móra san Aontas, sa mhéadú ar líon na dturasóirí.

(h) Ar deireadh, thug údaráis na Rómáine le fios go bhfuil Târgu Mureș ar thús cadhnaíochta maidir le trasphlandú cairdiach agus leigheas éigeandála. Is gné ríthábhachtach de thrasphlandú orgán é orgáin a iompar go tapa idir lárionaid náisiúnta. Is é is cuspóir d'Ospidéal Cliniciúil Éigeandála Chontae Mureș a cheannaireacht a mhéadú ó thrasphlandú croí go trasphlandú croí agus scamhóg, trasphlandú duáin, nó aon trasphlandú orgáin agus fíocháin eile. Tá sé sin i gcomhréir le straitéis Aireacht Sláinte na Rómáine, lena n-áirítear Banc Fíocháin a bhunú in Târgu Mureș. Thug an t-ospidéal chun suntais nach féidir aistriú héileacaptair othar ó aerfort eile, atá suite níos faide i gcéin, chuig an ospidéal a dhéanamh ar bhonn buan mar gheall ar shrianta meitéareolaíochta nó teicniúla, ní a choisceann an t-aistriú go minic, a mbíonn impleachtaí coimhdeacha acu don othar.

(245) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, measann an Coimisiún nach ndearna an Rómáin earráid fhollasach breithmheasa agus í ag cinneadh, gan ATM, go mbeadh roinnt limistéar de Réigiún Lárnach na Rómáine scoite amach ón gcuid eile den Aontas a mhéid a dhéanfadh dochar dá forbairt shóisialta agus eacnamaíoch.

(246) Sna himthosca sin, measann an Coimisiún gur leor na heilimintí a chuir údaráis na Rómáine in iúl chun tacú lena gcinneadh SLEG a chur ar iontaoibh ATM, agus nach bhfuil earráid fhollasach déanta ag an Rómáin.

(247) Níl feidhm ag Cinneadh SLEG 2005 (Airteagal 2(1), pointe (d) ach an oiread ach amháin maidir le haerfoirt ina bhfuil níos lú ná 1 000 000 paisinéir le linn an 2 bhliain airgeadais roimh an mbliain inar sannadh an SLEG.

(248) Bhí níos lú ná 1 000 000 paisinéir in aghaidh na bliana ag ATM in 2009 agus 2010 i.e. na blianta sular cuireadh SLEG 2011 ar iontaoibh (féach Tábla 1). Dá bhrí sin, bhí feidhm ag Cinneadh SLEG 2005 maidir le Beart 2.

([110]) master-planul-general-de-transport_iulie_2015_vol-i.pdf.
([111]) Plean Forbartha Chontae Mureș 2014-2020
Le fáil ag: anexa_hot107_2014.pdf.
([112]) https://mures.insse.ro/wp-content/uploads/2023/03/Mures_Anuar_statistic_2015.pdf.

(249) Ar deireadh, leagtar amach i gCinneadh SLEG 2005 roinnt coinníollacha comhoiriúnachta le haghaidh cúiteamh SLEG d'aerfoirt réigiúnacha mar a leagtar amach sna nithe seo a leanas.

(250) *Iontaoibh*. Chun go mbeidh feidhm ag Cinneadh SLEG 2005, cuirfear an fhreagracht as SLEG a oibriú ar iontaoibh gnóthais trí bhíthin gníomh oifigiúil amháin nó níos mó ([113]). Sa chás i dtrácht, cuireadh an SLEG ar iontaoibh trí bhíthin Chinneadh Réigiúnach mhí Lúnasa 2011.

(251) Taispeántar a thuilleadh in Airteagal 4 de Chinneadh SLEG 2005 roinnt gnéithe ar cheart don ghníomh iontaoibhe iad a chomhlíonadh, go háirithe:

(1) *Cineál agus fad na hoibleagáide seirbhíse poiblí*. Sonraítear cineál na hoibleagáide seirbhíse poiblí in Airteagal 1(2) de Ghníomh Réigiúnach mhí Lúnasa 2011. Tá soláthar ghníomhaíochtaí na hoibleagáide seirbhíse poiblí teoranta go dtí an 1 Eanáir an bhliain tar éis na bliana ina sáraíonn ATM an tairseach de 1 000 000 paisinéir agus tráth nach déanaí ná an 31ú Nollaig 2016 ([114]). Thairis sin, sonraítear i gCinneadh Réigiúnach mhí Lúnasa 2011 go ndéanfar, tar éis an dáta sin, an iontaobhas SLEG a athbhreithniú ([115]).

(2) *An gnóthas agus an chríoch lena mbaineann*. Cuireadh an SLEG ar iontaoibh Bhainisteoir an Aerfoirt agus sainmhínítear críoch an iontaobhais mar limistéar geografach 24 000 km², ina bhfuil thart ar 1,5 milliún áitritheoir, ina bhfuil ceithre chontae: Mureș, Bistrita, Harghita, Covasna ([116]).

(3) *Cineál aon cheart eisiach nó speisialta a shanntar don ghnóthas*. Tugtar an ceart eisiach do Bhainisteoir an Aerfoirt an SLEG a sholáthar ([117]).

(4) Na paraiméadair chun an cúiteamh a ríomh, a rialú agus a athbhreithniú.

(i) An cúiteamh a ríomh. Na costais atá le cur san áireamh agus leibhéal an chúitimh á chinneadh, cuimseoidh siad na costais sheasta agus athraitheacha uile, na costais reatha uile agus na costais chaipitil uile a tabhaíodh agus na gníomhaíochtaí a bhaineann leis an SLEG á soláthar agus sciar na ngníomhaíochtaí sin i gcostais choiteanna Bhainisteoir an Aerfoirt. Cuirfear costais infheistíochta san áireamh má tá siad nasctha go docht le soláthar gníomhaíochtaí a bhaineann leis an SLEG ([118]). Áireofar san ioncam a bheidh le cur san áireamh chun an cúiteamh a chinneadh an t-ioncam uile a fuarthas ó na gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an SLEG agus aon bhrabús ó na gníomhaíochtaí eile a dhéanann an t-oibreoir seachas iad siúd a bhaineann leis an SLEG ([119]).

(ii) *An cúiteamh a rialú*. Tabharfaidh Bainisteoir an Aerfoirt bunús leis an méid cúitimh a iarradh agus ullmhóidh sé tuarascáil maidir leis an mbunús agus an bonn cirt a fuarthas ón mbuiséad áitiúil. Tá Roinn Eacnamaíochta Chomhairle Contae Mureș freagrach ansin as an bhfaisnéis atá sa tuarascáil sin a fhíorú chomh maith leis na ráitis airgeadais a chuireann Bainisteoir an Aerfoirt isteach. Déantar na rialuithe sin uair sa bhliain ar a laghad, agus níos minice ná sin má mheastar gur gá sin ([120]).

(iii) Athbhreithniú ar an gcúiteamh agus ar na socruithe chun róchúiteamh a sheachaint agus a aisíoc. Bunaithe ar a seiceálacha rialta, iarrfaidh Roinn Eacnamaíochta Chomhairle Contae Mureș go n-aisíocfar aon róchúiteamh ó Bhainisteoir an Aerfoirt agus, más iomchuí, déanfaidh sí togra a bhfuil údar cuí leis chun athbhreithniú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí a bhaineann leis an SLEG ([121]).

(252) Is é conclúid an Coimisiúin dá bhrí sin go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4 de Chinneadh SLEG 2005 le Cinneadh Réigiúnach mhí Lúnasa 2011.

([113]) Airteagal 4 de Chinneadh SLEG 2005.
([114]) Airteagal 2(2) de Chinneadh Réigiúnach mhí Lúnasa 2011.
([115]) Airteagal 2(3) de Chinneadh Réigiúnach mhí Lúnasa 2011.
([116]) Airteagal 1(1) de Chinneadh Réigiúnach mhí Lúnasa 2011.
([117]) Airteagal 3 de Chinneadh Réigiúnach mhí Lúnasa 2011.
([118]) Airteagal 4(4) de Chinneadh Réigiúnach mhí Lúnasa 2011.
([119]) Airteagal 4(4) de Chinneadh Réigiúnach mhí Lúnasa 2011.
([120]) Airteagal 5 de Chinneadh Réigiúnach mhí Lúnasa 2011.
([121]) Airteagal 5(4) de Chinneadh Réigiúnach mhí Lúnasa 2011.

(253) *Cúiteamh* ([122]). Leagtar amach in Airteagal 5 de Chinneadh SLEG 2005 na paraiméadair nach mór an cúiteamh a chomhlíonadh chun go measfar go bhfuil sé comhoiriúnach leis an gCinneadh.

(254) Ní bheidh an méid cúitimh níos mó ná an méid is gá chun an costas a thabhaítear agus an oibleagáid seirbhíse poiblí á chomhlíonadh agus brabús réasúnach d'aon chaipiteal dílis is gá chun na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh a chumhdach. Mar a léirítear in Tábla 3, thabhaigh an t-aerfort caillteanais le linn na tréimhse iontaoibhe (2011-2014). Níor leor an cúiteamh a fuair Bainisteoir an Aerfoirt chun na costais a bhaineann lena oibleagáidí SLEG a reáchtáil a chumhdach. I bhfianaise an mhéid thuas, ní mór a thuiscint go gcomhlíontar an coinníoll atá ann faoi láthair sa chás seo.

(255) Is éard a bheidh sna costais agus san ioncam atá le cur san áireamh na costais uile arna dtabhú agus SLEG á oibriú agus arna ríomh ar bhonn na bprionsabal cuntasaíochta costála a bhfuil glacadh leo go ginearálta. Tuigeann an Coimisiún, ar na cúiseanna a mhínítear in aithris 251, gur socraíodh ríomhanna costas agus ioncam i gcomhréir le hAirteagal 4(4) agus (5) de Chinneadh Réigiúnach mhí Lúnasa 2011 agus, dá bhrí sin, go gcomhlíontar an critéar sin.

(256) *Cuntais na gcostas agus na bhfáltas atá bainteach leis an SLEG a dheighilt ó na seirbhísí eile*. Mar a mhínítear in aithris 62, forchuirtear deighilt shoiléir cuntas le hiontaobhas 2011. Cuireadh deighilt den sórt sin chun feidhme thar thréimhse an iontaobhais.

(257) Dá bhrí sin is é conclúid an Choimisiúin go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 5 de Chinneadh SLEG 2005 sa chás seo.

(258) *Róchúiteamh a rialú*. Leagtar amach in Airteagal 6 de Chinneadh SLEG 2005 roinnt sásraí chun a áirithiú nár tugadh róchúiteamh do Bhainisteoir an Aerfoirt, mar atá, seiceálacha rialta a bheith ann, agus sásraí a bheith i bhfeidhm chun aisíocaíocht aon róchúitimh a áirithiú agus forálacha chun róchúiteamh amach anseo a sheachaint.

(259) Mar a mhínítear in aithris 251(4)(ii) agus (iii), chuir Comhairle Contae Mureș sásraí i bhfeidhm chun róchúiteamh a sheachaint. Ina theannta sin, shonraigh Comhairle Contae Mureș i sraith rialacha go ndéanfaí cúiteamh amach anseo a ríomh i gcomhréir le torthaí na mblianta roimhe sin. Is é sin le rá, dá dtabharfaí róchúiteamh do Bhainisteoir an Aerfoirt in 2012, thabharfaí an farasbarr anonn chun an cúiteamh a chlúdach in 2013 ([123]).

(260) Dá bhrí sin is é conclúid an Choimisiúin go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 6 de Chinneadh SLEG 2005 sa chás seo.

10.2.2. *Conclúid*

(261) Is é conclúid an Coimisiúin go bhfuil an chabhair a deonaíodh ar bhonn Iontaobhas SLEG 2011 comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ar bhonn Airteagal 106(2) CFAE agus go raibh sí díolmhaithe ón oibleagáid réamhfhógra a thabhairt dá bhforáiltear in Airteagal 108(3) CFAE.

11. MEASÚNÚ AR BHEART 4 – MAOINIÚ ATM FAOI IONTAOBHAS SLEG 2014 ÓN 30 DEIREADH FÓMHAIR 2014 GO DTÍ AN 9 BEALTAINE 2019

11.1. Cabhair a bheith ann

(262) Tá prionsabail Airteagal 107(1) CFAE mar a leagtar amach in aithrisí 126 go 133, 137, 140, 143, 148 agus 149 infheidhme freisin chun measúnú a dhéanamh ar Bheart 4.

([122]) Cúitíodh Bainisteoir an Aerfoirt le linn na tréimhse measúnaithe le méid a bhí níos ísle ná a chostais iarbhír (Tábla 4). Dá bhrí sin, ní dhéanfaidh an Coimisiún anailís ar na forálacha maidir le hAirteagal 6 den Chinneadh SLEG i ndáil leis an mbrabús réasúnta.

([123]) Féach mar shampla Cinneadh Réigiúnach Chomhairle Contae Mureș Uimh. 158 an 20 Nollaig 2012 ina luaitear go bhfuil an meastachán ar an gcúiteamh le haghaidh 2013 agus 2014 sa dréachtbhuiséad bunaithe ar thorthaí 2012.

11.1.1. *Gníomhaíocht eacnamaíoch agus coincheap an ghnóthais*

(263) Mar a leagtar amach in aithris 41, bhí Bainisteoir an Aerfoirt ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch sa tréimhse atá á measúnú agus, dá bhrí sin, is gnóthas é de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

(264) D'áitigh údaráis na Rómáine go ndearna Bainisteoir an Aerfoirt gníomhaíochtaí áirithe laistigh de raon feidhme SLEG 2014 a thagann faoi shainchúram an bheartais phoiblí. Go háirithe, d'áitigh an Rómáin maidir leis na costais arna dtabhú ag bainisteoir an aerfoirt thar ceann eintitis Stáit a oibríonn ar áitreabh an aerfoirt, chomh maith leis na costais arna dtabhú i seirbhísiú eitiltí atá díolmhaithe ó mhuirir aerfoirt a íoc, go measfar go dtagann siad faoi shainchúram an bheartais phoiblí.

(265) Meabhraíonn an Coimisiún, má úsáidtear bonneagar le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus neamheacnamaíocha araon, nach dtiocfaidh cistiú poiblí faoi rialacha maidir le Státchabhair ach amháin a mhéid a chumhdaíonn sé na costais a bhaineann leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha.

(266) Maidir leis an tacaíocht phoiblí a úsáidtear le haghaidh na ngníomhaíochtaí faoi Airteagal 1(2), pointí (d go (g), d'Iontaobhas SLEG 2014 (aithris 66), meabhraíonn an Coimisiún go measfar go ginearálta gur de chineál neamheacnamaíoch iad gníomhaíochtaí a bhaineann le póilíní, custaim, comhrac dóiteáin, gníomhaíochtaí is gá chun an eitlíocht shibhialta a chosaint ar ghníomhartha cur isteach neamhdhleathaigh agus na hinfheistíochtaí agus an chothabháil a bhaineann leis an mbonneagar agus leis an trealamh is gá chun na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh.

(267) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún cosaint bhonneagar an aerfoirt a liostaítear in Airteagal 1(2), pointe (d), d'Iontaobhas SLEG 2014; na hoibríochtaí cuardaigh agus tarrthála ag áitreabh an aerfoirt faoi phointe e) de; saoráidí gardála agus slándála le haghaidh éigeandálaí agus cosc agus rialú dóiteáin faoi phointe f) díobh; agus soláthar na limistéar, na saoráidí agus an bhonneagair is gá a éilíonn an riarachán custaim, na póilíní teorann, na póilíní aeriompair, an Aireacht Gnóthaí Baile agus Seirbhís Faisnéise na Rómáine chun a ngníomhaíochtaí sonracha a dhéanamh faoi phointe g) de, a bheith ina mbearta a thagann faoi ghnáthfheidhmiú feidhmeanna Stáit, a mhéid a thagann siad faoi na catagóirí a liostaítear in aithris 132 ([124]). Mar a luadh roimhe seo in aithris 39, bhí an creat rialála lena rialaítear oibríochtaí bhainisteoirí aerfoirt sa Rómáin comhsheasmhach ar fud na n-aerfort uile.

(268) Dá bhrí sin, tagann tacaíocht phoiblí do na gníomhaíochtaí sin laistigh d'Airteagal 1(2) pointí (d) go (g) d'Iontaobhas SLEG 2014 faoi shainchúram an bheartais phoiblí agus ní cabhair í de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

(269) Mar sin féin, ní feidhmeanna a fhorchoimeádtar go ginearálta don Stát iad oibríocht saor in aisce a sholáthar le haghaidh eitiltí stáit, eitiltí seirbhíse míleata laistigh d'aireachtaí agus seirbhísí rialtais áirithe, eitiltí éigeandála áirithe agus i gcásanna eile a rialaítear go dlíthiúil a liostaítear faoi Airteagal 1(2), pointe (h), d'Iontaobhas SLEG 2014, ná na seirbhísí láimhseála ar an talamh a sholáthraítear d'aerárthaí faoi úinéireacht an stáit, lena n-áirítear soláthar trealaimh ghaolmhair a liostaítear faoi phointe (c).

11.1.2. *Acmhainní Stáit agus a mhéid atá siad inchurtha i leith an Stáit*

(270) Údaraíodh an cúiteamh a deonaíodh do ATM faoi SLEG 2014 le Cinneadh Réigiúnach mhí Dheireadh Fómhair 2014 (aithris 43) agus íocadh é ó bhuiséad Chomhairle Contae Mureș. Is cinneadh é sin arna ghlacadh go díreach ag Comhairle Contae Mureș, contae áitiúil sa Rómáin, ar cuid de Stát na Rómáine é.

(271) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur acmhainní Stáit atá sa mhaoiniú arna sholáthar ar bhonn Chinneadh Réigiúnach mhí Dheireadh Fómhair 2014 agus go bhfuil sé inchurtha i leith an Stáit freisin.

([124]) Cinneadh (AE) 2015/1226 ón gCoimisiún an 23 Iúil 2014 maidir le Státchabhair SA.33963 (2012/C) (ex 2012/NN) arna cur chun feidhme ag an bhFrainc i bhfabhar Chomhlachas Tráchtála agus Tionscail Angoulême, SNC-Lavalin, Ryanair agus Airport Marketing Services (IO L 201, 30.7.2015, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/1226/oj).

11.1.3. *Roghnaíocht*

(272) Sa chás i dtrácht, mhol agus thug an Stát an tacaíocht airgeadais do ghnóthas aonair, Bainisteoir an Aerfoirt. Is beart aonair é sin. Dá bhrí sin, tá Beart 4 roghnaitheach de réir sainmhínithe de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

11.1.4. *Buntáiste eacnamaíoch*

(273) An maoiniú poiblí a deonaíodh do Bhainisteoir an Aerfoirt arbh é ab aidhm dó na caillteanais a tabhaíodh agus a ngnáthghníomhaíocht á déanamh acu a fhritháireamh nó costais infheistíochta a chumhdach. Ní thugann aon ní san fhianaise fhíorasach atá ar fáil don Choimisiún ná sna barúlacha a fuarthas ón Rómáin ná ó thríú páirtithe le fios go bhféadfadh coinne a bheith ag an údarás deonúcháin le haon toradh airgeadais mar thoradh ar na bearta cistiúcháin sin nuair a chinn sé iad a dheonú.

(274) Tugann an Coimisiún dá aire freisin nár áitigh an Rómáin gur chomhlíon an maoiniú prionsabal oibreoir an gheilleagair margaidh. Mar a léirítear i Tábla 6, bhain caillteanas do ATM le linn na tréimhse uile faoi imscrúdú, gan aon ionchas ann go dtiocfadh sé chun bheith brabúsach sa mheántéarma (Tábla 5). Dá bhrí sin, is é conclúid an Choimisiúin nár chomhlíon an maoiniú faoi mheasúnú prionsabal oibreoir an gheilleagair margaidh.

(275) Le linn an imscrúdaithe, d'áitigh an Rómáin freisin gur cúiteamh atá i mBeart 4, cúiteamh as SLEG a sholáthar a chomhlíon coinníollacha Altmark.

(276) Sa chás seo, níor comhlíonadh an ceathrú coinníoll de chuid Altmark, toisc nár roghnaíodh an tairbhí tar éis nós imeachta tairisceana. Níl aon fhianaise ann ach oiread lena léirítear gur cinneadh leibhéal an chúitimh ar bhonn anailíse ar na costais a thabhódh gnóthas tipiciúil, atá dea-riartha agus a soláthraítear dó go leordhóthanach na hacmhainní is gá chun a bheith in ann na ceanglais seirbhíse poiblí is gá a chomhlíonadh, le linn dó na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh, agus na hioncaim ábhartha agus brabús réasúnach as comhlíonadh na n-oibleagáidí sin á gcur san áireamh. Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, nach féidir a shuí gur cinneadh an maoiniú poiblí atá i gceist ar bhonn na gcostas a bhaineann le gnóthas éifeachtúil. Ós rud é nár comhlíonadh coinníoll Altmark 4, cinneann an Coimisiún nár comhlíonadh ceithre choinníoll Altmark go carnach sa chás seo.

(277) I bhfianaise a bhfuil thuas, is é conclúid an Coimisiúin gur thug Beart 4 buntáiste eacnamaíoch do Bhainisteoir an Aerfoirt.

11.1.5. *Saobhadh iomaíochta agus éifeacht ar thrádáil idir na Ballstáit*

(278) Tá an measúnú a luaitear in aithris 152 infheidhme freisin maidir leis an maoiniú poiblí a sholáthraítear do Bhainisteoir an Aerfoirt faoi Iontaobhas SLEG 2014 agus dá bhrí sin ní mór a mheas go bhféadfadh an maoiniú iomaíocht a shaobhadh agus difear a dhéanamh don trádáil idir na Ballstáit.

11.1.6. *Conclúid maidir le Státchabhair a bheith ann*

(279) Ar bhonn a bhfuil thuas, is é conclúid an Coimisiúin gur státchabhair atá sa mhaoiniú poiblí a sholáthraítear do Bhainisteoir an Aerfoirt ar bhonn Iontaobhas SLEG 2014, státchabhair do Bhainisteoir an Aerfoirt de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, cé is moite de mhaoiniú gníomhaíochtaí a thagann faoin sainchúram poiblí mar a liostaítear in aithris 268.

11.2. **Dleathacht na cabhrach**

(280) Cuireadh beart 4 i bhfeidhm sular fhormheas an Coimisiún go foirmiúil é. Dá bhrí sin, is cabhair neamhdhleathach í, mura rud é gur chomhlíon sí an tráth sin coinníollacha ábhartha ghníomh de chuid an Aontais lena bhforáiltear do dhíolúine ón oibleagáid fógra a thabhairt a leagtar síos in Airteagal 108 CFAE le haghaidh catagóirí áirithe cabhrach.

(281) Mhaígh an Rómáin gur chomhlíon Beart 4 coinníollacha Chinneadh SLEG 2012.

(282) Tá feidhm ag Cinneadh SLEG 2012 maidir le cúiteamh as SLEGeanna a sholáthar a mhéid a bhaineann le haerfoirt nach mó ná 200 000 paisinéir an meántrácht bliantúil ina leith le linn an 2 bhliain airgeadais roimh an mbliain inar sannadh an SLEG. Mar a luadh i gCinneadh Tosaigh 2015, bhí níos mó ná 200 000 paisinéir in aghaidh na bliana ag ATM in 2012 agus 2013 i.e. na blianta sular cuireadh SLEG 2014 ar iontaoibh (féach Tábla 1). Dá bhrí sin, ní raibh feidhm ag Cinneadh SLEG 2012 maidir le Beart 4.

(283) Dá réir sin, cuireadh Beart 4 chun feidhme de shárú ar Airteagal 108(3) CFAE.

11.3. **Comhoiriúnacht leis an margadh inmheánach**

(284) I gcomhréir le Treoirlínte Eitlíochta 2014, is féidir a mheas go bhfuil cúiteamh ar oibriú aerfoirt mar SLEG comhoiriúnach faoi Airteagal 106(2) CFAE má chomhlíontar na critéir a leagtar amach i roinn 4 de Threoirlínte Eitlíochta 2014, go háirithe má cháilíonn an oibríocht mar fhíor-SLEG de réir bhrí phointí 69 agus 72 de Threoirlínte Eitlíochta 2014, agus má chomhlíonann sí na critéir chomhoiriúnachta a leagtar amach i roinn 4.2 de Threoirlínte Eitlíochta 2014 i gcomhar leis na rialacha ábhartha de Chreat SLEG 2012.

(285) Sonraítear le pointe 75(a) de Threoirlínte Eitlíochta 2014 go bhfuil feidhm ag Creat SLEG 2012 maidir leis an measúnú comhoiriúnachta le haghaidh cabhair d'aerfoirt ag a bhfuil meántrácht bliantúil a sháraíonn 200 000 paisinéir thar fhad an iontaobhas SLEG, rud ab amhlaidh i gcás ATM (Tábla 1). Dá bhrí sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chomhoiriúnacht Bheart 4 ar bhonn na gcritéar a leagtar síos i gCreat SLEG 2012 agus i dTreoirlínte Eitlíochta 2014.

(286) Leagtar síos i gCreat SLEG 2012 roinnt coinníollacha comhoiriúnachta le haghaidh SLEGeanna, lena n-áirítear coinníollacha a bhaineann le haerfoirt, lena n-áirítear go háirithe, gníomh iontaoibhe a bheith ann, an cúiteamh a ríomh agus sásraí a bheith ann chun róchúiteamh a rialú.

11.3.1. *Fíor-SLEG dá dtagraítear in Airteagal 106 CFAE*

(287) Mar chéad choinníoll chun cúiteamh seirbhísí bainistíochta aerfoirt a bheith comhoiriúnach leis na rialacha maidir le Státchabhair, ní mór fíor-SLEG atá sainmhínithe i gceart a chur ar iontaoibh an tsoláthraí seirbhíse. Leagtar síos an ceanglas sin i bpointe 69 de Threoirlínte Eitlíochta 2014 i gcomhar le Roinn 2.2 de Chreat SLEG 2012.

(288) De réir phointe 69 de Threoirlínte Eitlíochta 2014, 'ba cheart saintréithe speisialta [a bheith ag SLEG] i gcomparáid le gnáthghníomhaíochtaí eacnamaíocha' agus 'ní féidir le forbairt limistéar eacnamaíoch nó gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe dá bhforáiltear in Airteagal 107(3)(c) den Chonradh a bheith mar chuspóir leasa ghinearálta atá á shaothrú ag na húdaráis phoiblí'.

(289) I bpointe 72 de Threoirlínte Eitlíochta 2014, sonraíonn an Coimisiún gur SLEG í bainistíocht fhoriomlán aerfoirt i gcásanna a bhfuil údar maith leo, dá ndéanfaí cuid den limistéar a bhféadfadh an t-aerfort freastal air a leithlisiú, gan an t-aerfort, ón gcuid eile den Aontas a mhéid a dhéanfadh dochar dá fhorbairt shóisialta agus eacnamaíoch. Ba cheart aird chuí a thabhairt sa mheasúnú sin ar mhodhanna eile iompair, agus go háirithe ar sheirbhísí iarnróid ardluais nó naisc mhuirí a bhfreastalaíonn báid farantóireachta orthu. I gcásanna den sórt sin, féadfaidh údaráis phoiblí oibleagáid seirbhíse poiblí a fhorchur ar aerfort chun a áirithiú go bhfanfaidh an t-aerfort ar oscailt do thrácht tráchtála.

(290) Tá feidhm *mutatis mutandis* ag an réasúnaíocht chéanna a luaitear in aithrisí 243 go 245, maidir le SLEG 2011, maidir le SLEG 2014 freisin ós rud é nach raibh forbairt shuntasach tagtha ar staid na modhanna iompair sa limistéar ó 2011 i leith. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún go gcuirtear fíor-SLEG ar iontaoibh ATM freisin faoi Iontaobhas SLEG 2014.

(291) Ar na cúiseanna uile a shonraítear thuas, measann an Coimisiún go bhfuil an chabhair a dheonaítear faoi Iontaobhas SLEG 2014 le deonú le haghaidh fíor-SLEG atá sainithe i gceart, i gcomhréir le Roinn 2.2 de Chreat SLEG 2012 agus le pointí 69 agus 72 de Threoirlínte Eitlíochta 2014.

11.3.2. *An gá atá le gníomh iontaoibhe lena sonraítear na hoibleagáidí seirbhíse poiblí agus na modhanna chun cúiteamh a ríomh*

(292) De bhun phointí 15 agus 16 de Chreat SLEG 2012, ní mór an fhreagracht as oibriú an SLEG a chur ar iontaoibh trí bhíthin gníomh amháin nó roinnt gníomhartha, a bhféadfaidh an Ballstát a bhfoirm a chinneadh. Ní mór na nithe seo a leanas a chuimsiú sa ghníomh nó sa tsraith gníomhartha: (a) ábhar agus fad na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí; (b) an gnóthas agus, i gcás inarb infheidhme, an chríoch lena mbaineann; (c) cineál aon chirt eisiach nó speisialta a shannfaidh an t-údarás deonaithe don ghnóthas; (d) tuairisc ar an sásra cúitimh agus ar na paraiméadair lena ríomhtar agus lena ndéantar faireachán agus athbhreithniú ar an gcúiteamh; agus (e) na socruithe maidir le haon róchúiteamh a sheachaint agus a aisghabháil.

(293) Ar an gcaoi chéanna, de réir phointe 69 de Threoirlínte Eitlíochta 2014, ba cheart SLEGeanna in earnáil an aerfoirt a shainiú go soiléir agus ba cheart gníomh údaráis phoiblí a chur ar a n-iontaoibh.

(294) Cuireadh SLEG 2014 ar iontaoibh le Cinneadh Réigiúnach mhí Dheireadh Fómhair 2014 a tarraingíodh suas i gcomhréir le forálacha Chreat SLEG 2012 agus Treoirlínte Eitlíochta 2014. Mar a luaitear in aithris 66, sonraítear in Airteagal 1(2) de Chinneadh Réigiúnach mhí Dheireadh Fómhair 2014 na gníomhaíochtaí ar SLEG iad ag ATM. Mar a luaitear in aithris 268, tagann roinnt gníomhaíochtaí faoi shainchúram an bheartais phoiblí agus, dá bhrí sin, tá siad lasmuigh den rialú státchabhrach. Sonraítear na gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá fágtha go príomha go soiléir in Airteagal 1(2), pointí (a), (b), (c) agus (h) de Chinneadh Réigiúnach mhí Dheireadh Fómhair 2014 agus sainaithnítear iad mar ghníomhaíochtaí SLEG. Thairis sin, mar a luaitear in aithris 68, luadh fad na hoibleagáide seirbhíse poiblí go soiléir. Ina theannta sin, mar a luaitear in aithris 43, sonraíodh an gnóthas lena mbaineann freisin in Iontaobhas SLEG 2014, is é sin Bainisteoir an Aerfoirt. Ar deireadh, tugadh an ceart eisiach do Bhainisteoir an Aerfoirt an SLEG a sholáthar ([125]). I bhfianaise a bhfuil thuas, measann an Coimisiún gur chomhlíon SLEG 2014 pointí 16(a) agus (b) de Chreat SLEG 2012 agus pointe 69 de Threoirlínte Eitlíochta 2014.

(295) Thairis sin, mar a luaitear in aithris 67, leagtar amach go mionsonraithe in Airteagal 4(2) go (11) de Chinneadh Réigiúnach mhí Dheireadh Fómhair 2014 ríomh an chúitimh le haghaidh SLEG 2014. Bunaítear an méid seo a leanas leis na forálacha sin: teorainneacha na gcostas oibriúcháin agus infheistíochta incháilithe a bhaineann le SLEG atá le cumhdach leis an gcúiteamh; costais a bhaineann le SLEG, agus na costais sin amháin, agus méid comhréireach costas coiteann, a chur san áireamh; an teorainn nach féidir leis an gcúiteamh a bheith níos mó ná na costais is gá chun an oibleagáid seirbhíse poiblí a urscaoileadh. Rud atá tábhachtach, foráiltear leis na forálacha sin freisin nach féidir leis an gcúiteamh a bheith níos mó ná an difríocht idir na costais sin, ar thaobh amháin, agus ioncaim an aerfoirt a bhaineann leis an SLEG agus brabúis an aerfoirt nach mbaineann leis an SLEG, ar an taobh eile. I bhfocail eile, le hioncaim ón SLEG agus fiú brabúis ó ghníomhaíochtaí neamh-SLEG, laghdaítear an méid cúitimh a dheonaítear faoi SLEG 2014 chun aon róchúiteamh a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint. Thairis sin, mar a luaitear in aithris 62), coimeádadh cuntais ar leithligh le haghaidh gníomhaíochtaí SLEG agus gníomhaíochtaí neamh-SLEG de chuid ATM. I bhfianaise a bhfuil thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann SLEG 2014 pointí 16(d) agus (e) de Chreat SLEG 2012.

11.3.3. *Fad na tréimhse iontaobhais*

(296) Ceanglaítear le pointe 17 de Chreat SLEG 2012 nach mór údar cuí a thabhairt le fad tréimhse iontaobhais na hoibleagáide seirbhíse poiblí le critéir oibiachtúla amhail amúchadh agus dímheas. Tugann an Coimisiún dá aire gur faide ná 10 mbliana de ghnáth na tréimhsí amúchta agus dímheasa le haghaidh na sócmhainní seasta is suntasaí amhail foirgnimh agus trealamh le haghaidh oibríochtaí aerfoirt a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sonraithe SLEG ([126]). In aon chás, mar a luadh, scoir SLEG 2014 in 2019, i bhfad níos luaithe ná mar a bhí beartaithe.

(297) Ar na cúiseanna thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíontar pointe 17 de Chreat SLEG 2012.

([125]) Airteagal 2 de Chinneadh Réigiúnach mhí Dheireadh Fómhair 2014.

([126]) Féach mar thagairt aithris 73 de Chinneadh ón gCoimisiún an 24 Samhain 2023 i gcás SA.106193 (2023/N) – Aerfort Skellefteå na Sualainne – Seirbhís lena ngabhann Leas Eacnamaíoch Ginearálta a chur ar Iontaoibh.

11.3.4. *Comhlíontacht le Treoir 2006/111/CE*

(298) Ceanglaítear le pointe 18 de Chreat SLEG 2012 go gcomhlíonfaidh an gnóthas atá i gceist, i gcás inarb infheidhme, Treoir 2006/111/CE ón gCoimisiún ([127]). Faoi Airteagal 5 den Treoir sin, áfach, níl feidhm ag ceanglais trédhearcachta faoi seach Airteagal 1 maidir le gnóthais phoiblí a bhfuil a nglanláimhdeachas bliantúil iomlán níos lú ná EUR 40 milliún thar thréimhse an 2 bhliain airgeadais roimh aon chiste poiblí nó iontaobhas SLEG. I bhfianaise ioncam bliantúil an-teoranta ATM le linn 2012 agus 2013 mar a léirítear in Tábla 4, níl Treoir 2006/111/CE infheidhme maidir leis an gcás seo agus dá bhrí sin níl an measúnú ar phointe 18 de Chreat SLEG 2012 ábhartha sa chás seo.

11.3.5. *Comhlíontacht le rialacha an Aontais maidir le soláthar poiblí*

(299) Ceanglaítear le pointe 19 de Chreat SLEG 2012 go gcomhlíonfaidh an gnóthas rialacha an Aontais is infheidhme i réimse an tsoláthair phoiblí, lena n-áirítear ceanglais maidir le trédhearcacht, cóir chomhionann agus neamh-idirdhealú a eascraíonn go díreach as an gConradh agus, i gcás inarb infheidhme, reachtaíocht thánaisteach.

(300) Faoi Airteagal 32(2), pointe (b), de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ([128]) ceadaítear an nós imeachta idirbheartaithe a úsáid gan é a fhoilsiú roimh ré i gcás seirbhísí is féidir le hoibreoir eacnamaíoch áirithe a sholáthar nach bhfuil aon iomaíocht ann ar chúiseanna teicniúla.

(301) Tugann an Coimisiún faoi deara gurb é ATM an t-aon oibreoir eacnamaíoch ar féidir leis an SLEG a chumhdaítear leis an ngníomh iontaoibhe a sholáthar. Mar a luadh thuas (aithris í 244(a) go 245), níl aon aerfort eile ann a d'fhéadfadh aon rogha mhalartach bhailí ar ATM a sholáthar maidir le rochtain a fháil ar Târgu Mureș agus ar a chontaetha comharsanacha. Ós rud é nach ann d'aon aerfort seachas ATM a d'fhéadfadh an SLEG a fheidhmiú sa chás seo, ar SLEG é a chuirtear ar iontaoibh trí bhíthin an lamháltais seirbhíse, ní gá an fógra lamháltais a fhoilsiú chun iomaíocht idir aerfoirt a áirithiú.

(302) I bhfianaise a bhfuil thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíontar pointe 19 de Chreat SLEG 2012 sa chás seo.

11.3.6. *Easnamh idirdhealaithe*

(303) Ceanglaítear le pointe 20 de Chreat SLEG 2012, i gcás ina sannann údarás soláthar an SLEG céanna do roinnt gnóthas, gur cheart an cúiteamh a ríomh ar bhonn an mhodha chéanna i leith gach gnóthais.

(304) Ós rud é gur cuireadh bainistíocht fhoriomlán an aerfoirt ar iontaoibh gnóthais aonair, níl feidhm ag pointe 20 de Chreat SLEG 2012 sa chás seo.

11.3.7. *An méid cúitimh*

(305) Tagraíonn pointí 21 go 50 de Chreat SLEG 2012 do mhéid an chúitimh.

(306) De bhun phointe 24 de Chreat SLEG 2012, ba cheart modheolaíocht an ghlanchostais sheachanta a úsáid chun an glanchostas a bhaineann le comhlíonadh na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí a ríomh ([129]). I bpointe 27 de Chreat SLEG 2012, ceadaíonn an Coimisiún modhanna malartacha a chur i bhfeidhm chun ríomh a dhéanamh ar an nglanchostas is gá chun an oibleagáid seirbhíse poiblí a urscaoileadh i gcásanna nach bhfuil modheolaíocht an ghlanchostais sheachanta indéanta ná iomchuí.

([127]) Treoir 2006/111/CE ón gCoimisiún an 16 Samhain 2006 maidir le trédhearcacht an chaidrimh airgeadais idir na Ballstáit agus gnóthais phoiblí agus chomh maith leis sin maidir le trédhearcacht airgeadais laistigh de ghnóthais áirithe (IO L 318, 17.11.2006, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/111/oj).

([128]) Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28/03/2014, lch. 65, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/24/oj).

([129]) Déantar achoimre ar mhodheolaíocht an ghlanchostais sheachanta i bpointí 25 agus 26 de Chreat SLEG 2012.

(307) Le modheolaíocht an ghlanchostais sheachanta, ceanglaítear costais agus ioncaim na cuideachta a shuí i gcás hipitéiseach nach bhfuil aon SLEG ann. Sa chás i dtrácht, braitheann gach seirbhís nach gcumhdaítear leis an ngníomh iontaoibhe ar SLEG a bheith ann. Dá bhrí sin, ní féidir aon chás hipitéiseach ábhartha a chur i bhfeidhm nach ndéantar ann ach na gníomhaíochtaí eile, rud a chiallaíonn nach féidir modh an ghlanchostais sheachanta a úsáid.

(308) Ar an gcúis sin, ceanglaítear leis an ngníomh iontaoibhe ar ATM a ghlanchostas le haghaidh oibleagáid na hoibleagáide seirbhíse poiblí a thuairisciú ag úsáid na modheolaíochta leithdháilte costais – modheolaíocht mhalartach, a shainmhínítear i bpointí 28 – 31 de Chreat SLEG 2012. Léirítear é sin in Iontaobhas SLEG 2014, lena gceanglaítear comhlíontacht leis an modheolaíocht bunaithe ar leithdháileadh costas mar a shainmhínítear i gCreat SLEG 2012. Fíoraítear thíos an easpa róchúitimh a iarrtar le pointe 21 de Chreat SLEG 2012.

(309) Is féidir méid an chúitimh a shuí ar bhonn na gcostas agus na n-ioncam a bhfuil coinne leo, nó ar bhonn na gcostas agus na n-ioncam a tabhaíodh iarbhír, nó ar bhonn teaglaim den dá rud ([130]). Is éard a bheidh sna costais atá le cur san áireamh na costais uile arna dtabhú agus an SLEG á soláthar, a ríomhfar ar bhonn prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh go ginearálta leo. Ní chuirfidh Bainisteoir an Aerfoirt san áireamh ach na costais a bhaineann leis an SLEG, a bhféadfadh na costais dhíreacha uile a tabhaíodh agus an SLEG á feidhmiú agus ranníocaíocht chomhréireach leis na costais a bhaineann leis an SLEG agus le gníomhaíochtaí eile araon a bheith san áireamh iontu. Cuirfear costais infheistíochta san áireamh má tá dlúthbhaint acu le soláthar na ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an SLEG ([131]). Costais a bhaineann le gníomhaíochtaí nach dtagann faoi raon feidhme an SLEG, ní bheidh siad incháilithe do chúiteamh lena gcumhdaítear na costais dhíreacha uile, ranníocaíocht iomchuí le costais choiteanna ná toradh iomchuí ar chothromas ([132]). I bhfianaise a bhfuil thuas, is féidir teacht ar an gconclúid go n-urramaítear pointe 22 de Chreat SLEG 2012.

(310) Ní mór a áireamh san ioncam atá le cur san áireamh an t-ioncam iomlán arna thuilleamh ón SLEG ar a laghad, mar a shonraítear sa ghníomh iontaoibhe, agus na brabúis iomarcacha arna nginiúint ó chearta speisialta nó eisiacha fiú má tá siad nasctha le gníomhaíochtaí eile dá bhforáiltear i mír 45, gan beann ar cé acu a aicmítear nó nach n-aicmítear na brabúis iomarcacha sin mar státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) den Chonradh ([133]). Cuimseofar san ioncam atá le cur san áireamh chun an cúiteamh a chinneadh an t-ioncam ar fad a tuilleadh ó na gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an SLEG, gan beann ar cibé acu a aicmítear nó nach n-aicmítear an t-ioncam sin mar státchabhair de réir bhrí Airteagal 107 den Chonradh, agus aon bhrabús ó ghníomhaíochtaí eile Bhainisteoir an Aerfoirt seachas iad sin a bhaineann leis an SLEG ([134]). Comhlíontar an ceanglas sin.

(311) *Brabús réasúnach* ([135]). Ní cheadaíonn Cinneadh Réigiúnach mhí Dheireadh Fómhair 2014 do Bhainisteoir an Aerfoirt brabús réasúnta a fháil. Thairis sin, de réir an Doiciméid Réamhaisnéise Eacnamaíche dá dtagraítear in aithris 77, ní raibh coinne leis go mbeadh an t-aerfort brabúsach sa mheántéarma, gan trácht ar an tréimhse ó 2014 go 2019. Dá bhrí sin, comhlíontar pointí 33 go 38 de Chreat SLEG 2012.

(312) *Dreasachtaí éifeachtúlachta* ([136]). Tá forálacha i gCinneadh Réigiúnach mhí Dheireadh Fómhair 2014 atá dírithe ar laghdú ar an gcistiú poiblí a theastaíonn ó ATM a áirithiú sa mheántéarma. Sa chiall sin, luaitear nach mór do ATM plean gnó ilbhliantúil a chur isteach, ar cheart laghdú de réir a chéile ar chúiteamh a bheith mar thoradh air ([137]). Mar a léirítear i Tábla 5, bhí coinne sa phlean gnó le laghdú ar chúiteamh le himeacht ama. Ina theannta sin, sonraítear i gCinneadh Réigiúnach mhí Dheireadh Fómhair 2014 laghdú ar an maoiniú a sholáthraítear don aerfort. Comhlíontar an ceanglas sin ansin.

([130]) Pointe 22 de Chreat SLEG 2012.
([131]) Airteagal 4(9) de Chinneadh Réigiúnach mhí Dheireadh Fómhair 2014.
([132]) Airteagal 4(11) de Chinneadh Réigiúnach mhí Dheireadh Fómhair 2014.
([133]) Pointe 32 de Chreat SLEG 2012.
([134]) Airteagal 4(11) de Chinneadh Réigiúnach mhí Dheireadh Fómhair 2014.
([135]) Pointí 33 go 38 de Chreat SLEG 2012.
([136]) Pointí 39 go 43 de Chreat SLEG 2012.
([137]) Airteagal 5(14) de Chinneadh Réigiúnach mhí Dheireadh Fómhair 2014.

11.3.8. *Deighilt cuntas*

(313) De bhun phointe 44 de Chreat SLEG 2012, ba cheart cuntais ar leithligh a bheith ag Bainisteoir an Aerfoirt maidir leis na costais agus na hioncaim a bhaineann leis an SLEG agus le seirbhísí eile. Luaitear sa Chinneadh Réigiúnach ó mhí Dheireadh Fómhair 2014 go gcoinneoidh Bainisteoir an Aerfoirt cuntais ar leithligh le haghaidh na ngníomhaíochtaí i réimse SLEG ([138]). Dheimhnigh údaráis na Rómáine an deighilt éifeachtach idir cuntais le linn an imscrúdaithe. Dá bhrí sin, comhlíontar an ceanglas sin.

11.3.9. *Róchúiteamh*

(314) Leagtar amach i míreanna 47 go 50 de Chreat SLEG 2012 na forálacha chun róchúiteamh a sheachaint. I gcomhréir le hAirteagal 6 de Chinneadh Réigiúnach mhí Dheireadh Fómhair 2014, tá sé d'oibleagáid ar Bhainisteoir an Aerfoirt bunús a thabhairt leis an méid cúitimh a iarrtar agus nóta míniúcháin a ullmhú. Ina theannta sin, tá Stiúrthóireacht Eacnamaíoch Chomhairle Contae Mureș freagrach as an gcúiteamh a sheiceáil go tréimhsiúil. I gcás róchúitimh, féadfaidh an Chomhairle aisíocaíocht nó athbhreithniú a iarraidh ar na gníomhaíochtaí a bhaineann leis an SLEG ([139]). Ba cheart a mheabhrú, sa bhreis ar na coinníollacha foirmiúla a chomhlíonadh, go raibh caillteanas á dhéanamh ag an aerfort le linn na tréimhse faoi anailís, ionas nach bhféadfaí aon róchúiteamh de facto a dhéanamh. Dá bhrí sin, comhlíontar ceanglais róchúitimh Chreat SLEG 2012.

11.3.10. *Trédhearcacht*

(315) De bhun phointe 60 de Chreat SLEG 2012, ní mór don Bhallstát lena mbaineann faisnéis a fhoilsiú ar an idirlíon nó ar bhealaí iomchuí eile maidir leis an méid seo a leanas: torthaí an chomhairliúcháin phoiblí nó na n-ionstraimí iomchuí eile dá dtagraítear i bpointe 14 de Chreat SLEG 2012, ábhar agus fad na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí, an ghnóthais agus na críche lena mbaineann, na méideanna cabhrach a deonaíodh don ghnóthas ar bhonn bliantúil.

(316) Is gníomhartha de chuid Chomhairle Târgu Mureș iad an Cinneadh Réigiúnach ó mhí Dheireadh Fómhair 2014 ([140]) agus na cinntí lena bhformheastar buiséad bliantúil ATM agus tá siad ar fáil go poiblí ar a suíomh gréasáin. Leagtar amach in Airteagail 1, 2 agus 3 de Chinneadh Réigiúnach mhí Dheireadh Fómhair 2014 raon feidhme agus fad na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí, na heintitis lena mbaineann, agus an limistéar geografach a ndéantar difear dó. Ar an gcaoi chéanna, tá na Cinntí Réigiúnacha ina leagtar amach buiséad an aerfoirt do na blianta 2014 ([141])" 2015 ([142]), 2016 ([143])" 2017 ([144])" 2018 ([145]) agus 2019 ([146]), ina sonraítear na méideanna cabhrach a deonaíodh, ar fáil go poiblí freisin.

(317) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún go gcomhlíontar ceanglais trédhearcachta Chreat SLEG 2012.

11.3.11. *Conclúid maidir le comhoiriúnacht Bheart 4*

(318) Ar na cúiseanna a leagtar amach in aithrisí 286 go 298 11.3.4 thuas, measann an Coimisiún go bhfuil an chabhair do ATM ar bhonn Iontaobhas SLEG 2014 comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ar bhonn Airteagal 106(2) CFAE.

12. MEASÚNÚ AR BHEART 5 - MUIRIR AERFOIRT D'AERLÍNTE A OIBRÍONN AG ATM ÓN 21 MÁRTA 2013 GO DTÍ AN 16 FEABHRA 2019

12.1. **Cabhair a bheith ann**

(319) Tá prionsabail Airteagal 107(1) CFAE mar a leagtar amach in aithrisí 126 go 133, 137, 140, 143, 148 agus 149 infheidhme freisin chun measúnú a dhéanamh ar Bheart 5.

([138]) Airteagal 4(11) de Chinneadh Réigiúnach mhí Dheireadh Fómhair 2014.
([139]) Airteagal 6 de Chinneadh Réigiúnach mhí Dheireadh Fómhair 2014.
([140]) Le fáil ag: PROIECT (cjmures.ro).
([141]) Le fáil ag: hot016_2014.pdf (cjmures.ro).
([142]) Le fáil ag: PROIECT (cjmures.ro)
([143]) Le fáil ag: HOTĂRÂREA NR (cjmures.ro).
([144]) Le fáil ag: cjmures.ro/Hotariri/Hot2017/hot033_2017.pdf.
([145]) Le fáil ag: HOTĂRÂREA NR (cjmures.ro).
([146]) Le fáil ag: cjmures.ro/Hotariri/Hot2019/hot049_2019.pdf.

12.2. **Roghnaíocht**

(320) Chun teacht faoi raon feidhme Airteagal 107 CFAE, ní mór go mbeadh beart Stáit i bhfabhar '*gnóthais áirithe nó táirgeadh earraí áirithe*'. Dá bhrí sin, is iad na bearta sin atá i bhfabhar gnóthais a thugann buntáiste ar bhealach roghnaitheach, agus na bearta sin amháin, a thagann faoi choincheap na státchabhrach.

(321) Is cásdlí socair é go gceanglaítear leis an measúnú ar an gcoinníoll roghnaíochta go gcinnfear an bhfuil beart náisiúnta, faoi chóras dlí ar leith, i bhfabhar gnóthais áirithe nó táirgeadh earraí áirithe thar chinn eile atá, i bhfianaise an chuspóra a shaothraítear leis an gcóras sin, i staid fhíorasach agus dhlíthiúil inchomparáide. Chun scrúdú a dhéanamh ar roghnaíocht, ní mór sainmhíniú roimh ré a thabhairt ar an gcreat tagartha ar laistigh de a oireann an beart lena mbaineann ([147]). Níl beart roghnaitheach "*ach amháin más rud é, i gcomhthéacs córais dlí ar leith, go bhfuil sé d'éifeacht aige buntáiste a thabhairt do ghnóthais áirithe thar ghnóthais eile, in earnáil dhifriúil nó san earnáil chéanna, atá i bhfianaise an chuspóra atá á shaothrú ag an gcóras sin, i staid fhíorasach agus dhlíthiúil inchomparáide*." ([148]) Ní thagraíonn coincheap na státchabhrach do bhearta Stáit lena ndéantar idirdhealú idir gnóthais má eascraíonn an difreáil sin as cineál nó as struchtúr foriomlán an chórais ar cuid de iad ([149]).

(322) Ní gá i gcónaí gur beart roghnaitheach chun críocha Airteagal 107(1) CFAE beart lena leagann gnóthas poiblí síos na coinníollacha maidir le húsáid a chuid earraí nó seirbhísí ([150]). Ní dhéantar idirdhealú in Airteagal 107(1) CFAE idir bearta idirghabhála Stáit faoi threoir a gcúiseanna nó a n-aidhmeanna ach sainmhínítear iad i ndáil lena n-éifeachtaí, agus dá bhrí sin go neamhspleách ar na teicnící a úsáidtear ([151]).

(323) Rinneadh foráil sa Chinneadh Réigiúnach i mí Iúil 2012 maidir le córas bonnrátaí le haghaidh muirir aerfoirt ag ATM (Tábla 7). Áiríodh leis freisin lascainí ar na muirir ag brath ar líon na dtuirlingtí in aghaidh tréimhse ama ar leith (Tábla 8).

(324) Rinne feidhmeannaigh Bhainisteoir Aerfoirt ATM na muirir agus na lascainí aerfoirt i gCinneadh Réigiúnach mhí Iúil 2012 a mholadh, a mheasúnú agus a bhunú agus rinne a Bhord Stiúrthóirí iad a fhormheas (aithris 73). D'fhormheas Comhairle Contae Mureș na muirir agus na lascainí ansin.

(325) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún gur dhréachtaigh oibreoir ATM sceideal na dtáillí aerfoirt atá i gceist, agus cumhacht dá chuid féin á feidhmiú aige, agus nach raibh sé infheidhme ach amháin ag ATM amháin ([152]). Dá bhrí sin, ba é an sceideal aerfoirt lena leagtar síos muirir agus lascainí is infheidhme ag ATM a socraíodh le Cinneadh Réigiúnach mhí Iúil 2012 an creat tagartha ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a deonaíodh nó nár deonaíodh buntáiste roghnaitheach d'aerlínte, sa chiall gur tugadh fabhar dóibh thar aerlínte eile i gcás dlíthiúil agus fíorasach inchomparáide.

(326) Bhí córas na muirear aerfoirt ar oscailt do gach aerlíne a úsáideann ATM, nó ar dócha go n-úsáidfidh siad ATM agus a chomhlíonann na coinníollacha a thuairiscítear i gCinneadh Réigiúnach mhí Iúil 2012. Dá bhrí sin, ní cosúil go bhfuil an córas sin roghnaitheach *de jure* ná *de facto*.

(327) Ar an gcaoi chéanna, bhí na lascainí ar fáil do gach aerlíne a úsáideann ATM, nó ar dócha go n-úsáidfidh siad ATM, agus a chomhlíonann na coinníollacha a thuairiscítear i gCinneadh Réigiúnach mhí Iúil 2012. Dá bhrí sin, is cosúil nach bhfuil na lascainí *de jure* roghnaitheach.

(328) Rinne an Coimisiún tuilleadh anailíse ar cé acu a bhí nó nach raibh na lascainí dá bhforáiltear le Cinneadh Réigiúnach mhí Iúil 2012 roghnaitheach *de facto* trí thús áite a thabhairt, ó thaobh ex ante de, d'aerlínte áirithe a úsáideann ATM chun dochair d'aerlínte eile a úsáideann é.

(329) Rinne údaráis na Rómáine measúnú ar thionchar leibhéal na muirear aerfoirt agus na lascainí ar ioncaim ATM faoi chuimsiú na Réamhaisnéise Eacnamaíche a tarraingíodh suas le haghaidh na tréimhse 2011-2015 (féach aithris 77).

([147]) Breithiúnas na Cúirte (an Mór-Dhlísheomra) an 21 Nollaig 2016, *an Coimisiún v Hansestadt Lübeck ('Lübeck')*, C-524/14 P, ECLI:AE:C:2016:971, míreanna 40-67.

([148]) Lübeck, mír 58.

([149]) Lübeck, míreanna 40-67 agus an cásdlí a luaitear ann.

([150]) Ibid.

([151]) Ibid. Breithiúnas an 15 Samhain 2011, *an Coimisiún agus an Spáinn v Rialtas Ghiobráltar agus na Ríochta Aontaithe*, C-106/09 P agus C-107/09 P, ECLI:AE:C:2011:732, mír 87 agus an cásdlí a luaitear ann.

([152]) Lübeck, mír 62.

(330) Cuireadh san áireamh sa mheasúnú sin a rinneadh sular glacadh Cinneadh Réigiúnach mhí Iúil 2012 gur chuir trí aerlíne in iúl go raibh siad toilteanach seirbhísí sceidealaithe ó ATM a oibriú. Is é seo a leanas an toradh a bhí ar an meastachán tráchta a bhí beartaithe leis an anailís mhargaidh ó aersheirbhísí sceidealaithe):

Tábla 10

An líon uainíochtaí a bhfuil coinne leo in aghaidh na míosa 2013 - 2016

	WizzAir	Ryanair	Aer Patriot
2013	94	20	72
2014	132	48	72
2015	180	64	72
2016	220	100	72

Foinse: Údaráis na Rómáine

(331) Tugann an Coimisiún dá aire, an tráth a glacadh Cinneadh Réigiúnach mhí Iúil 2012, go raibh na haerlínte uile a raibh coinne leis go n-úsáidfidís ATM in ann tairbhe shuntasach a bhaint as na lascainí a cuireadh i bhfeidhm (ba lascaine 25 % a bhí sa sochar níos ísle) agus, go bhféadfadh dhá cheann de na trí aerlíne tairbhe a bhaint as an lascaine uasta 45 % fiú. Ós rud é go bhfuil na lascainí forchéimnitheach ar bhealach líneach agus go dtosaíonn siad ar leibhéal íseal (5 %) amhail ón líon beag tuirlingtí (3 cinn) áirithítear freisin nach bhfuil aon éifeacht shubstaintiúil tairsí ann: níl struchtúr an bhirt de chineál a fhágann go dtugann a éifeachtaí buntáiste suntasach do ghrúpa gnóthas ar leith. Chomh maith leis sin, ní féidir leis an gcritéar ar a mbraitheann na lascainí (líon na dtuirlingtí) roinnt aerlínte a eisiamh ón tairbhe (i gcomparáid le critéir eile amhail méid aerárthaí).

(332) Tugann an Coimisiún dá aire freisin go bhfuil na critéir lena gceadaítear leibhéal áirithe lascaine a fháil ginearálta agus infheidhme ar bhonn *erga omnes* ós rud é nach dtagraíonn sé ach do líon na n-uainíochtaí in aghaidh na míosa agus ní do chritéir a d'fhéadfadh a bheith fabhrach do chuideachtaí áirithe (e.g. minicíocht leordhóthanach, arna tomhas trí líon áirithe paisinéirí a shroicheadh in aghaidh na míosa nó trí aerárthach cabhlaigh de mhéid ábhartha a bheith acu arna thomhas trí eitiltí os cionn meáchan áirithe a oibriú le haerárthaí).

(333) Ar an mbonn sin, measann an Coimisiún gur cuireadh córas na muirear aerfoirt agus na lascainí i bhfeidhm ar bhealach neamhroghnaitheach freisin ó thaobh *de facto* de.

12.2.1. *Conclúid maidir le roghnaíocht*

(334) Measann an Coimisiún nach bhfuil aon roghnaíocht *de jure* ann, ós rud é nach bhforchuirtear le Cinneadh Réigiúnach mhí Iúil 2012 aon srian ar chur i bhfeidhm na lascainí, i dtéarmaí mhéid an aerárthaigh atá le húsáid, ná i dtéarmaí líon íosta na bpaisinéirí.

(335) Thairis sin, níl an beart *de facto* roghnaitheach ach oiread, ós rud é, mar a mhínítear in aithris 331, go bhféadfadh suas le trí aerlíne san iomlán, i.e. na haerlínte uile a bheadh ag oibriú seirbhísí tráthrialta ag an Aerfort sna blianta atá le teacht tairbhe shuntasach a bhaint as an lascaine agus nach bhfuil an critéar aonair chun tairbhe a bhaint as leibhéal áirithe lascaine i bhfabhar aon chuideachta ar leith.

(336) Leanann sé ón méid thuas nach gcomhlíonann Beart 5 coinníoll roghnaíochta Airteagal 107(1) CFAE.

12.2.2. *Conclúid maidir le Státchabhair a bheith ann*

(337) Is coinníollacha carnacha iad coinníollacha Airteagal 107(1) CFAE. Mura gcomhlíontar ceann amháin acu le beart atá á mheasúnú, ní státchabhair é an beart sin.

(338) Is é conclúid an Coimisiúin, dá bhrí sin, nach státchabhair a bhí i mBeart 5 de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

(1) Is státchabhair atá sa mhaoiniú poiblí arna dheonú ag an Rómáin do Bhainisteoir Aerfoirt Aerfort Târgu Mureș le haghaidh na dtréimhsí 2007 - 2009, 2011 - 2014 agus 2014 - 2019, státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

(a) Dheonaigh an Rómáin an maoiniú poiblí sa tréimhse 2007-2009 go neamhdhleathach de shárú ar Airteagal 108(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Tá an chabhair comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ar bhonn Airteagal 107(3), pointe (c), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

(b) Tá an maoiniú poiblí sa tréimhse 2011-2014 ar bhonn Iontaobhas SLEG 2011 comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ar bhonn Airteagal 106(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus díolmhaíodh é ón oibleagáid maidir le réamhfhógra a thabhairt roimh ré dá bhforáiltear in Airteagal 108(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

(c) Dheonaigh an Rómáin an maoiniú poiblí sa tréimhse 2014-2019 ar bhonn Iontaobhas SLEG 2014 go neamhdhleathach de shárú ar Airteagal 108(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Tá an chabhair comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ar bhonn Airteagal 106(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

(2) Is státchabhair atá sa mhaoiniú poiblí a chuir an Rómáin chun feidhme le haghaidh bonneagar láimhseála ar an talamh ag Aerfort Târgu Mureș in 2011, státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus dheonaigh an Rómáin go neamhdhleathach é de shárú ar Airteagal 108(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Tá an chabhair comhoiriúnach leis an margadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 107(3), pointe (c), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

(3) Ní státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh iad na muirir aerfoirt is infheidhme ag Aerfort Târgu Mureș ón 21 Márta 2013 go dtí an 16 Feabhra 2019.

Airteagal 2

Is chuig an Rómáin a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Feabhra 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Teresa RIBERA
Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin